# Port Láirge:


# Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029



Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

An Gníomhú ar son na hAeráide

Comhairle Cathrach
& Contae Phort Láirge



Climate Action

A Smarter, Greener Waterford

Márta 2024

# Ráiteas an Phríomh-Fheidhmeannaigh

Is ionann na bearta atá le déanamh chun astaíochtaí na ngás ceapa teasa a laghdú, chomh maith le hullmhú don athrú aeráide, ná na dúshláin is sainiúla lenár linne. Tá sé beartaithe ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge a cion den obair a dhéanamh sa dúshlán so tríd an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029 a sheachadadh. Féachaimid, an Chomhairle, ar an ndushlán so mar dheis ar éirí níos éifeachtúla ó thaobh an fhuinnimh de, deis ar scileanna agus seirbhísí a fhorbairt agus deis ar shláinte agus folláine mhuintir Phort Láirge a fheabhsú.

Mar chomhlacht earnála poiblí, ní foláir dúinn feidhm cheannaireachta a chomhlíonadh chun gníomhú foreathan ar son na haeráide a shaothrú inár bhfoirgnimh, inár n-iompar, inár ndramhaíl, agus inár n-úsáid fuinnimh, chomh maith le tionchar a imirt ar an tsochaí i gcoitinne. Cuimsíonn spriocanna na hEarnála Poiblí laghdú 51% fén mbliain 2030 a dhéanamh ar astaíochtaí Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge féin agus méadú a dhéanamh ar an éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí ó sprioc tosaigh 33% sa bhliain 2020 go dtí 50% fén mbliain 2030. Tá na spriocanna so le baint amach againn le linn dúinn an litearthacht aeráide a mhéadú san earnáil phoiblí, an soláthar poiblí glas a chur i ngníomh, agus iarfheistiú a dhéanamh i bhfoirgnimh na hearnála poiblí. Oibreoimid i gcomhar le heagraíochtaí agus grúpaí ar fud na Cathrach agus ar fud an Chontae chun éascaíocht a dhéanamh ar laghdú na n-astaíochtaí agus trínár mbonneagar reatha a chur in oiriúint sa chaoi go mbeidh sé díonach ar an adhaimsir.

Mar ár gCrios sainithe um Dhícharbónú, cuirfear béim fé leith ar Chathair Phort Láirge. Oibreoimid le chéile chun an Chéad Chathair in Éirinn atá Neodrach ó Thaobh an Charbóin de a dhéanamh den chéad chathair a tógadh in Éirinn. Seo iarracht a chuimseoidh sinn ar fad, agus tá Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge bródúil go bhfuil sí ar thús cadhnaíochta maidir leis an gcúram so. Tar isteach linn, agus sinn ag féachaint le Port Láirge a chruthú a bheidh ar bheagán carbóin, éifeachtúil ó thaobh an fhuinnimh de, agus díonach ó thaobh na haeráide de.



**Michael Walsh**
Príomh-Fheidhmeannach na Comhairle Cathrach & Contae

# Ráiteas an Mhéara

Bíonn ár gcion féin le déanamh againn go léir nuair a thosnaíonn an obair chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. Féadfaidh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge cabhrú ina cuid oibre le daoine eile a gcuid astaíochtaí a laghdú agus san am céanna an fuinneamh a úsáidtear inár gcuid oibríochtaí féin a laghdú.

Thairis sin, tá feidhm thábhachtach le comhlíonadh ag an gComhairle ó thaobh ullmhú a dhéanamh don adhaimsir. Caithfear an t-athrú aeráide a bhreithniú maidir le gach tionscadal as so amach, chun deimhin a dhéanamh de go mbeimid chomh héifeachtúil agus is féidir agus chun tionchar na bpatrún aimsire san am le teacht a laghdú.

Beidh tiomantas fhoireann na Comhairle, tiomantas bhaill thofa na Comhairle, tiomantas na rann rialtais agus tiomantas mhuintir uile Phort Láirge ag teastáil chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. Téann an gníomhú ar son na haeráide chun tairbhe dúinn go léir, ó thaobh an gheilleagair de toisc go mbeidh níos lú airgid á chaitheamh againn ar bhreoslaí iontaise a fhoinsítear as tíortha eile, ó thaobh na sláinte de toisc go sealbhaímid aer níos glaine agus a thuilleadh deiseanna ar a bheith gníomhach, agus ó thaobh cúrsaí sóisialta de toisc gurb ann do thairbhí a eascraíonn as na spásanna glasa a fhónann do mheabhairshláinte na ndaoine agus as na tionscadail phobail a chothaíonn spiorad an phobail.

Deinimid na hathruithe seo i bPort Láirge agus sinn eolach go nglacaimid páirt i líonra náisiúnta agus idirnáisiúnta eagraíochtaí agus údarás áitiúil a oibríonn i dtreo todhchaí a bheidh sláintiúil agus inbhuanaithe do gach saoránach.



**An Comhairleoir Jon Conway**
Méara Chathair & Chontae Phort Láirge

## Gluais Téarmaí

**Taisteal Gníomhach:** Ag siúl, ag rothaíocht nó ag baint úsáide as cathaoir rothaí chun turais a dhéanamh chun na hoibre, chun na scoile nó chun na siopadóireachta.

**Oiriúnú:** Gníomhartha lena laghdaítear na priacail ó éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide.

**RFF/BER:** Rátáil Fuinnimh Foirgnimh arb é is brí leis ná deimhniú lena ndeintear rátáil ar an bhfeidhmíocht a bhíonn ag foirgneamh ó thaobh an fhuinnimh de.

**Pasanna Foirgnimh:** Próiseas chun feabhsuithe breisíocha ar RFF (BER) a aithint.

**Ceapadh Carbóin:** Stóráil fhadtréimhseach an charbóin i bplandaí nó in ithreacha.

**Geilleagar Ciorclach:** Geilleagar ina n-úsáidtear míreanna arís agus arís eile, rud lena laghdaítear na hastaíochtaí a bhaineann le míreanna nua a chruthú.

**Fuinneamh Geoiteirmeach:** Fuinneamh a stóráiltear go nádúrtha laistigh den talamh ar féidir leas a bhaint as chun foirgneamh a théamh.

**Soláthar Poiblí Glas (SPG/GPP):** An próiseas trína bhféachann údaráis áitiúla le hearraí, le seirbhísí nó le hoibreacha a fhoinsiú sa chaoi go ndeintear san le droch-iarmhairt laghdaithe ó thaobh na timpeallachta de.

**Banna Glas:** Cineál infheistíochta arna ghlacadh ag comhlacht poiblí nó comhlacht príobháideach go sonrach chun tionscadail ghlasa a chistiú.

**Iarmhairt Teasoileáin:** Féith na gcathracha agus na limistéar uirbeach chun a bheith níos teo ná limistéir tuaithe mar gheall ar dhifríochtaí maidir le húsáid na talún.

**OPH/HVO:** Ola Phlandúil Hidreachóireáilte, cineál Bithbhreosla arna dhéanamh as barra agus ola chócaireachta úsáidte. Is féidir í a úsáid mar mhalairt ar bhreosla díosail.

**ÚÁ/LA:** Giorrúchán ar Údarás Áitiúil, rud lena dtagraítear sa cháipéis seo do Chomhairlí Cathrach agus/nó Contae de ghnáth.

**PÁEP/LECP:** Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail, plean údaráis áitiúil chun a fhorbairt eacnamaíoch agus a fhorbairt phobail a shaothrú.

**DAS/LED:** Dé-óid Astaithe Solais, cineál soilsiúcháin a fhéadann a bheith suas le 75% níos éifeachtúla ó thaobh an fhuinnimh de ná cineálacha traidisiúnta bolgáin.

**Leabharlann Rudaí:** Seirbhís a cheadaíonn do dhaoine den phobal rudaí a fhéadfaidh a bheith de dhíth orthu go ceann tamaill ghairid a fháil ar iasacht, chun ceannacháin neamhriachtanacha a sheachaint.

**Anailís ar Shaolré:** Córas chun meastachán a dhéanamh ar na hiarmhairtí timpeallachta a bheidh ag táirge, lena n-áirítear a chruthú, a úsáid, agus a dhiúscairt.

**Maolú:** Gníomhartha a laghdaíonn astaíochtaí na ngás ceapthe teasa.

**Tréscaoilteacht:** Fairsingiú a dhéanamh ar a mhéid a fhéadfaidh daoine siúl agus rothaíocht a dhéanamh laistigh de na limistéir uirbeacha trí thrébhealaí a oscailt agus trí chosáin a fheabhsú.

**Cathair/Sráid Spraíúil:** Tionscnamh ina gcruthaítear limistéir uirbeacha shábháilte do pháistí/do theaghlaigh chun súgradh iontu, mar aon le cead isteach teoranta ag gluaisteáin in áiteanna áirithe ar feadh tréimhsí áirithe.

**Iarfheistiú:** Athruithe a dhéanamh ar fhoirgnimh atá ann cheana d'fhonn iad a dhéanamh níos éifeachtúla ó thaobh an fhuinnimh de.

**Clár Priacal:** Cáipéis a úsáidtear chun priacail fhéideartha laistigh d'eagraíocht a shainaithint agus a rianú.

**Pobail Fhuinnimh Inbhuanaithe:** Clár arna reáchtáil ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ/SEAI) lena gceanglaítear agus lena neartaítear pobail ar leith a dteastaíonn uathu éirí níos éifeachtúla ó thaobh an fhuinnimh de.

**Córais um Dhraenáil Uirbeach Inbhuanaithe (CDUI/SUDS):** Córais draenála lena ndeintear aithris ar chórais nádúrtha chun tuilte uisce dromchla a laghdú, caighdeán an uisce a fheabhsú agus an bhithéagsúlacht a bhreisiú.

**Rothair IDÉ/TFI:** Scéim ó Iompar d'Éirinn lena soláthraítear rothair a bhíonn le fáil ar cíos ar fud na hÉireann.

**BIÉ/TII (Bonneagar Iompair Éireann):** Comhlacht Stáit atá freagrach as líonraí náisiúnta bóithre agus iarnróid éadroim na tíre a bhainistiú agus a fheabhsú.

**CAFU/URDF (Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach):** Ciste atá dírithe ar fhorbairt níos dlúithe agus níos inbhuanaithe a sheachadadh trí thionscadail athghiniúna i limistéir uirbeacha a mhaoiniú.

**CCCPL/WCCC:** Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge.

# Clár


**1. Forléargas ar an Athrú Aeráide, a shuntas, a thionchair agus a phriacail d'Éirinn 5**

1.1 An tAthrú Aeráide agus Éire 7
1.2 An tAthrú Aeráide agus Port Láirge 7
1.3 Comhthéacs Reachtaíochta agus Beartais an Athraithe Aeráide 8
1.4 An Gá le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 9
1.5 Struchtúr an Phlean Ghníomhaithe ar son na hAeráide (PGA/CAP) 10
1.6 Gníomharrtha SICRU/SMART 10
1.7 Measúnacht Timpeallachta 10

**2. Próifíl ar Chontae Phort Láirge 11**

2.1 Comhairle Contae Phort Láirge mar Sholáthraí Seirbhíse 12
2.2 Samplaí den Ghníomhú ar son na hAeráide i bPort Láirge 13

**3. An Gníomhú ar son na hAeráide ar Bhonn Fianaise 14**

3.1 Tábhacht na Pleanála Gníomhaithe ar son na hAeráide ar Bhonn Fianaise 15
3.2 Achoimre ar Phriacail Phort Láirge maidir leis an Athrú Aeráide 15
3.3 Achoimre ar Phróifíl Astaíochtaí Reatha Chontae Phort Láirge 21
3.4 Achoimre ar an gCrios um Dhícharbónú 23
3.5 Achoimre ar Phróifíl Astaíochtaí Reatha Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge 24

**4. Creat na nGníomhartha ar son na hAeráide 25**

4.1 Ceapadh na nGníomhartha 26
4.2 Fís an Phlean 27
4.3 Misean an Phlean 27
4.4 Spriocanna Straitéiseacha agus Cuspóir 27

**5. Cathair Phort Láirge - An Crios um Dhícharbónú 44**

5.1 Achoimre ar phróifíl astaíochtaí Chrios Phort Láirge um Dhícharbónú 45
5.2 An Fhís i dtaca le Crios Chathair Phort Láirge um Dhícharbónú 46
5.3 An Clár Deiseanna 47
5.4 Gníomhartha 48

**6. Cur i nGníomh agus Tuairisceoireacht 56**

6.1 Pleanáil don Chur i nGníomh 57
6.2 Maoiniú agus Comhpháirtíochtaí 57
6.3 Dul Chun Cinn a Rianú trí Phríomhtháscairí Feidhmíochta 58
6.4 Ceanglais agus Socruithe Tuairisceoireachta 59




# 1. Forléargas ar an Athrú Aeráide, a shuntas, a thionchair agus a phriacail d'Éirinn



Tagraíonn an t-athrú aeráide don bhogadh ar theochtaí domhanda agus ar phatrúin aimsire. Tharla na hathruithe dá leithéid go nádúrtha ar feadh na mílte bliain. D'eascraíodar as tarlúintí mar bhrúchtaí bolcánacha, oighearaoiseanna agus gluaiseacht screamh an domhain. Ón réabhlóid thionsclaíoch sa naoú haois déag, áfach, tá méadú suaithinseach tagtha ar an minicíocht a bhaineann leis na hathruithe seo. Is iad na gníomhaíochtaí daonna amhail dó na mbreoslaí iontaise na príomhfháthanna leis an athrú aeráide.


Scaoiltear gáis cheaptha teasa nuair a dhóitear breoslaí iontaise agus scaoiltear iad ó ghníomhaíochtaí eile freisin. Idirghníomhaíonn na gáis seo le teas ón ngrian. I ngnáthdhálaí, tagann solas na gréine isteach inár n-atmasféar i rith an lae agus deineann sé ár bplainéad a théamh. Scaipeann an teas so go nádúrtha san oíche de réir mar a éiríonn an talamh fuar. Mar sin féin, de dheasca an mhéadaithe ar an ngás ceaptha teasa, a shealbhaíonn airíonna inslithe, tá an próiseas nádúrtha so athraithe go dtí staid ina dtarlaíonn níos mó téimh ná fuarú. Rud a mhéadaíonn teocht ár bpláinéid, agus dá réir sin rud a bhíonn ina chúis leis an athrú aeráide.[1]

Sa bhliain 2023, chonacthas tonnta teasa sa Fhrainc, sa Spáinn, san Iodáil agus sa Ghréig. Tharla breis agus 60,000 bás a bhaineann le teas sa bhliain 2022 ar fud na hEorpa[2]. I mbuaicphointe na toinne teasa sa bhliain 2023 chonacthas teochtaí marthanacha de bhreis ar 45°C.

Ba é an toradh a tháinig air seo ná ganntanas uisce, cailliúint agus díláithriú na bithéagsúlachta, laghdú ar bharra, aslonnú ar limistéir leochaileacha and dálaí an diantriomaigh. Laistigh den chreat céanna ama, tharla báisteach throm agus tuilte san Áise agus ba é an deireadh leis ná gur deineadh díobháil mhór don bhonneagar agus gur tharla cailliúint beatha agus in Éirinn cláraíodh an Mhí Iúil ab fhliche ar an dtaifead. Tá iarmhairtí na hadhaimsire ag éirí níos luainí. Tá bás níos mó daoine, drochiarmhairtí ar tháirgeadh an bhia agus dochar ar scála i bhfad níos mó do bhonneagar ríthábhachtach ag leanúint mar thoradh ar an adhaimsir.

Is í meánteocht dhromchla an domhain ná thart ar 1.1°C níos teo anois ná mar a bhí sí roimh an réabhlóid thionsclaíoch[3]. Má leanaimid orainn ag dul an bealach céanna agus gan aon ghníomh nó beagán gnímh déanta againn, sroisfimid méadú ar theocht dhomhanda de 2.8°C fé dheireadh an chéid seo[4], rud a bheidh ina thrúig bháistí foircní níos mó i gceantracha áirithe agus a thuilleadh triomaigh agus a thuilleadh falscaithe i gceantracha eile. Tá 2.8°C beagnach a dhá oiread níos mó ná teorannú teochta Chomhaontú Pháras 2015, atá ina cheanglas dlí agus arb é an cuspóir uileghabhálach leis ná "…an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choimeád ar leibhéal atá go mór fé bhun 2°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch" agus gabháil d'iarrachtaí "ar an méadú teochta a theorannú do 1.5°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch."[5] (is ionann 1.5°C agus méadú 10.7% ar an dteocht i gcomparáid leis an dtréimhse 1951 -1980).

Aimhrialtachtaí Teochta (C) ar Oileán na hÉireann (difríocht ó 1961-1990)



Fíor 1. Aimhrialtachtaí Teochta (C) ar Oileán na hÉireann (Met Éireann)

1 https://www.ipcc.ch/report/ar6/wg1/resources/climate-change-in-data/

2 Ballester, J., Quijal-Zamorano, M., Méndez Turrubiates, R.F. et al. Básmhaireacht a bhaineann leis an dteas san Eoraip i rith shamhradh na bliana 2022. Nat Med 29, 1857–1866 (2023). https://doi.org/10.1038/s41591-023-02419-z

3 An Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC), 6ú Tuarascáil Mheasúnachta, Meitheal 1, Preasráiteas, < https://www.ipcc.ch/2021/08/09/ar6-wg1-20210809-pr/ >

4 Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe, Tuarascáil ar an mBearna Astaíochtaí 2022 < https://www.unep.org/resources/emissions-gap-report-2022 >

5 UNFCCC (Creat-Choinbhinsiún na Naisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide), Comhaontú Aeráide Pháras (2015) < https://unfccc.int/documents/9097 >

## 1.1 An tAthrú Aeráide agus Éire

Tá aeráid na hÉireann ag athrú de réir na dtreochtaí domhanda. Táimid thar a bheith so-ghabhálach, mar náisiún oileánda, áfach, i leith iarmhairtí leibhéal na mara a bheith ag ardú agus tuilte. I dtaca leis an dtréimhse 2006-2015 de, d'ardaigh leibhéil dhomhanda na mara de 3.6mm in aghaidh na bliana, atá thart ar a 2.5 oiread níos mó ná an ráta idir 1901-1990[1]. Tá mórchathracha na hÉireann, agus mórán bailte rathúla suite ar an gcósta nó i gcóngar an chósta agus is féidir go raghaidh an t-ardú ar leibhéal na mara i bhfeidhm ar na bailte agus cathracha san. Mar aon leis na tionchair dhíreacha timpeallachta a bhaineann leis an ardú ar leibhéal na mara, is ann do bhuarthaí sóisialta agus geilleagracha is gá a chur san áireamh. Ina theannta san, is dealraitheach go méadóidh teagmhais tuilte báistiúla (tuilte báistí) agus tuilte srutha (tuilte abhann).

Áirítear le hiarmhairtí eile an athraithe aeráide a shainaithnítear d'Éirinn:

- Méadú ar imeachtaí adhaimsire.
- Drochiarmhairtí ar dháileadh an fhlóra agus ar dháilleadh an fhána agus ar a ngnáthóga bainteacha
- Strus uisce ar bharra, an iomad uisce nó gan a dhóthain uisce, agus brúnna ar sholáthar an uisce
- Méadú ar éagsúlacht na raonta teochta (an samhradh níos teo, an geimhreadh níos fuaire)

Ní liosta iomlán atá sa liosta so d'iarmhairtí féideartha an athraithe aeráide. Tá minicíocht agus déine na n-imeachtaí seo fé réir na héiginnteachta. Le blianta beaga anuas, táimid tosnaithe ar a thuilleadh dálaí neamhrialta aimsire a thaithí. Tá teagmhais antoisceacha gaoithe, teasa, fuachta agus báistí feicthe, agus tá an iliomad iarmhairtí éagsúla ag baint leo.

Ba í Mí an Mheithimh 2023 an mhí ba theo dá raibh riamh ann ar domhan de réir an taifid oifigiúil[2]. In Éirinn, bhí formhór na léamha teochta ó na stáisiúin aimsire go maith níos mó ná a meán fadtréimhseach.

Ina theannta san, téann na teochtaí ardaitheacha i bhfeidhm ar ár n-aigéin. Breathnaíodh tonn teasa muirí de chatagóir 4 amach ó chósta na hÉireann i Meitheamh 2023. Tá ár n-aigéin ag gníomhú mar "stór mór teasa" ár bpláinéid agus tá breis agus 90% den fharasbarr teasa, atá gafa ag na gáis cheaptha teasa, súite isteach ag na haigéin. Ós rud é go bhfuil ardú tagtha ar na teochtaí, áfach, tá an próiseas dulta ar lánluas agus tonnta teasa muirí ag tarlúint dá dheasca san.

Ar na drochthorthaí leis na teochtaí a bheith ag ardú sa mhuir tá díláithriú mínádúrtha na n-iasc, tuaradh an choiréil, cur isteach ar an mbiashlabhra agus bláis algacha. Breathnaíodh go raibh na huiscí in iardheisceart na hÉireann ar 17.4°C, beagnach 4°C níb airde ná meánteocht Mhí an Mheithimh[3].

Taispeánann teochtaí gan fasach an tSamhraidh 2023 in Éirinn an gá le gearradh práinneach ar astaíochtaí na ngás ceaptha teasa.

## 1.2 An tAthrú Aeráide agus Port Láirge

Uaireanta braitheadh go fíordhona i bPort Láirge na hiarmhairtí ginearálta ar aeráid na hÉireann. Mar chontae ar an gcósta, is ann do phriacal na dtuilte cois cósta nuair a bhíonn báisteach throm, lán mara agus gaoth mhór ann agus is minic atá a leithéid tite amach le blianta beaga anuas. Is ábhar imní é creimeadh an chósta sa Trá Mhór, sa Phasáiste, i nDún Mór, agus i nDún Garbhán. Toisc an Abhainn Mhór, An Bhearú, An Bhríd agus an tSiúir a bheith go léir ag sreabhadh tríd an gcontae, féadann iarmhairtí forleathana millteacha a bheith ag tuilte sa chontae.

Tá méadú tagtha ar a mhinice a shéideann gaoth mhór in Éirinn le deich mbliana anuas agus ar a mhinice a leanann torthaí scriosacha de dheasca na gaoithe móire. Bhí Stoirm Barra ar cheann de na teagmhais ba mheasa a bhuail Port Láirge le déanaí (Mí na Nollag 2021). Bhí rabhadh aimsire ar stádas dearg ó Mhet Éireann a chiallaigh "baol don bheatha" ag baint le Stoirm Barra. Tharla bullaí uasta gaoithe suas le 135km/h i gceantracha cósta agus bhí méanluasanna faidréiseacha gaoithe os cionn 100km/h ann. Bhí sé ina chúis le crainn leagtha, bacadh ar phríomhbhealaí iompair, tuilte in áiteanna, cailliúint na cumhachta go forleathan do ghnólachtaí agus do theaghlaigh, dochar struchtúrach d'fhoirgnimh agus do dhroichid agus dálaí guaiseacha i gcoitinne. Dúnadh na scoileanna go léir. Cuireadh pleananna éigeandála i bhfeidhm i rith an imeachta chun a chinntiú gur oibrigh seirbhísí éigeandála na Comhairle, na seirbhísí áitiúla éigeandála agus na seirbhísí áitiúla sláinte go héifeachtach i gcomhar le chéile d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna go tráthúil agus go caothúil.

Tá teochtaí foircneacha, idir the agus fhuar, ag dul chun donachta ar fud na hÉireann. Bhí dálaí toinne teasa sa tír in Iúil agus Lúnasa 2022. Sainmhnítear tonn teasa mar thréimhse fhaidréiseach ardteasa os cionn 25°C thar thréimhse 5 lá. I mbuaic na toinne teasa, shrois an teocht i bPort Láirge pointe chomh hard le 30.1°C. Ar na priacail atá ag baint le tréimhsí faidréiseacha teasa tá sciorradh biotúmain ar bhealaí iompair, brú ar chórais uisce, priacal ardaithe falscaithe agus priacail sláinte do dhaoine leochaileacha den phobal. Ar an dtaobh eile den scéal, tharla tréimhse fhuar i Mí na Nollag 2022 ina raibh an teocht an-fhuar le ceo seaca, oighear dubh agus sneachta. Thit an teocht go dtí -8°C sa dara seachtain den mhí. Chuaigh sé seo i bhfeidhm ar bhealaí iompair, oibríochtaí agus leanúnachas gnó chomh maith le fearadh ar dhreamanna leochaileacha den tsochaí.

1. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC/EPA), "Cén Iarmhairt a Bheidh ag an Athrú Aeráide ar Éirinn?" < https://www.epa.ie/environment-and- you/climate-change/what-impact-will-climate-change-have-for-ireland/ >
2. RTE, "Thaithigh an Domhan an Meitheamh is teo ar an dtaifead: Monatóir Aeráide an AE" < https://www.rte.ie/news/world/2023/0706/1393053-climate-temperatures/ >
3. Met Éireann, "Tonn Teasa Muirí 2023 – Rabhadh don Am le Teacht" < https://www.met.ie/marine-heat-wave-2023-a-warning-for-the-future >

# 1.3 Comhthéacs Reachtaíochta agus Beartais an Athraithe Aeráide

Is ann do roinnt mhaith beartas agus dlíthe maidir leis an athrú aeráide a bhfuil sé mar aidhm acu an cúrsa fadtréimhseach a réiteach ó thaobh an ghníomhaithe ar son na haeráide. Bíonn éagsúlacht ar raon na gcáipéisí agus cuimsíonn siad Comhaontuithe Idirnáisiúnta, Treoracha agus Beartais Eorpacha, chomh maith le Reachtaíocht Náisiúnta. Déanfaidh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge (CCCPL/WCCC) beartas agus reachtaíocht an rialtais náisiúnta a chur i ngníomh agus a chomhlíonadh agus féachfaidh sí lena chinntiú go ndéanfaidh Port Láirge a chion féin den obair chun go mbainfidh Éire a spriocanna uaillmhianacha aeráide amach.

## 1.3.1. Dlí agus Beartas Idirnáisiúnta agus an Aontais Eorpaigh

Ní foláir d'Éirinn deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonfar an dlí agus beartas Eorpach agus an dlí agus beartas Idirnáisiúnta[1]. Ar áireamh anso tá cur i ngníomh Spriocanna na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe (SFI/SDG). Cuirtear ar fáil sna 17 gcinn de SFI/SDG na Náisiún Aontaithe treoirphlean comhroinnte i gcomhair na síochána agus i gcomhair an rathúnais, i leith na ndaoine agus i leith an phláinéid. Baineann Sprioc 13 go díreach leis an athrú aeráide agus le gníomhú go práinneach chun dul i ngleic leis. Is gá Spriocanna na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe a chumhdach i mbeartais náisiúnta chun a chinntiú go sroisfear na huaillmhianta uilechoiteanna agus nach bhfágfar aon duine ar deireadh.

Cáipéis thábhachtach idirnáisiúnta eile i ndáil leis an athrú aeráide agus i ndáil le forbairt na ngníomhartha is ea Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaistí 2015-2030. Leagtar amach sa Chreat so cuspóir uileghabhálach chun "…laghdú substainteach a dhéanamh ar phriacal na dtubaistí agus cailliúintí beatha, slí bheatha agus sláinte i sócmhainní geilleagracha, fisiciúla, sóisialta, culltúrtha agus timpeallachta na ndaoine, na bpobal, na ngnólachtaí agus na dtíortha."[2] Aithnítear an príomhchion feidhme a bhíonn á chomhlíonadh ag údaráis áitiúla ó thaobh na priacail a laghdú laistigh dá limistéir trína n-úsáid chuí de chumhachtaí acmhainní agus cinnteoireachta.

Ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip creat uaillmhianach um beartas aeráide. Déanfaidh gach Ballstát a chion den obair chun laghdú 55% ar astaíochtaí na ngás ceaptha teasa a bhaint amach fén mbliain 2030 i gcomparáid le leibhéil na bliana 1990 agus chun an chéad "bhloc atá neodrach ó thaobh an charbóin de" a dhéanamh den Eoraip fén mbliain 2050[3]. Comhchuid thábhachtach den Chomhaontú is ea Dlí Aeráide na hEorpa, atá curtha i ngníomh chun sprioc neodrachta aeráide na bliana 2050 a neadú sa reachtaíocht. Ar na saincheisteanna eile atá le cíoradh laistigh den Chomhaontú tá astaíochtaí idirmheánacha na ngás ceaptha teasa a leagan amach don Eoraip ("Oiriúnach do 55"), cur i ngníomh ar straitéis oiriúnúcháin aeráide agus Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030.

## 1.3.2. Dlí agus Beartas Náisiúnta

Sa bhliain 2019, deineadh d'Éirinn an dara tír ar domhan a d'fhógair go raibh éigeandáil bhithéagsúlachta agus aeráide ann. Dhá bhliain ina dhiaidh, deineadh dlí den chéad mhír reachtaíochta aeráide a bhí ina cheanglas dlíthiúil in Éirinn. Deintear foráil san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, don chéad uair riamh, maidir le sprioc i dtaca le hastaíochtaí CO2 ar ceangal de réir dlí í. Ceanglaítear leis an Acht ar an Stát go mbainfear amach laghdú 51% ar astaíochtaí na ngás ceaptha teasa fén mbliain 2030 agus neodracht ó thaobh na haeráide de fén mbliain 2050.



1 UN SDGs (Spriocanna na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe < https://sdgs.un.org/goals >
2 Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaistí 2015-2030 < https://unece.org/sendai-framework >
3 Coimisiún an AE, "An Comhaontú Glas don Eoraip" < https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/european-green-deal_en >

Chun deimhin a dhéanamh de dhul chun cinn ar na spriocanna so, tá Plean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide foilsithe agus tá sé á thabhairt bord ar bhord leis an eolas is déanaí ar bhonn bliantúil. Liostaítear sa Phlean breis agus 400 gníomh atá riachtanach chun spriocanna na mblianta 2030 agus 2050 a bhaint amach. Tá teorainneacha astaíochtaí leagtha amach ann i gcomhair na mórearnálacha, ina measc iompar, leictreachas, talmhaíocht agus an earnáil phoiblí.

Is é cúram na Comhairle Comhairlí um an Athrú Aeráide (CCAA/CCAC) buiséid charbóin a dhréachtú i gcomhair na n-earnálacha so. Dréachtóidh an Chomhairle, agus í comhdhéanta de ceathrar déag saineolaithe i réimsí na clíomeolaíochta, na meitéareolaíochta agus na heolaíochta, buiséad uair i ngach cúig bliana ar a laghad, fé mar atá ina cheanglas reachtúil. Ansan raghaidh an buiséad os comhair an rialtais lena fhaomhadh agus lena chur i ngníomh. Is iad na chéad trí bhuiséad carbóin ná iad so a leanas[1]:

- 2021-2025: 295 Mt $CO_2$ eq.(295 meigeathonna de choibhéis dé-ocsaíde carbóin) -4.8% ar an meán i leith na chéad thréimhse bhuiséid
- 2026-2030: 200 Mt $CO_2$ eq. (200 meigeathonna de choibhéis dé-ocsaíde carbóin) -8.3% ar an meán i leith an dara tréimhse bhuiséid
- 2031-2035: 151 Mt $CO_2$ eq. (151 meigeathonna de choibhéis dé-ocsaíde carbóin) -3.5% ar an meán i leith an tríú buiséad sealadach

Déanfar athbhreithniú ar na buiséid seo go tráthrialta chun a chinntiú go leanfaid de bheith ag teacht le sprioc fhadtréimhseach na bliana 2050 maidir leis an neodracht ó thaobh an charbóin de. Tuairisceoidh an Chomhairle Chomhairleach ar easnaimh agus ar bharraíochtaí na mbuiséad agus féadfaidh sí an chuntasacht a chur ar an rialtas i gcás inar gá san.

### 1.3.3. Beartas Áitiúil


Sainaithníodh na hÚdaráis Áitiúla fén gCreat Náisiúnta Oiriúnúcháin 2018 mar phríomhthiománaithe ar an ngníomhú ar son na haeráide. D'fhorbair gach Údarás Áitiúil ina dhiaidh sin a Straitéis Oiriúnúcháin Aeráide sa bhliain 2019. Deineadh suíomh na nÚdarás Áitiúil a neartú a thuilleadh trí shíniú na Cairte Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Údaráis Áitiúil. Ceanglaítear leis an gCairt ar an Údarás Áitiúil faireachán, meastóireacht agus tuairisceoireacht a dhéanamh ar chur i ngníomh na ngníomhartha ar son na haeráide ar bhonn bliantúil. D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRA/LGMA) an chéad straitéis uile-earnálach ar son na haeráide sa bhliain 2021[2]. Ceanglaítear le Gníomh Éifeachtach ar son na hAeráide á Sheachadadh (GÉAS/DECA) ar gach Údarás Áitiúil gníomhú fadtréimhseach ar son na haeráide a dhéanamh agus feidhm cheannaireachta a ghabháilt air laistigh dá limistéar. Tá an straitéis seo ag teacht leis an gCairt agus leis an bPlean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide. Sealbhaíonn gach gníomh i gCaibidil 4 agus i gCaibidil 5 sa phlean so sprioc ghaolmhar as an straitéis um Ghníomh Éifeachtach ar son na hAeráide á Sheachadadh (GÉAS/DECA).

## 1.4 An Gá le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide

Baineann ríthábhacht lena bheith ag plé go cinntitheach leis an athrú aeráide chun críche áirithiú a dhéanamh ar shaol inmharthana do na glúine sa todhchaí agus soláthar a dhéanamh ar thimpeallacht shláintúil dúinn go léir inniu. Tá bac á chur cheana ar chórais aimsire ag an aeráid atá ag éirí níos teo go mínádúrtha, agus dochar á dhéanamh aici do ghnáthóga nádúrtha agus daoine ar fud an domhain á gcur as a n-áit aici. Is tréimhse na ndúshlán mór atá romhainn fé láthair ach freisin tréimhse na ndeiseanna móra toisc go gcuirfidh an teicneolaíocht ar ár gcumas **fuinneamh a tháirgeadh go háitiúil, acmhainní a úsáid go héifeachtúil agus margaí nua a chruthú i dtaca le scileanna agus nuálaíocht.**

Maidir le Plean Áitiúil Gníomhaithe ar son na hAeráide, atá bunaithe ar mhodheolaíocht atá Sonrach, Intomhaiste, Comhaontaithe, Réalaíoch agus Uainithe (SICRU/SMART), cinnteoidh sé go mbeidh Port Láirge ullmhaithe don aistriú go dtí sochaí ar astaíochtaí ísle agus díonach ó thaobh na haeráide de.

Tá taithí ag údaráis áitiúla ar shaoránaigh agus ar pháirtithe leasmhara a spreagadh chun a bheith gafa trína gcuid feidhmeanna reatha amhail pleanáil úsáide talún, tithíocht, fiontraíocht, iompar agus feasacht timpeallacht. Is forleathan ar fud na sochaí iad dúshláin an athraithe aeráide agus nílid teanntaithe ag teorainneacha spásúla agus mar sin ní foláir freagairtí iomlánaíocha comhchoiteanna a dhéanamh orthu. Meastar go mbaineann tábhacht ar leith le gafacht agus rannpháirtíocht ó shaoránaigh áitiúla agus ó pháirtithe leasmhara áitiúla i mbearta ar son na haeráide. Tá Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge (CCCPL/WCCC), trína soláthar ilchineálach seirbhísí agus trína taithí ilchineálach ar ghafacht na bpáirtithe leasmhara, in ann go maith chun glacadh le feidhm cheannaireachta agus Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide a sheachadadh do Phort Láirge. Cé gur dúshlán domhanda uilíoch é an t-athrú aeráide, caithfidh tús a chur le réitigh ar an leibhéal áitiúil.




1 Comhairle Chomhairleach um an Athrú Aeráide, Buiséid Charbóin < https://www.climatecouncil.ie/carbonbudgets/#:~:text=The%20first%20 three%20carbon%20budgets,295%20Mt%20CO2%20eq. >

2 GBRA/LGMA, Gníomh Éifeachtach ar son na hAeráide á Sheachadadh (2021) < https://www.lgma.ie/en/publications/local-authority-sector-reports/delivering- effective-climate-action-2030.pdf >

## 1.5 Struchtúr an Phlean Ghníomhaithe ar son na hAeráide (PGA/CAP)

Leagtar amach an dréacht PGA/CAP mar seo a leanas:

1. Réamhrá
2. Próifíl ar an gContae agus ar an gComhairle Contae
3. An Gníomhú ar son na hAeráide ar Bhonn Fianaise
4. Creat na nGníomhartha ar son na hAeráide i leith an Chontae
5. Crios Chathair Phort Láirge um Dhícharbónú
6. Cistiú, Cur i nGníomh agus Tuairisceoireacht

I gceangal leis seo mar Aguisín A gheofar an Fógra Poiblí a ullmhaíodh de réir Alt 5 den Acht. Tá cúig thuarascáil fhorlíontacha ar fáil chun tacú le PGA/CAP Phort Láirge, táid ar fáil mar thuarascálacha forlíontacha ar Thairseach Consult na Comhairle mar aon le dhá scarbhilleog den dá shraith de ghníomhartha ar mhaithe le héascaocht léitheoireachta:

- Measúnú Priacail ar an Athrú Aeráide i dtaca le Port Láirge (Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, 2023)
- Fardal Astaíochtaí Bonnlíne (FAB/BEI) i dtaca le Contae Phort Láirge (Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, 2023)
- Fardal Astaíochtaí Bonnlíne (FAB/BEI) Sraith 3 i dtaca le Cathair Phort Láirge (Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, 2023)
- Tuarascáil Timpeallachta de réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna Áirithe agus ar Chláir Áirithe) 2004 (I.R. 435 de 2004 arna leasú le I.R. 200 de 2011) maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST/SEA)
- Tuarascáil Tionchair Natura um Measúnacht Chuí (AA) de bhun Airteagal 6 den Treoir um Ghnáthóga 92/43/EEC

## 1.6 Gníomhartha SICRU/SMART

Agus na gníomhartha don chathair agus don chontae á gcur in oiriúint againn, glacadh an cur chuige "SICRU/SMART" maidir lena bhforbairt, is é sin le rá go raibh na gníomhartha:

- **S**onrach: An gníomh a shainmhíniú chomh r soiléir agus is féidir chun débhrí a sheachaint
- **I**ntomhaiste: Le critéir shonracha a thomhaiseann do dhul chun cinn d'fhonn an sprioc a bhaint amach
- **C**omhaontaithe: Inbhainte amach agus gan é a bheith dodhéanta a chur i gcrích
- **R**éalaíoch: Insroiste, réalaíoch agus ábhartha
- **U**ainithe: Amlíne atá sainithe go follasach a bheith ann

## 1.7 Measúnacht Timpeallachta

Tá Plean Gníomhaithe Phort Láirge ar son na hAeráide fé réir chomhlíonadh na Treorach MST/SEA (Treoir 2001/42/EC) maidir le measúnacht ar éifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an dtimpeallacht agus fé réir Airteagal 6(3) de Threoir an Aontais Eorpaigh um Ghnáthóga (Treoir 92/43/EEC) chun a shocrú an dealraitheach go bhfearfaidh a chur i ngníomh go suntasach ar aon láithreacha Natura 2000.

D'fhonn tacú leis an bpróiseas so agus d'fhonn é a sheachadadh, tá Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ag glacadh páirte i gcomhaontú seirbhísí comhroinnte i dtaca le tacaíocht sainchomhairleoireachta le Fo-Réigiún an Oirdheiscirt – Ceatharlach, Cill Chainnigh, Tiobraid Árann agus Loch Garman le *Fehily & Timoney*, Sainchomhairleoirí Timpeallachta, arna gconrú mar chomhpháirtithe éiceolaíochta agus timpeallachta.

Tá ullmhaithe ina thaobh so Tuarascáil Timpeallachta um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Tuarascáil Tionchair Natura um Measúnacht Chuí, agus táid ar fáil mar cháipéisí forlíontacha.





# 2. Próifíl ar Chontae Phort Láirge

Tá Port Láirge suite ar Chósta Theas na hÉireann, agus tá achar 1,857km2 ag an gContae. Roinneann Port Láirge teorainn le trí chontae. Is é daonra an Chontae ná 127,085, líon atá roinnte go cothrom, geall leis, idir Cathair Phort Láirge agus Contae Phort Láirge. Tá cósta dar fad 100km ag Port Láirge, chomh maith le gnáthóga ardtailte i Sléibhte an Chomaraigh agus 4 mhórabhainn ag sreabhadh tríd an gContae (an tSiúir, an Bhearú, an Abhainn Mhór agus an Bhríd).

Is é Port Láirge an príomh-lárionad daonra sa chontae agus is é Port Láirge an cúigiú cathair is mó sa stát. Tá cúig cinn eile de lárionaid uirbeacha sa chontae: Dún Garbhán, An Trá Mhór, Lios Mór, Ceapach Choinn agus Port Lách.

| | |
|---|---|
| Tá 33,801 fé bhun 15 bliana d'aois (daonáireamh 2022) | Tá 83% de mhuintir Phort Láirge buartha fén athrú aeráide[1] |
| Is é 39.4 an mheánaois i bPort Láirge (2022) | Oibríonn 11% de dhaoine ón mbaile (méadú ó 6% sa bhliain 2016) |
| Tá a n-áit chónaithe féin ag 65% de mhuintir Phort Láirge, tá áit chónaithe á fáil ar cíos ag 29% díobh | Soláthar tithíochta de 55,159 (ardú 5.1% ón mbliain 2016) |

1 An tAthrú Aeráide in intinn na hÉireann | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (epa.ie)

Tá Port Láirge ceangailte do Bhaile Átha Cliath trí líonra náisiúnta iarnróid (do phaisinéirí). Tá Port Láirge ceangailte i líonra na mbóithre tríd an mbus agus tríd an ngluaisteán príobháideach do Chorcaigh, do Chill Chainnigh, do Thiobraid Árann, do Loch Garman agus do Bhaile Átha Cliath. Braitheann cúrsaí iompair sa chontae go mór ar an ngluaisteán príobháideach mar an bpríomh-mhodh iompair. Tá geilleagar ilchineálach ag Port Láirge; is iad na hearnálacha fostaíochta is mó sa chontae ná Seirbhísí Gairmiúla (26%), Tráchtáil agus Trádáil (20%), agus Déantúsaíocht (17%).

## 2.1 Comhairle Contae Phort Láirge as mar Sholáthraí Seirbhíse

Eagraíocht mhór ilchineálach is ea an Chomhairle féin, agus tá sí freagrach as raon leathan seirbhísí agus tacaí a chur ar fáil do raon ilchineálach custaiméirí. Is iad custaiméirí na Comhairle ná sinn ar fad i bPort Láirge, lena n-áirítear 127,085 chónaitheoir i 55,000 líon tí, thart ar 26,625 ghnólacht le breis agus 55,330 fostaí, chomh maith leo súd a thugann cuairt ar ár gcontae chun críche caithimh aimsire. Is iad breis agus 800 ball foirne a dheineann seirbhísí na Comhairle a sheachadadh, agus iad ag obair as dhá phríomhoifig chathartha i nDún Garbhán agus i gCathair Phort Láirge.

Tá an Chomhairle féin ar cheann de na mórfhostóirí sa Chontae, tá comhchaiteachas caipitil agus ioncaim aici de thart ar €154 mhilliún in aghaidh na bliana.

Cuireann an Chomhairle na seirbhísí seo a leanas ar fáil (arna leithdháileadh trí % den chaiteachas iomlán buiséid):

| | |
|---|---|
| Bóithre agus Iompar | 30% |
| Tithíocht | 21% |
| Seirbhísí Timpeallachta | 14% |
| Forbairt | 12% |
| Caitheamh Aimsire | 10% |
| Uisce | 7% |
| Ilghnéitheach | 6% |

Is oibreacha iomadúla éagsúla atá á ndéanamh ag an Údarás Áitiúil agus tá iarmhairt nach beag aige ar astaíochtaí na ngás ceaptha teasa sa Chontae, idir an obair a dheintear i Ranna na Comhairle, cuir i gcás Pleanáil nó Taisteal Gníomhach, agus conas mar a sheachadann an Chomhairle an obair sin, cuir i gcás na hastaíochtaí ónár bhfoirgnimh agus ónár gcabhlach feithiclí. Ina theannta san, cuimsíonn obair na Comhairle a bheith ag ullmhú do tharlúintí adhaimsire agus ag athneartú an bhonneagair reatha san áit ar féidir sin.

Tá an obair tosnaithe cheana ar laghdú astaíochtaí oibríochtúla na Comhairle agus ar ullmhú don Athrú Aeráide, agus tá roinnt samplaí tugtha anso thíos.

# 2.2 Samplaí den Ghníomhú ar son na hAeráide i bPort Láirge

### 2.2.1 Cabhlach Feithiclí Ar Astaíochtaí Ísle

Cheannaigh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge na chéad fheithiclí leictreacha dá cabhlach sa bhliain 2014. Cuireadh trí cinn de veaineanna leictreacha leis an gcabhlach feithiclí le déanaí agus baineadh triail as Ola Phlandúil Hidreachóireáilte (OPH/HVO) sna feithiclí troma nach mbíonn feithiclí leictreacha coibhéiseacha acu i láthair na huaire. Leanfaidh CCCPL/WCCC dár gcabhlach feithiclí a athsholáthar le feithiclí ar astaíochtaí ísle. Tá CCCP/WCCC ag obair fé láthair le comhpháirtithe sa réigiún chun Straitéis maidir le Luchtú Feithiclí Leictreacha a chruthú i gcomhair an Chontae, ina ndéanfar sainaithint ar na limistéir is mó gá ó thaobh an bhonneagair luchtúcháin de. Ansan oibreoidh an Chomhairle le ZEVI, Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann, oifig náisiúnta na bhfeithiclí leictreacha (EV), chun an bonneagar riachtanach a chur isteach.



Fíor 2. Veain Leictreach

### 2.2.2 Cosaint ar Thuilte

Tá cosaintí ar thuilte curtha isteach i gCathair Phort Láirge le roinnt mhaith blianta anuas. Tá a thuilleadh oibreacha chun tuilte a chosc á gcur isteach fé láthair i nDún Garbhán. Tá cistiú €1mhilliún deonaithe i gcomhair tionscadail uisce stoirme i gClais na Lachan.

### 2.2.3 Uasghráduithe Éifeachtúlachta Fuinnimh ar fhoirgnimh na Comhairle

I gcomhpháirtíocht le SEAI/ÚFIÉ (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) agus Gníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt, tá os cionn 30 tionscadal feabhais éifeachtúlachta fuinnimh seachadta ag CCCPL/WCCC i bhfoirgnimh phoiblí, inar laghdaíodh costais an fhuinnimh agus inar deineadh foirgnimh níos compordaí d'áititheoirí.

Ceann de na tionscadail a maoiníodh tríd an gCiste um Pobal Fuinnimh Níos Fearr ab ea suiteáil sraithe de phainéil 50kWp fótavoltach (PV) gréine a tháirg 49.1 Meigeavatuair (MWH) sa bhliain.


Fíor 3. Sraith de Phainéil Ghréine ar Iosta Dhún Garbhán

### 2.2.4 Tionscadail um Thaisteal Gníomhach agus an Droichead Iompair Inbhuanaithe

Tá roinnt áirithe tionscadal rathúil um Thaisteal Gníomhach seachadta ag an mBuíon um Thaisteal Gníomhach de chuid CCCPL/WCCC, tionscadail amhail críochnú an Riain Ghlais ó Charraig an Óir isteach i Lár na Cathrach. Leanfaid de sheachadadh a dhéanamh maidir le tionscadail arb é an toradh a bheidh orthu ná beagnach €11 mhilliún a bheith á infheistiú sa Taisteal Gníomhach sa chontae sa bhliain 2023.

Tá foirgníocht ar siúl ar Dhroichead Iompair Inbhuanaithe Chathair Phort Láirge. Déanfaidh an droichead ceangal idir na Céanna Thuaidh agus Lár na Cathrach agus tabharfar deis do shaoránaigh ar dhá thaobh an droichid chun a bheith ag comaitéireacht de shiúl na gcos nó ar rothar, agus ar an gcuma san an trácht a laghdú agus caighdeán an aeir a fheabhsú feadh na gCéanna.


Fíor 4. Rian Glas Charraig na bhFraochán a dheineann ceangal go dtí Lár na Cathrach

### 2.2.5 Lascaine Fuinnimh ar Rátaí Tráchtála

Sainaithníodh i measúnacht luath ar astaiochtaí i gCathair Phort Láirge na gnólachtaí mar rannpháirtí mór i lorg carbóin na Cathrach. Leag CCCPL/WCCC amach an Lascaine Fuinnimh ar Rátaí Tráchtála chun luaíocht a thabhairt do ghnólachtaí de mhéid áirithe, a raibh tosaíocht á déanamh acu den éifeachtúlacht fuinnimh agus ba i riocht lascaine ar rátai a tugadh an luaíocht so. Chomhlánaigh nach mór 1,000 gnólacht an t-iarratas sa bhliain 2022 agus dhein os cionn 600 gnólacht iarratas ar an lascaine ar rátaí sa bhliain 2023.

# 3. An Gníomhú ar son na hAeráide ar Bhonn Fianaise



## 3.1 Tábhacht na Pleanála Gníomhaithe ar son na hAeráide ar Bhonn Fianaise

Ní foláir nó go mbíonn an gníomhú éifeachtach ar son na haeráide á mhúnlú ag bonn iontaofa fianaise. Caithfear fardail ar imeachtaí aeráide san am a caitheadh, treochtaí reatha, agus tuartha a bhunaítear ar an samhaltú eolaíochta a bheith curtha san áireamh mar chuid den bhonn fianaise. Mar a sainaithníodh in Aguisín Teicniúil A de na Treoirlínte maidir le Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid na nÚdarás Áitiúil[1], tá sé barrthábhachtach go dtógfaidh Údarás Áitiúil bonn fianaise d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar na dúshláin, na deiseanna, na sásraí giarála agus na pearsana i ndáil le seachadadh an ghníomhaithe éifeachtaigh ar son na haeráide.

Ní foláir nó go mbíonn an phleanáil ghníomhaithe ar son na haeráide léiritheach ar an mbeartas agus ar an reachtaíocht a eisíodh le déanaí agus go mbíonn sí ag cloí le beartas agus reachtaíocht dá leithéid. Is cóir aird ar leith a thabhairt ar Chomhaontú Pháras na bliana 2015 chomh maith leis na hionstraimí ábhartha go léir agus na colúin ábhartha go léir den Chomhaontú Glas don Eoraip[2]. Ní folái gníomhartha a phleanáil agus a chur i gcrích, ag féachaint do na straitéisí fadtréimhseacha náisiúnta um ghníomhú ar son na haeráide, na pleananna earnálacha oiriúnúcháin agus beartais an Rialtais ar an athrú aeráide is déanaí a faomhadh. Chun an t-athrú éifeachtach a sheachadadh, ba chóir go gcuimseodh pleanáil an ghníomhaithe ar son na haeráide bearta maolúcháin agus bearta oiriúnúcháin araon.

Airítear leis an mbonn fianaise i gcomhair an Phlean Ghníomhaithe ar son na hAeráide iad so leanas:


- **Measúnú um Priacal Aeráide**
- **Fardal Astaíochtaí Bonnlíne (FAB/BEI) i gcomhair an Chontae**
- **Fardal Astaíochtaí Bonnlíne (FAB/BEI) i gcomhair an Limistéir Chreasa um Dhícharbónú (Cathair Phort Láirge)**
- **Athbhreithniú ar Chomhthéacs an Bheartais chun a chinntiu go mbíonn an plean ar aon dul leis an mBeartas Náisiúnta.**

Cabhróidh tiomsú na fianaise le sainaithint a dhéanamh ar limistéir go bhféadfar béim a chur orthu ar mhaithe le laghdú na n-astaíochtaí de Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, chomh maith le sainaithint a dhéanamh ar limistéir bhéime chun críocha na mbeart oiriúnúcháin agus maolúcháin trasna na Cathrach agus trasna an Chontae.

## 3.2 Achoimre ar Phriacail Phort Láirge maidir leis an Athrú Aeráide

Críochnaíodh Measúnú Priacail ar an Athrú Aeráide chun sainaithint a dhéanamh ar na patrúin aimsire reatha agus chun féachaint conas mar a d'fhéadfadh athrú a theacht ar na priacail úd de bhun na dtuartha náisiúnta agus de bhun na próifíle ar Phort Láirge.

Tá sé tuartha, de réir mar a bheidh ár ndomhan ag éirí níos teo, go dtiocfaidh méadú ar mhinicíocht agus ar iarmhairt na n-eachtraí líonmhara aimsire amhail tuilte abhann, tuilte cósta, borrthaí stoirme agus triomach.




Fíor 5: Sainmhínithe Coitianta laistigh den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide

1 Rialtas na hÉireann (2023). Aguisín Teicniúil A: Plean Gníomhaithe an Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide a Fhorbairt agus a Chur i nGníomh. Ar fáil ag: 6eaf29f4-acde-4906-aa5b-c2d39c64632a.pdf (www.gov.ie)
2 UNFCCC (2015). Comhaontú Pháras. Ar fáil ag:GLACADH CHOMHAONTÚ PHÁRAS - Comhaontú Pháras - téacs i mBéarla (unfccc.int)

### 3.2.1 Spriocanna an Mheasúnaithe Phriacail ar an Athrú Aeráide

Ullmhaíodh an Measúnú Cáilíochtúil Priacail ar an Athrú Aeráide Sraith 1 (MPAA/CCRA)[1] chun sainaithint a dhéanamh ar phriacail reatha agus ar phriacail sa todhchaí ón athrú aeráide i dtaca le Contae Phort Láirge. Ina theannta san, soláthraítear sa MPAA/CCRA bealach inar féidir an fheasacht a mhúscailt maidir le drochthorthaí an athraithe aeráide, ina gceadaítear do shonrú agus do bheartú tosaíochta ar an bpriacal, agus do shainaithint a dhéanamh ar cá agus cathain is gá an t-oiriúnú don athrú aeráide.

Soláthraítear sa MPAA/CCRA:

A Measúnacht ar **ghuaiseacha an athraithe aeráide reatha**, risíocht agus leochaileachtaí an athraithe aeráide ar chumas an Údaráis Áitiúil chun seachadadh éifeachtach na seirbhísí a chur ar fáil.

B Measúnacht ar **ghuaiseacha agus iarmhairtí an athraithe aeráide sa todhchaí** ar chumas an Údaráis Áitiúil chun seachadadh éifeachtach na seirbhísí a chur ar fáil.


### Tarlúintí Adhaimsire le Déanai i bPort Láirge

I gcomhréir le treochtaí náisiúnta agus domhanda, tá aeráid Phort Láirge ag athrú. Tá teochtaí ag ardú agus tá patrúin na frasaíochta ag éirí níos ilchineálaí. Tugtar anso thíos achoimre ar athruithe aeráide agus ar athruithe ó thaobh na haimsire de a tharla le déanaí.




Fíor 6. Tarlúintí Adhaimsire Le Déanaí i gContae Phort Láirge (Foinse: Measúnú Priacail ar an Athrú Aeráide Sraith 1, RPS, 2023)

1 RPS (2023). Measúnú Priacail ar an Athrú Aeráide Sraith 1




Fíor 7. Próifíl ar Ghuaiseacha Aeráide i bPort Láirge 1993-2023

## 3.2.2 Modheolaíocht

Is in Aguisín B ó na Treoirlínte maidir le Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid na nÚdarás Áitiúil a dheintear cur síos ar an modheolaíocht a úsáidtear[1]. Is éard atá sa mheasúnú priacail ar an athrú aeráide ná trí chomhchuid idirghaolmhara:

- **Guaiseacha**: foinsí féideartha guaise a bhaineann leis an aeráid, lena n-áirítear dochar/ cailliúint maoine/ bonneagar, gortú féideartha, cailliúint beatha nó iarmhairtí eile ar an tsláinte, slite beatha, soláthar seirbhíse, éiceachórais, agus acmhainní timpeallachta
- **Risíocht**: sócmhainní, bonneagar, maoin, daoine, slite beatha, speicis nó éiceachórais, feidhmeanna timpeallachta, seirbhísí, acmhainní a bheith i láthair, a bhféadfadh guaiseacha aeráidbhunaithe cur as dóibh.
- **Leochaileacht**: an claonadh nó an togracht dona bheith buailte go díobhálach ag guaiseacha aeráidbhunaithe. Áirítear leis seo íogaireacht agus acmhainn oiriúnúcháin
- **Measúnacht ar Phriacail agus Iarmhairtí Aeráide Reatha:** Áirítear leis seo sainaithint ar raon na nguaiseacha aeráide a chuaigh i bhfeidhm cheana ar Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge laistigh dá limistéar riaracháin. Ina theannta san, áirítear leis measúnacht ar na risíochtaí agus na leochaileachtaí de limistéar riaracháin CCCPL/WCCC i ndáil leis na guaiseacha so. Ullmhaíodh amlíne na nguaiseacha aeráide (tarlúintí adhaimsire) a chuaigh i bhfeidhm ar an gcontae san am a caitheadh.

## 3.2.3 Achoimre

Deineadh sainaithint ar roinnt áirithe guaiseacha aeráide i dtaca le Contae Phort Láirge. Taispeántar a gcuid minicíochta i rith na tréimhse 1993-2023 i bhFíor 7.

Is éard atá i dtarlúintí atá *An-Mhinic* ná tarlúintí atá ag titim amach roinnt uaireanta i mbliain amháin. Sainmhínítear tarlúintí minice mar chinn a thiteann amach uair amháin i dtréimhse ó 1-go-2 de bhlianta. Titeann tarlúintí coitianta amach uair amháin i dtréimhse ó 2-go-10 de bhlianta. Titeann tarlúintí ócáideacha amach uair amháin i dtréimhse ó 10-go-100 de bhlianta agus sainmhínítear tarlúintí annamha mar chinn a thiteann amach uair amháin i dtréimhse 100 bliain.

| | Cineál Guaise | Líon Tarlúintí | Minicíocht |
|---|---|---|---|
| | Stoirm thromchúiseach ghaoithe | 26 | An-Mhinic |
| | Frasaíocht Fhoircneach | 20 | An-Mhinic |
| | Tuilte Cósta | 11 | Coitianta |
| | Borradh Stoirme | 9 | Coitianta |
| | Tuilte Abhann | 7 | Coitianta |
| | Tonn Teasa | 6 | Coitianta |
| | Tuilte Báistiúla | 5 | Coitianta |
| | Triomach | 5 | Coitianta |
| | Teocht Dromchla Os Cionn an Mheáin | 5 | Coitianta |
| | Creimeadh Cósta | 5 | Coitianta |
| | Titim Throm Sneachta | 3 | Coitianta |
| | Frasaíocht Os Cionn an Mheáin | 3 | Coitianta |
| | Tréimhse Fhuar | 3 | Coitianta |
| | Méadú ar Leibhéal Coibhneasta na Mara | 3 | Coitianta |

Fíor 8. Minicíocht na dTarlúintí Adhaimsire i bPort Láirge i rith na tréimhse 1993-2023 (Foinse: Measúnú Priacail ar an Athrú Aeráide Sraith 1, RPS)

1 Rialtas na hÉireann (2023), Aguisín Teicniúil B: Measúnú Priacail ar an Athrú Aeráide. Ar fáil ag: c495d043-5410-4e1b-97c7-9fafe7dca598.pdf (www.gov.ie)

I dtaca le gach ceann de na guaiseacha aeráide de, sainaithníodh roinnt mhaith limistéar priacail.

Taispeántar i bhFíor 9 achoimre ar na hiarmhairtí sna príomhchatagóirí i leith na seacht nguais aeráide a shainaithnítear.


Rangaítear na trí cinn acu mar 'coitianta' ó thaobh na minicíochta de. Taispeántar é seo i bhFíor 10, sa mhaitrís um priacal aeráide reatha do Chontae Phort Láirge.

| CURRENT IMPACTS – Hazard Type | Current Frequency | Current Frequency (Score) | Asset Damage | Health and Wellbeing | Environment | Social | Financial | Reputation | Cultural Heritage | Current Impact |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| River flood | Common | 3 | Major | Major | Moderate | Moderate | Moderate | Moderate | Moderate | 3.29 |
| Coastal flood | Common | 3 | Major | Moderate | Moderate | Moderate | Minor | Moderate | Moderate | 3.00 |
| Coastal erosion | Common | 3 | Major | Minor | Major | Minor | Minor | Minor | Moderate | 2.71 |
| Extreme precipitation | Very Frequent | 5 | Moderate | Minor | Minor | Minor | Minor | Minor | Moderate | 2.29 |
| Storm Surge | Common | 3 | Moderate | Moderate | Moderate | Minor | Minor | Negligible | Minor | 2.29 |
| Drought | Common | 3 | Minor | Moderate | Moderate | Moderate | Minor | Minor | Negligible | 2.29 |
| Severe windstorm | Very Frequent | 5 | Minor | Moderate | Moderate | Minor | Negligible | Negligible | Moderate | 2.14 |
| Pluvial flood | Common | 3 | Moderate | Minor | Minor | Minor | Negligible | Moderate | Minor | 2.14 |
| Heatwave | Common | 3 | Minor | Moderate | Moderate | Minor | Negligible | Negligible | Moderate | 2.14 |
| Above average precipitation | Common | 3 | Moderate | Minor | Minor | Minor | Negligible | Negligible | Moderate | 2.00 |
| Above average surface temperature | Common | 3 | Negligible | Negligible | Major | Negligible | Negligible | Negligible | Moderate | 1.71 |
| Cold spell | Common | 3 | Minor | Minor | Negligible | Minor | Minor | Negligible | Minor | 1.71 |
| Heavy snowfall | Common | 3 | Minor | Minor | Minor | Negligible | Minor | Negligible | Minor | 1.71 |
| Increase in Relative Sea Level | Common | 3 | Negligible | Negligible | Minor | Negligible | Negligible | Negligible | Minor | 1.29 |

Fíor 9. Maitrís Achomair na nIarmhairtí Reatha (Foinse: Measúnú Priacail ar an Athrú Aeráide Sraith 1, RPS)

Ba ar bhonn na risíochta, na leochaileachta agus na hiarmharta a ríomhadh **déine na hiarmharta** i dtaca le gach ceann de na guaiseacha aeráide. Ríomhadh an iarmhairt fhoriomlán mar mheánmhéid na n-iarmhairtí trasna na limistéar priacail. Sainmhínítear iarmhairt mhór mar tharlúint ina mbíonn seirbhísí ó CCCPL/WCCC nó ó chomhlacht eile (m.s. BSL nó Uisce Éireann) i mbaol teipe go hiomlán maille le meath an-mhór sa soláthar seirbhíse. Sainmhínítear iarmhairt mheasartha mar riocht ina gcuirtear an soláthar seirbhíse fé bhrú an-mhór. Is ann d'iarmhairt bheag i gcás a bhfuil samplaí atá scoite ach suaithinseach de mheath seirbhíse, agus ar deireadh is ann d'iarmhairt atá fánach nuair atá cosúlacht de bhagairt ach nuair nach bhfuil aon iarmhairt ar an soláthar seirbhíse.

Fionnadh go raibh an iarmhairt ba mhó ag na **Tuilte Abhann** de réir na gcritéar measúnachta sa Mheasúnacht ar Iarmhairtí Aeráide Reatha agus dá bharr san glactar leis gurb iad na Tuilte Abhann an ghuais aeráide is mó baol do Chontae Phort Láirge. Meastar gurb i measc na bpriacal reatha is suaithinsí iad na **Tuilte Cósta** agus an **Creimeadh Cósta**.




Fíor 10. Maitrís um Priacal Aeráide Reatha do Chontae Phort Láirge (Foinse: Measúnú Priacail ar an Athrú Aeráide Sraith 1, RPS)


## 3.2.4 Suirbhé Measúnachta ar na Iarmhairtí sa Todhchaí

Thairis sin, soláthraítear sa tuarascáil **Achoimre Mheasúnachta ar na hIarmhairtí sa Todhchaí**, ina mbaintear feidhm as ráitis náisiúnta ar na hathruithe tuartha aeráide agus na hiarmhairtí tuartha aeráide trí sheirbhísí amhail an Uirlis Bhunriachtanach Eolais Aeráide de chuid Aeráid Éireann/Climate Ireland[1], agus an Uirlis Scóipe Guaise Aeráide de chuid Aeráid Éireann/Climate Ireland[2]. Toisc gur de chineál casta é an t-athrú aeráide mar aon lena chuid éifeachtaí, ní foláir a admháil gurb ann do shaghas éagsúil éiginnteachta, agus athbhreithniú á dhéanamh againn ar fhianaise chun an gníomhú ar son na haeráide a mhúnlú.

Áirítear leis na priacail fhéideartha laistigh de limistéar riaracháin CCCPL/WCCC an mhinicíocht mhéadaithe de mhaidhmeanna troma báistí, an dóchúlacht mhéadaithe d'fhalscaithe mar gheall ar na triomaigh agus na tonnta teasa níos faidréisí, na teochtaí a bheith níos airde ná an meán, taise laghdaithe na hithreach, agus triomú na bportach agus triomú na mbogach eile.

Deineadh meastachán ar leibhéal tuartha na hiarmharta sa todhchaí i dtaca le gach guais agus gach catagóir iarmharta, agus breacadh an mheán-iarmhairt thuartha le hais na minicíochta tuartha. Sna tuartha so deintear talamh slán de nach ndéanfar a thuilleadh beart oiriúnúcháin.

Ba iad na cineálacha guaise a raibh an iarmhairt thuartha ab airde acu ná **Tuilte Abhann** (3.71), **Tuilte Cósta** (3.43), **Borradh Stoirme** (3) agus **Triomach** (3). Taispeántar i bhFíor 11 na sonraí mar chuid den Mhaitrís um Priacal Aeráide na Todhchaí.




Fíor 11. Maitrís um Priacal Aeráide na Todhchaí do Chontae Phort Láirge (Foinse: Measúnú Priacail ar an Athrú Aeráide Sraith 1, RPS)

Cuirtear in iúl sna tuartha ar an athrú aeráide sa todhchaí go bhfuil gach dealramh ann go bhfanfaidh **Frasaíocht os cionn an Mheáin, Tréimhsí Fuara Faidréiseacha** agus **Titim Throm Sneachta** cuíosach cosúil leis na dálaí reatha. **Tá sé tuartha, áfach, go dtiocfaidh méadú ar gach guais shonraithe eile, ó thaobh na haeráide de,** agus go mbeidh na Tuilte Abhann fós ar an bpriacal is mó a bhraithfear i gContae Phort Láirge.

Is gá go ndéanfar breithniú i bhforbairtí agus i dtionscadail na comhairle sa todhchaí ar na patrúin aimsire, a bheidh de shíor ag claochlú, agus go ndéanfar iad a dhearadh chun oiriúnú don aeráid chlaochlaitheach.



Fíor 12: Tuile ar an gCé i gCathair Phort Láirge, Feabhra 2014.

1 Aeráid Éireann/Climate Ireland. (2023). Uirlis Stádais de chuid Aeráid Éireann/Climate Ireland. Ar fáil ó: https://www.climateireland.ie/#!/tools/statusReport

2 Aeráid Éireann/Climate Ireland. (2023). Uirlis Scóipe de chuid Aeráid Éireann/Climate Ireland. Ar fáil ó: https://www.climateireland.ie/#!/tools/hazardTool

## 3.3 Achoimre ar Phróifíl Astaíochtaí Reatha Chontae Phort Láirge

Tugtar achoimre sa chuid seo ar na sonraí d'astaíochtaí na ngás ceaptha teasa sa Chontae ón mbliain bhonnlíne 2018. Na sonraí a úsáidtear, tagann siad ón bhFardal Astaíochtaí Bonnlíne (FAB/BEI) Sraith 2 a d'ullmhaigh Gníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt in Aibreán 2023 do Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge.

Is í an Bhliain Bhonnlíne Náisiúnta d'Éirinn ná an bhliain 2018, mar a suíodh sa Phlean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021. Ba de réir earnála a ríomhadh na hastaíochtaí i gcomhair na bliana so agus cuirtear iad i láthair in Aguisín C - An Fardal Astaíochtaí Bonnlíne (FAB/BEI) do Phort Láirge. Is ar fhionnachtana an Fhardail Astaíochtaí Bonnlíne (FAB/BEI) a bhunaíter na gníomhartha agus na laghduithe ar astaíochtaí.


### 3.3.1 Modheolaíocht

Léirítear in Aguisín Teicniúil C an mhodheolaíocht chun Fardal Astaíochtaí Bonnlíne (FAB/BEI) a chur i gcrích i gcomhair an Chontae.

### 3.3.2 Torthaí ar na hAstaíochtaí

Ba é líon astaíochtaí na ngás ceaptha teasa sa bhliain 2018 ó ghníomhaíochtai i bPort Láirge ná **1,995kCO$_2$eq**. Sloinntear na hastaíochtaí i dtonnaí de choibhéis dé-ocsaíde carbóin ($CO_2$eq), ina mbreithnítear na gáis cheaptha teasa go léir (meatán, ocsaídí nítriúla, cuisneáin srl.), agus ní hamháin an $CO_2$. Ciallaíonn coibhéis dé-ocsaíde carbóin nó $CO_2$eq líon na dtonnaí méadracha d'astaíochtaí $CO_2$ a mbíonn an acmhainneacht chéanna ó thaobh an téimh dhomhanda de agus a bhíonn ag tonna méadrach amháin de ghás ceaptha teasa eile

Sonraítear i bhFíor 13 an áit as a dtagann na hastaíochtaí seo.




Fíor 13. Próifíl Astaíochtaí Chontae Phort Láirge


### 3.3.3 Tátail

ís í an Sprioc um Laghdú ar Astaíochtaí 2030, mar atá leagtha amach san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 ná dearbhlaghdú 51% ar astaíochtaí foriomlána na ngás ceaptha teasa fén mbliain 2030, agus í dár gcur ar bhealach i dtreo na n-astaíochtaí aeráidneodracha a bhaint amach tráth nach déanaí ná deireadh na bliana 2050, mar a bhí comhaontaithe i gClár an Rialtais.

Sonraítear san Fhardal Astaíochtaí Bonnlíne sprioc um laghdú  51% ar astaíochtaí go dtí 957kt$CO_2$e trasna na réimsí d'úsáid fuinnimh na hearnála cónaithe, earnáil an iompair, earnáil na déantúsaíochta, earnáil na dramhaíola, earnáil na talmhaíochta, agus earnáil úsáid na talún.

Laghdóidh CCCPL/WCCC na hastaíochtaí sna limistéir ina bhfuilimid cuntasach go hiomlán (foirgnimh agus iompar CCCPL/WCCC).

Mar a léirítear i bhFíor 14 cabhróidh CCCPL/WCCC ó thaobh astaíochtaí a laghdú sna limistéir ina bhfuil tionchar againn (pleanáil, feidhmeanna reachtúla amhail cuairteanna ar fheirmeacha agus ó thaobh an tsoláthair de). Déanfaidh CCCPL/WCCC éascaíocht do laghduithe ar astaíochtaí i réimse na Déantúsaíochta agus réimse an Tionscail agus ar deireadh, trí sheirbhís na leabharlanna agus trí fheidhmeanna rannpháirtíochta poiblí eile, déanfaidh CCCPL/WCCC abhcóideacht ar mhaithe leis an ngníomhú ar son na haeráide agus spreagfaidh an Chomhairle feasacht ar conas mar is féidir le daoine a gcion a dhéanamh ar mhaithe leis an gcúram so.




Fíor 14. Cuntasacht agus tionchar maidir le hastaíochtaí i bPort Láirge

# 3.4 Achoimre ar an gCrios um Dhícharbónú – Crios Chathair Phort Láirge – Próifílí ar Astaíochtaí Reatha

Is éard atá sna Criosanna um Dhícharbónú ná limistéir tástála atá sainaitheanta ag údarás áitiúil mar áit ina ndéanfar forbairt ar shlite nua chun gníomhartha ar son na haeráide a sheachadadh i gcomhpháirtíocht le fostóirí móra agus leis an bpobal sa cheantar.

Roghnaíodh sa bhliain 2021 Cathair Phort Láirge mar an gCrios um Dhícharbónú do Phort Láirge agus deineadh measúnacht sa bhliain 2023 ar na hastaíochtaí go léir sa chathair chun cead a thabhairt don Chomhairle limistéir a spriocaimsiú go héifeachtach inar féidir na laghduithe is mó ar astaíochtaí a bhaint amach agus san am céanna bonnlíne a chur ar fáil a ndéanfar laghduithe ar astaíochtaí a thomhas dá réir. Tugtar sonraí sa chuid seo d'fhionnachtana na bonnlíne.


## 3.4.1 Modheolaíocht

Léirítear in Aguisín Teicniúil D[1] an mhodheolaíocht chun Fardal Astaíochtaí Bonnlíne (FAB/BEI) Sraith 3 i gcomhair an Chreasa um Dhícharbónú (Cathair Phort Láirge) a chur i gcrích.

## 3.4.2 Torthaí ar na hAstaíochtaí

I dTábla 1 tugtar sonraí de na hastaíochtaí agus den úsáid fuinnimh sna hocht gcinn de limistéir astaíochtaí. Ba iad na hastaíochtaí iomlána sa chathair ná 289.5kt$CO_2$eq.

Is féidir miondealú na n-astaíochtaí de réir earnála sa chathair a fheiscint anso thíos. Eascraíonn na hastaíochtaí is airde as an iompar, as an ngnó agus as an earnáil chónaithe.





Fíor 15. Próifíl Astaíochtaí Chathair Phort Láirge

## 3.4.3 Tátail

Na gníomhartha a leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide seo, cuirfidh siad ar chumas na Comhairle astaíochtaí a laghdú óna gcuid astaíochtaí féin agus ón iompar go díreach. Oibreoidh an CCCPL/WCCC i gcomhpháirtíocht leis an Earnáil Tráchtála chun tosaíocht a dhéanamh den laghdú ar astaíochtaí agus chun áit ar bheagán carbóin inar féidir gnó a rith a dhéanamh de Chathair Phort Láirge. Deintear cur síos ar Ghníomhartha Aeráide i gcomhair na Cathrach i gcuid 5 den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

| Crios um Dhícharbónú Chathair Phort Láirge | Fuinneamh Iomlán (GWh) | Astaíochtaí GCT Iomlána (kt$CO_2$eq.) |
|---|---|---|
| Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge | 15.3 | 4.6 |
| Earnáil Phoiblí | 66.7 | 18.4 |
| Earnáil Tráchtála agus Tionscail | 321.1 | 82.1 |
| Earnáil Chónaithe | 238.1 | 63.1 |
| Tithíocht Shóisialta | 44.6 | 10.5 |
| Iompar | 331.4 | 86.0 |
| Talmhaíocht | 0.2 | 4.5 |
| Dramhaíl & Fuíolluisce | 0.0 | 20.3 |

Tábla 1. Miondealú na nAstaíochtaí i gCathair Phort Láirge



1 Gníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt/Southeast Energy Agency, (2023). Fardal Astaíochtaí Bonnlíne Sraith 3

# 3.5 Achoimre ar Phróifíl Astaíochtaí Reatha Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge

Deintear achoimre sa chuid seo ar shonraí d'astaíochtaí na Comhairle féin (CCCPL/WCCC) ón mbliain bhonnlíne 2018.

Tagann na sonraí a úsáidtear as an bhFardal Astaíochtaí Bonnlíne (FAB/BEI) Sraith 2[1]a d'ullmhaigh Gníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt do Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge in Aibreán 2023.

## 3.4.1 Modheolaíocht

Léirítear in Aguisín Teicniúil C an mhodheolaíocht chun Fardal Astaíochtaí Bonnlíne (FAB/BEI) Sraith 2 a chur i gcrích[2].

Deintear na sonraí i leith na n-astaíochtaí fuinneamhbhunaithe díreacha go léir de chuid na nÚdarás Áitiúil a thuairisciú ar bhonn bliantúil go dtí Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (UFIE/SEAI) fén gCóras Sainordaitheach Faireacháin agus Tuairisceoireachta, i gcomhréir leis an modheolaíocht arna leagan amach ag an UFIE/SEAI. Tríd an gcóras so, cláraítear formhór na n-astaíochtaí díreacha ó úsáid agus dóchán na mbreoslaí agus an leictreachais as na príomhlimistéir mar iompar agus foirgnimh agus saoráidí. Ní áirítear fé láthair faireachán ar astaíochtaí na tithíochta sóisialta. Úsáidtear sonraí ón gCóras Faireacháin agus Tuairisceoireachta chun soláthar a dhéanamh ar Fhardal Astaíochtaí Bonnlíne a bhíonn fuinneamhbhunaithe d'fhonn gníomhartha a mhúnlú ar mhaithe le laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí an Údaráis Áitiúil. Ríomhtar úsáid an fhuinnimh ó shonraí den ghníomhaíocht a fhaightear ón údarás áitiúil agus baintear feidhm as fachtóir astaíochtaí chun na sonraí den fhuinneamh a thiontú go dtí astaíochtaí iarbhír.

Cé go ndeintear na Spriocanna Náisiúnta a shuíomh le hais bonnlíne ón mbliain 2018, ceanglaítear ar Údaráis Áitiúla, de réir Threoirlínte na Roinne maidir le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide a ullmhú, feidhm a bhaint as meán de na sonraí ón dtréimhse 2016-2018 mar a gcuid tréimhse bonnlíne. Léirítear, dá bharr san, san Fhardal Astaíochtaí Bonnlíne (FAB/BEI) ar fud an Chontae seo sonraí bonnlíne na bliana 2018 i dtaca le Contae Phort Láirge ina iomláine, rud a chuimsíonn sonraí 2018 Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge. Maidir le spriocanna Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, áfach, ní foláir an tréimhse bhonnlíne 2016-2018 a úsáid, mar atá léirithe sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021. Airítear an dá shraith de na sonraí le hAguisín C.


## 3.4.2 Torthaí ar na hAstaíochtaí

Agus sinn ag tiontú na sonraí d'úsáid an fhuinnimh go dtí astaíochtaí, **ba iad na hastaíochtaí iomlána de chuid CCCPL/WCCC i dtaca leis an mbliain 2018 ná 8.56 kt$CO_2$eq**:

- Ba é an Soilsiú Poiblí an chuid ab airde, agus ba éard a bhí ann ná 3.06kt$CO_2$eq (36%) d'astaíochtaí
- Ba é an cion ó Fhoirgnimh agus Saoráidí ná 2.97kt$CO_2$eq (35%)
- B'ionann an tIompar agus 2.52kt$CO_2$eq (29%)

Ar na príomhfhionnachtana ón dtuarascáil um FAB/BEI tá na cinn seo thíos:

- Ba é an fuinneamh críochnaitheach iomlán a úsáideadh - sa bhliain 2018 ná 28.44 GWh
- Foirgnimh/Saoráidí ab ea an tomhaltóir fuinnimh ba mhó san earnáil, agus ba éard a bhí ann ná 36.5% den tomhaltas iomlán fuinnimh, agus ina dhiaidh bhí an tIompar ar 35% agus an Soilsiú Poibllí ar 28.5%
- Ba iad na hastaíochtaí críochnaitheacha iomlána a tháirg Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge sa bhliain 2018 ná 8.56 kt$CO_2$eq
- Bhí an Soilsiú Poiblí freagrach as na hastaíochtaí GCT/GHG ab airde ó Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, agus é ar 36%, agus bhí Foirgnimh/Saoráidí ina dhiaidh ar 35% agus ansan bhí an tIompar ar 29%




Fíor 16. Miondealú na nAstaíochtaí ó CCCPL/WCCC

## 3.4.3 Tátail

Is é cion CCCPL/WCCC de na hastaíochtaí iomlána do Chontae Phort Láirge ná 0.4%. Cé go bhfuil na hastaíochtaí seo íseal i gcomparáid le hastaíochtaí an Chontae trí chéile, is ann do dheiseanna iontacha chun feabhas a chur ar an éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh CCCPL/WCCC, chun a bheith mar cheannaire ar an nglacadh leis na teicneolaíochtaí ísealcharbóin agus chun a bheith ag obair le hearnálacha éagsúla d'fhonn astaíochtaí a laghdú agus oiriúnú a dhéanamh chun iarmhairt na dtarlúintí adhaimsire a laghdú. Thairis sin, tá ceanglas reachtúil ar CCCPL/WCCC go laghdófar ár n-astaíochtaí fé 51% ar a laghad fén mbliain 2030.

Tá Plean Gníomhaithe Chontae Phort Láirge ar son na hAeráide beartaithe chun sainmhíniú agus léiriú a dhéanamh ar bhealach follasach chun na laghduithe riachtanacha a bhaint amach. Mar chuid den phlean gníomhaithe ar son na haeráide, beidh CCCPL/WCCC freagrach as astaíochtaí na ngás ceaptha teasa a laghdú óna sócmhainní agus bonneagar féin, le linn di glacadh le cúram leathan chun tionchar a imirt ar dhaoine agus ar dhreamanna eile, agus chun éascaíocht a dhéanamh dóibh, ó thaobh a gcuid spriocanna féin a shroisint. Tá so riachtanach chun a chinntiú go mbainfear amach go hiomlán na tairbhí geilleagracha sóisialta timpeallachta is bainteach leis an ngníomhú ar son na haeráide.

Tá an plean so dréachtaithe ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge de réir na bpríomhphrionsabal de na Treoirlínte maidir le Pleanáil Ghníomhaithe an Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide chun a chinntiú go mbeidh plean gníomhaithe an údaráis áitiúil ar son na haeráide: Uaillmhianach, Gníomhdhírithe, Fianaisebhunaithe, Rannpháirtíoch agus Trédhearcach

1 Gníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt, (2023). Fardal Astaíochtaí Bonnlíne Sraith 2.



# 4. Creat na nGníomhartha ar son na hAeráide

## 4.1 Ceapadh Gnímh

Tá na Gníomhartha sa phlean so ceaptha ar bhonn a n-acmhainne chun seachadadh a dhéanamh ar an ngníomhú éifeachtach ar son na haeráide do Chathair agus do Chontae Phort Láirge. Aontaíodh na gníomhartha i ndiaidh sraithe de chruinnithe inmheánacha rannpháirtíochta le ranna na Comhairle, comhairliúchán le Comhairleoirí, seisiúin eolais sna leabharlanna don phobal i gcoitinne, rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha agus próiseas comhairliúcháin ar líne.

Chun gníomhartha an phlean so a chur i bhfeidhm, beidh gá le rannpháirtíocht, comhar, agus comhpháirtíocht le raon mór páirtithe leasmhara ó leibhéal an Rialtais go dtí leibhéal an phobail d'fhonn seachadadh a dhéanamh ar an ngníomhú ar son na haeráide.

Tá gníomhartha forbartha ag CCCPL/WCCC trí úsáid a bhaint as an gcur chuige SICRU/SMART:

1. Sonrach – an gníomh a shainmhíniú go soiléir agus deimhin a dhéanamh de gur féidir é a thomhas
2. Intomhaiste – an gníomh a chainníochtú agus/nó táscaire ar dhul chun cinn a mholadh
3. Comhaontaithe - a lua cé a stiúrfaidh an gníomh agus cé a bheidh cuntasach ann
4. Réalaíoch – deimhin a dhéanamh de go bhfuil an gníomh uaillmhianach ach indéanta ar bhonn réalaíoch
5. Uainithe – a shonrú cathain a bheidh an gníomh curtha i gcrích

Is cóir a thabhairt fé ndeara go gcloíonn na gníomhartha a liostaítear i bPlean Gníomhaithe an Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide le cur chuige creata ama.

| GNÍOMHAÍOCHT | GRÚPA | TORADH |
|---|---|---|
| Réamh-Chomhairliúchán: Cruinnithe Inmheánacha Rannpháirtíochta | Ranna Uile na Comhairle – 10 gceardlann | Gníomhartha Ranna na Comhairle a bhaineann go sonrach le gach Roinn ceaptha. |
| Réamh-Chomhairliúchán: Ceardlanna Comhairleoirí agus Cruinnithe na gCeantracha | Comhairleoirí Cathrach agus Conae – 2 Chruinniú Iomlánacha agus 3 Chruinniú Cheantracha | Próiseas um Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide pléite; saincheisteanna a bhaineann le sonrach le limistéir ar leith tarraingthe anuas; dréachtghníomhartha roinnte |
| Láithreoireacht Réamh-Chomhairliúcháin | Coiste Timpeallachta um Beartas Straitéiseach (CBS/SPC Timpeallachta) | Próiseas um Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide pléite; saincheisteanna a bhaineann le sonrach le limistéir ar leith tarraingthe anuas; dréachtghníomhartha roinnte |
| Láithreoireacht Réamh-Chomhairliúcháin | Coiste Forbartha Áitiúla Pobail (CFÁP/LCDC) | Próiseas um Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide pléite; saincheisteanna a bhaineann le sonrach le limistéir ar leith tarraingthe anuas; dréachtghníomhartha roinnte |
| Ceardlann Réamh-Chomhairliúcháin | Port Láirge 2040 | Próiseas um Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide pléite; saincheisteanna a bhaineann go sonrach le limistéir ar leith tarraingthe anuas; dréachtghníomhartha roinnte |
| Réamh-Chomhairliúchán: Seisiúin Eolais sna Leabharlanna | An Pobal i gCoitinne | Eolas a scaipeadh, plé ar shaincheisteanna a bhaineann go sonrach le limistéir ar leith. |
| Láithreoireacht Réamh-Chomhairliúcháin | Baill den Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP/PPN) | Próiseas um Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide pléite; saincheisteanna a bhaineann le sonrach le limistéir ar leith tarraingthe anuas; dréachtghníomhartha roinnte |
| Réamh-Chomhairliúchán Ar Líne tríd an dTairseach *Consult* | Na páirtithe leasmhara ar fad | Saincheisteanna a bhaineann go sonrach le limistéir ar leith tarraingthe anuas; 22 cheann de fhreagairtí sonracha taifeadta. |

Tábla 2. Rannpháirtíocht Réamh-Chomhairliúcháin

## 4.2 Fís an Phlean

Bheith ina eagraíocht atá díonach ó thaobh na haeráide de, ar bheagán carbóin agus ag spreagadh, ag stiúradh, agus ag éascú an ghníomhaithe ar son na haeráide atá uaillmhianach agus cóir ar fud an chontae agus ar fud na cathrach.

## 4.3 Misean an Phlean

Chun na spriocanna uaillmhianacha san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 a chur i gcrích agus san am céanna tionchar a imirt ar ghníomhú dearfach ar son na haeráide ar fud an phobail agus tacú leis an ngníomhú san, chomh maith lena chinntiú go bhfanfaidh Port Láirge mar áit atá tarraingteach agus inbhuanaithe chun cónaí inti, chun cuairt a thabhairt uirthi, chun staidéar a dhéanamh inti agus chun gnó a dhéanamh inti, ar mhaithe leis an nglúin reatha agus leis na glúine sa todhchaí.

Déanfaidh Plean Gníomhaithe Phort Láirge ar son na hAeráide an méid seo a leanas:

- Deimhin a dhéanamh de go bhfuil Port Láirge uaillmhianach ina chur chuige don ghníomhú aeráide agus go gcuirfear bearta i ngníomh ar bhonn na heolaíochta is fearr atá ar fáil
- Sainaithint agus seachadadh ar Chrios um Dhícharbónú i limistéar an údaráis áitiúil chun gníomhú mar limistéar tástála do raon beart um maolú agus oiriúnú ar an athrú aeráide agus raon beart bithéagsúlachta i limistéar sainmhínithe trí shainaithint a dhéanamh ar thionscadail agus ar thorthaí a chabhróidh le seachadadh an Chuspóra Náisiúnta Aeráide
- Teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite - a chomhtháthú in oibríochtaí gnó - na comhairle ar mhaithe leis an bpobal
- An oidhreacht chultúir agus an bhithéagsúlacht sa chathair is sine in Éirinn agus i limistéar leathan an chontae a chaomhnú agus a chur chun cinn
- Caighdeán na beatha agus an mhaireachtaint fholláin a chur chun cinn trí sheirbhísí ardchaighdeáin a sheachadadh
- Cultúr na smaointeoireachta nuálaí a spreagadh chun geilleagar inbhuanaithe a chothú i bPort Láirge agus ar fud an Oirdheiscirt
- An Cuspóir Náisiúnta Aeráide a chumhdach i bpleananna bliantúla oibre na Comhairle chun an t-aistriú go dtí geilleagar atá díonach ó thaobh na haeráide de, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus neodrach ó thaobh na haeráide de, a thóraíocht agus a bhaint amach, tráth nach déanaí ná deireadh na bliana 2050.

## 4.4 Spriocanna Straitéiseacha agus Cuspóir

Leagtar amach sna spriocanna straitéiseacha an comhthéasc i dtaca le gníomhartha maolúcháin agus oiriúnúcháin ar mhaithe le Fís agus Misean Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide. Trí spriocanna dá leithéid a shainaithint agus a fhorbairt, bunaítear cur chuige struchtúrtha i leith leagan amach na ngníomhartha ar son na haeráide a bheidh le hionramháil.

Is iad na cúig sprioc straitéiseacha den phlean so ná iad so a leanas:

1. Rialachas agus Ceannaireacht
2. Timpeallacht Thógtha agus Iompar
3. Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas
4. Pobail: Díonacht agus Aistriú Cóir
5. Inbhuanaitheacht agus Bainistiú ar Acmhainn

Tá liosta iomlán de na gníomhartha ar fáil in Aguisín F chun an léitheoireacht a éascú.

Baineann na gníomhartha so le limistéar Phort Láirge lasmuigh de Chathair Phort Láirge. Pléitear i gCaibidil 5 le gníomhartha a bhaineann go sonrach le Cathair Phort Láirge.

Is cóir a thabhairt fé ndeara go gcloíonn na gníomhartha go léir a liostaítear i bPlean Gníomhaithe an Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide le cur chuige creata ama. Cloíonn na gníomhartha leis na creataí ama so a leanas:

Gearrthréimhseach – laistigh de bhliain amháin
Meántréimhseach – roimh 2027
Fadtréimhseach – roimh 2029

Tagraíonn **GÉAS/DECA** do na spriocanna a shonraítear i "nGníomh Éifeachtach ar son na hAeráide á Sheachadadh" leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil[1].



---

### 4.4.1 Sprioc Straitéiseach 1: Rialachas agus Ceannaireacht

Cuirfidh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge an dea-rialachas i ngníomh and cinnteoidh sí go nochtfar ceannaireacht éifeachtach i gcur i ngníomh an Phlean Áitiúil Ghníomhaithe ar son na hAeráide.

Déanfar forbairt agus beachtú ar na sásraí cuí i dtaca le maolú agus oiriúnú éifeachtach ar son na haeráide chun a chinntiú go sroisfear na spriocanna áitiúla agus náisiúnta um ghníomhú ar son na haeráide.

**Cuspóir**
Feidhm cheannaireachta a ghlacadh ar láimh ó thaobh bearta gníomhaithe ar son na haeráide a chur i bhfeidhm ar fud Chathair agus Contae Phort Láirge, chomh maith le comhar trasrannach sa Chomhairle a chinntiú agus tionchar a imirt ar pháirtithe leasmhara seachtracha chun ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla ina gcuid réimsí freagrachta.

### Gníomhartha Ginearálta

| Gníomh # | Gníomh | Cineál an Ghnímh | Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF/KPI) | Roinn Cheannasaíochta | Spleáchais | Creat Ama | Sprioc GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1.1 | Deimhin a dhéanamh de go n-áirítear an tAthrú Aeráide leis an gClár Priacal | Oiriúnú | Clár Priacal Nuashonraithe | Seirbhísí Corparáideacha / Aeráid | Tacaíocht Bainisteoireachta | Gairid | 1,2 |
| 1.2 | Athbhreithniú ar thoilleadh foirgnimh agus ar fhéidearthachtaí cianoibre/ sealaíochta deisce d'fhoireann an Údaráis Áitiúil | Maolú | Líon na mball foirne is cuí cianobair/oibriú cumaisc; difríocht mheasta astaíochtaí | Acmhainní Daonna | Comhar trasrannach | Gairid | 1,3 |
| 1.3 | Athbhreithniú ar uaireanta solúbtha oibre agus patrúin taistil á gcur san áireamh | Maolú | Meánfhad ama comaitéireachta na mball foirne | Acmhainní Daonna | Tacaíocht bheartais | Gairid | 1,2,3 |
| 1.4 | An oiliúint bhliantúil d'fhoireann an Údaráis Áitiúil agus de na hionadaithe thofa, fé cheisteanna a bhaineann go sonrach lena gcuid oibre féin | Maolú | Líon na mball foirne a fuair an oiliúint | Aeráid | Oiliúint | Gairid | 1,3 |
| 1.5 | Comhtháthú an tSoláthair Phoiblí Ghlais i bpleananna oibre na Rannóga ar fad | Maolú | Líon na mball foirne a fuair an oiliúint, % de chonarthaí an tSoláthair Phoiblí Ghlais curtha i ngníomh | Soláthar | Oiliúint, comhar trasrannach | Gairid | 1,2 |
| 1.6 | An t-athrú aeráide a bhreithniú i dtionscadail mhórscala (anailís ar astaíochtaí carbóin mar chuid de gach anailís sa todhchaí) agus Deimhniúchán um Dhearadh Uirbeach atá Íogair don Uisce | Maolú | Táscairí Éagsúla | | Comhar trasrannach | Gairid | 1 |

## Gníomhartha Ginearálta (ar leanúint)

| Gníomh # | Gníomh | Cineál an Ghnímh | Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF/KPI) | Roinn Cheannasaíochta | Spleáchais | Creat Ama | Sprioc GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1.7 | Córas a fhorbairt chun costais na n-iarmhairtí aeráide a chlibeáil | Oiriúnú | Córas i bhfeidhm | Airgeadas | Oiliúint | Gairid | 1,2 |
| 1.8 | Meáin shóisialta um sheachadadh gníomhaithe ar son na haeráide a chruthú | Comhcheangailte | Postálacha rialta/nuashonruithe /comhairle phoiblí i gcúrsaíocht | Aeráid | Comhar trasrannach | Gairid | 1,2 |
| 1.9 | Breithniú a dhéanamh ó thaobh tacú leis an gConradh maidir le Neamhleathadh na mBreoslaí Iontaise | Maolú | An Conradh a shíniú agus na gníomhartha leantacha a ghlacadh | Aeráid | Comhar trasrannach | Gairid | 1,2 |
| 1.10 | Cur chuige réigiúnach d'fhonn leabharlanna a spreagadh chun seirbhísí ar líne a chur ar fáil agus an obair pháipéarachais a laghdú i ndáil le clódóireacht, foirmeacha srl. | Maolú | % Seirbhísí Ar Líne Ar Fáil, an méid páipéir a úsáidtear | Leabharlanna | Oiliúint, comhar trasrannach | Meánach | 1 |

## Acmhainní Daonna

| Gníomh # | Gníomh | Cineál an Ghnímh – Maolú/ Oiriúnú/ Comhcheangailte | Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF/KPI) | Roinn Cheannasaíochta | Spleáchais | Creat Ama | Sprioc GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1.11 | Oiliúint Ghníomhaithe ar son na hAeráide don Fhoireann – cur le scileanna na bhfostaithe chun a chinntiú go bhfuilid ullamh agus in ann dul in oiriúint d'iarmhairtí an athraithe aeráide. | Comhcheangailte | Líon na mball foirne a fuair an oiliúint | Aeráid/Acmhainní Daonna | Oiliúint | Gairid | 1,2 |
| 1.12 | Fógráin/Sainchuntais ar Phoist – critéir ghníomhaithe ar son na haeráide/critéir ghlasa a chur i bhfeidhm sna sainchuntais ar phoist, san áit ar féidir, chun tiomantas CCCPL/WCCC don aistriú ar son na haeráide a thaispeáint. | Comhcheangailte | Sainchuntais ar phoist nuashonraithe | Acmhainní Daonna | Comhar trasrannach | Gairid | 1,2 |
| 1.13 | Próiseas teachta ar bord do bhaill nua den fhoireann – eolas ar thuras CCCPL/ WCCC um ghníomhú ar son na haeráide a shnaidhmeadh leis an bpróiseas teachta ar bord do bhaill nua den fhoireann. | Comhcheangailte | Próiseas teachta ar bord do bhaill nua den fhoireann nuashonraithe | Aeráid/Acmhainní Daonna | Comhar trasrannach | Gairid | 1,2 |
| 1.14 | Beartas um obair chumaisc – na tairbhí den chianobair a thaispeáint ó thaobh na coigilte ar astaíochtaí, na ciliméadair thaistil seachanta srl. | Maolú | Togra ullmhaithe, agus meastachán ar an gcoigilt ar astaíochtaí san áireamh | Acmhainní Daonna/ Aeráid | Comhar trasrannach | Gairid | 1,2 |
| 1.15 | Beartas taistil – critéir ghníomhaithe aeráide/critéir ghlasa a shnaidhmeadh leis an mbeartas taistil, athbhreithniú ar an ngá le taisteal idir na láithreacha oibre. | Maolú | Nuashonrú ar bheartas taistil | Acmhainní Daonna | Comhar trasrannach | Meánach | 1,2 |
| 1.16 | Beartas ar uaireanta solúbtha oibre – athbheithniú ar an mbeartas san chun plódú tráchta a laghdú, astaíochtaí agus am taistil a laghdú maidir le baill foirne a bhíonn ag taisteal ag na huaireanta tráchta is gnóthaí. (i gcás sealbhóirí poist nach mbíonn ag plé leis an bpobal) | Comhcheangailte | Comaitéireacht i rith na n-uaireanta tráchta is ciúine ar fáil | Acmhainní Daonna | Comhar trasrannach | Gairid | 1,2 |
| 1.17 | Feachtas bliantúil um choigilt fuinnimh "Laghdaigh d'Úsáid" a sheachadadh | Maolú | Seachadadh rathúil ar an bhfeachtas agus coigiltí tomhaiste fuinnimh | Aeráid | Oiliúint, Comhar trasrannach | Gairid | 1,2 |
| 1.18 | Duais don Churadh Glas – i gcomhpháirtíocht leis an mBuíon Ghíomhaithe ar son na hAeráide, scéim a sheiftiú chun aitheantas a thabhairt d'fhostaithe a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí chun an gníomhú ar son na haeráide sa láthair oibre a chur chun cinn agus a fheabhsú | Comhcheangailte | Scéim um Dhuais Bhliantúil curtha i bhfeidhm | Aeráid/Acmhainní Daonna | Comhar trasrannach | Gairid | 1,2 |

## Airgeadas

| Gníomh # | Gníomh | Cineál an Ghnímh | Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF/KPI) | Roinn Cheannasaíochta | Spleáchais | Creat Ama | Sprioc GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1.19 | Taifeadadh cuí ar chostas na hadhaimsire don Chomhairle fiú sa chás nach ann do scéim chun cistí a éileamh thar n-ais | Comhcheangailte | Líon na gcostas adhaimsire a cláraíodh | Airgeadas | Comhar trasrannach | Meánach | 3 |
| 1.20 | Forbairt um chás gnó chun costas fadtréimhseach fuinnimh agus timpeallachta a chuimsiú freisin | Comhcheangailte | Nós imeachta um chás gnó nuashonraithe | Aeráid | Comhar trasrannach | Gairid | 1,2,3 |
| 1.21 | Leanúint na Scéime Lascaine Fuinnimh ar Rátaí Tráchtála | Maolú | # de ghnólachtaí páirteach agus ag coigilt fuinnimh | Aeráid/Airgeadas | Tacaíocht ó ghnólachtaí | Gairid | 2,5 |
| 1.22 | Caiteachas bliantúil tiomnaithe ar an athrú aeráide mar chion den bhuiséad bardasach nó *per capita* | Comhcheangailte | € infheistithe i dtionscadail oiriúnúcháin nó maolúcháin | Bainisteoirí Sinsearacha | Roghanna Buiséadúcháin leagtha síos de réir beartais | Gairid | 1,2,3 |
| 1.23 | Infheistíocht na Comhairle Contae i gcomhpháirtíocht ar mhaithe le tionscadail fuinnimh in-athnuaite ina sainaithnítear tionscadal oiriúnach[a] | Maolú | # de thionscadail indéanta | Pleanáil | Comhar trasrannach, Acmhainní | Meánach | 1,2,4,5 |
| 1.24 | Iarratas a dhéanamh ar Chistiú Taiscéalaíochta agus tionscadail fuinnimh a sheachadadh agus leanúint d'iarratas a dhéanamh ar Chistiú um Pobal Fuinnimh Níos Fearr[a] | Comhcheangailte | # de thionscadail seachadta<br><br># de choigilt tonnaí CO2 | Aeráid/Airgeadas | Comhar trasrannach | Meánach | 1,2 |
| 1.25 | Forbairt a dhéanamh ar Bhanna Glas do Phort Láirge | Comhcheangailte | € d'infheistíocht áirithithe | Aeráid/Airgeadas | Oiliúint, Acmhainní | Meánach | 1,2 |
| 1.26 | Forbairt a dhéanamh ar ionstraim airgeadais chun iarfheistiú na tithíochta sóisialta a bhrostú[a] | Maolú | # de thithe uasghrádaithe | Aeráid/Airgeadas | Comhar trasrannach, Acmhainní | Meánach | 1,2, 4 |

## 4.4.2 Sprioc Straitéiseach 2: Timpeallacht Thógtha agus Iompar

## Cuspóir

Laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí na ngás ceaptha teasa de chuid Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge trí laghdú a dhéanamh ar a bheith i dtuilleamaí na mbreoslaí iontaise trí éifeachtúlacht mhéadaithe fuinnimh, gluaiseacht chun an iompair ghníomhaigh agus chun an iompair phoiblí, úsáid na dteicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite agus tionchar a imirt ar mhaithe leis an athrú iompraíochta ar bhonn inmheánach agus ar bhonn seachtrach.

## Iompar

| Gníomh # | Gníomh | Cineál an Ghnímh | Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF/KPI) | Roinn Cheannasaíochta | Spleáchais | Creat Ama | Sprioc GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2.1 | **Oiliúint Tiomána Éiceolaíche** a sholáthar d'fhoireann Chabhlach Feithiclí CCCPL/ WCCC | Maolú | % d'fhoireann an Chabhlaigh Feithiclí a fuair an oiliúint | Bóithre/Acmhainní Daonna | Acmhainní | Gairid | 1,2 |
| 2.2 | **Breosla in-athnuaite** a chur in áit na mbreoslaí iontaise i gCabhlach Feithiclí CCCPL/ WCCC agus san am céanna féachaint chuige go bhfoinseofar ar bhealach inbhuanaithe an fuinneamh/breosla a úsáidfear chun feithiclí an údarais aitiúil a chumhachtú[b] | Maolú | % den Chabhlach Feithiclí ag rith ar HVO (Ola Phlandúil Hidreachóireáilte); (% d'athrú in astaíochtaí GCT Clarke) | Bóithre/Aeráid | Comhar trasrannach, Acmhainní | Meánach - Fada | 1,2 |
| 2.3 | Feithiclí leictreacha (EV) a chur in áit na bhfeithiclí breosla iontaise i gCabhlach Feithiclí CCCPL/ WCCC[c] | Maolú | % den Chabhlach Feithiclí atá ina bhfeithiclí leictreacha (EV) | Bóithre/Aeráid | Riachtanais bhuiséadúcháin | Meánach | 1,2 |
| 2.4 | An Straitéis um Luchtú Fheithiclí Leictreacha an Chontae a sheachadadh agus na fionnachtana a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú don scéim um luchtú na bhfeithiclí leictreacha i gcomharsanachtaí cónaithe i leith na limistéar a bheidh aitheanta mar a bheith i ngátar pointí luchtúcháin[a] | Maolú | Líon na scéimeanna | ZEVI (Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann) / Oifigí na Limistéar | Comhar trasrannach, Acmhainní, Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmharca seachtracha | Meánach | 4,5 |
| 2.5 | Cur le cabhlach reatha na rothar leictreach agus an tacaíocht riachtanach a thabhairt don fhoireann chun na rothair a úsáid | Maolú | Méadú ar rothair agus úsáid | Taisteal Gníomhach | Riachtanais bhuiséadúcháin | Gairid | 1,2 |
| 2.6 | Seachadadh a dhéanamh ar Mhoil Leictrea-Shoghluaiseachta (iosta do ghluaisteáin, scútair agus rothair leictreacha), ina bhféadfaidh an pobal feithiclí a fháil ar cíos agus éascaíocht a dhéanamh do chlubanna feithiclí leictreacha[a] | Maolú | # de mhoil | Bóithre | Láithreacha a bheith ar fáil, acmhainní, páirtithe leasmhara seachtracha, comhar trassrannach | Meánach | 4,5,6 |
| 2.7 | Taighde a dhéanamh ar indéantacht na réiteach nuálach um **Luchtú na bhFeithiclí Leictreacha** (luchtú urláir, luchtú lastuas) | Maolú | Foilsiú na Straitéise um Luchtú na bhFeithiclí Leictreacha | Aeráid | Taighde, buiséadúchán | Fada | 5 |
| 2.8 | Comhoibriú leis an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI/NTA) chun córais a fheabhsú:- Comhtháthú idir an t-iarnród agus SILCPL/WMATS (Na Céanna Thuaidh) - Saoráidí stad bus - Ceangailtí Bus | Maolú | # de stadanna bus<br>Síneadh ar bhealaí bus | Bóithre | Comhar trasrannach | Gairid | 4,6 |

## Iompar (ar leaniúnt)

| Gníomh # | Gníomh | Cineál an Ghnímh | Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF/KPI) | Roinn Cheannasaíochta | Spleáchais | Creat Ama | Sprioc GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2.9 | Dul i gcomhar le lucht an Taistil Ghníomhaigh & leis an Innealtóir Ceantair chun scoileanna a shainaithint agus chun oibriú leo súd d'fhonn clár a rith um bealaí sábhálte chun na scoile (Sráideanna Scoile). É a bheith mar aidhm scoil amháin in aghaidh na bliana sa Chontae [a] | Maolú | # de thionscadail | Bóithre, Taisteal Gníomhach | Comhar trasrannach, rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara | Meánach | 1, 4, 6 |
| 2.10 | Céatadán de na háiteanna páirceála athraithe go dtí páirceáil rothar – athbhreithniú ar pháirceáil riachtanach agus maoiniú ar pháirceáil rothar in áiteanna oiriúnacha | Maolú | # d'áiteanna páirceála rothar curtha ar fáil | Bóithre, Taisteal Gníomhach | Comhar trasrannach, éileamh | Meánach | 1,4 |
| 2.11 | Clár in aghaidh an Réchasta (Nasc le truailliú an aeir / Sláinte). Faireachán ísealchostais ar thruailliú an aeir | Maolú | Feachtas seachadta agus deireadh curtha leis an réchasadh lasmuigh de bhunscoileanna | Bóithre, Pobal, Aeráid | Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara, comhar trasrannach | Meánach | 5,6 |
| 2.12 | An clár faireacháin ar chaighdeán an aeir a leathnú go dtí bunscoileanna i mbailte ar fud na cathrach | Maolú | # de mhonatóirí suiteáilte | Comhshaol | Acmhainní, Páirtithe leasmhara seachtracha | Meánach | 3, 4, 6 |
| 2.13 | Beartas um Chárta Breosla (lena n-áirítear faireachán, PTF/KPI - míleáiste in aghaidh an lítir) | Maolú | Beartas seachadta | Bóithre | Comhar trasrannach, oiliúint na foirne | Gairid | 1, 2 |
| 2.14 | Dreasachtaí oiriúnacha a shainaithint agus a chur i bhfeidhm chun daoine a spreagadh chun carr-roinnt a dhéanamh | Maolú | Seachadadh na haipe carr-roinnte, tairbhí páirceála i bhfeidhm | Bóithre | Comhar trasrannach | Meánach | 1, 2 |
| 2.15 | Páirceáil na ngluaisteán a bhainistiú trí Sriantachtaí ar Éileamh chun an t-iompar gníomhach agus an t-iompar poiblí a dhéanamh níos tarraingtí | Maolú | # de charrchlóis páirteach | Bóithre/Bainisteoirí Sinsearacha | Taighde, Comhar trasrannach | Fada | 1,2,6 |
| 2.16 | Athbhreithniú a dhéanamh ar thimpealláin chun feabhsuithe a aimsiú: Stíl Ísiltíreach | Maolú | # de thimpealláin | Taisteal Gníomhach | Taighde agus oiriúnacht láithreach | Meánach | 1,3,6 |
| 2.17 | Plean Soghluaisteachta a sheachadadh i gcomhair na Comhairle agus fostóirí móra sa chathair a spreagadh chun an rud céanna a dhéanamh | Maolú | % de laghdú i líon na mball foirne a thaistealaíonn i bhfeithiclí aontaistealaí | Gníomhú ar son na hAeráide | Comhar trasrannach | Gairid | 1,5 |

## Bainistiú na mBóithre

| Gníomh # | Gníomh | Maolú/ Oiriúnú/ Comhcheangailte | Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF/KPI) | Roinn Cheannasaíochta | Spleáchais | Creat Ama | Sprioc GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2.18 | Comhtháthú na gCóras um Dhraenáil Uirbeach Inbhuanaithe agus na réiteach dúlrabhunaithe eile sna pleananna[d] | Oiriúnú | # de scéimeanna oiriúnaithe, laghdú ar tharlúintí tuilte | Pleanáil, Bóithre | Gairid | Oiliúint, comhar trasrannach | 1,3 |
| 2.19 | Spriocanna an Taistil Ghníomhaigh - páirceáil shábháilte na rothar sna príomh-charrchlóis, lánaí rothar deartha chun a n-úsáide ag comaitéirí laethúla[a] | Maolú | ciliméadair de bhonneagar rothaíochta curtha i ngníomh | Taisteal Gníomhach, Bóithre | Meánach | Comhar trasrannach | 4,6 |
| 2.2 | Tosaíocht do rothair ag acomhail chun an tsábháilteacht a fheabhsú agus chun an rothaíocht shábháilte a chur chun cinn. Línte Stad Roimh Ré (bosca rothair) a chuimsiú do rothaithe ag na hacomhail | Maolú | # d'acomhail spriocdhírithe | Bóithre | Gairid | Comhar trasrannach | 6 |
| 2.21 | Bogadh ar aghaidh ó na carrchlóis shealadacha chun an bonneagar carrdhírithe a laghdú | Maolú | coigiltí ar astaíochtaí C02, laghdú ar an bplódú tráchta | Bóithre | Meánach | Comhar trasrannach | 1,3,6 |
| 2.22 | Laghdú a dhéanamh ar an iarmhairt teasoileáin uirbigh sna limistéir uirbeacha (limistéir ghlasa chomh maith le pábháil in aon áirithiú do choisithe, brat méadaithe crann) | Comhcheangailte | Bearta déanta chun teochtaí a laghdú m.s. glasú uirbeach. % de spás glas méadaithe, teochtaí tomhaiste | Pleanáil | Meánach | Acmhainní, oiliúint | 1,3 |
| 2.23 | Cuid den chlár gnó áitiúil a dhéanamh gach bliain den Lá Eorpach Saor ó Charranna/ Laethanta an Aeir Ghlain/Seachtain na Rothar | Maolú | rannpháirtíocht san imeacht, coigiltí ar astaíochtaí C02 | Aeráid, Bóithre | Gairid | Comhaontú Polaitiúil, comhar trasrannach | 4,5,6 |
| 2.24 | "baill the" na tráchta a shainaithint agus pleananna bainisteoireachta a chur i ngníomh | Maolú | laghduithe ar an bplódú tráchta | Bóithre | Meánach | Comhar trasrannach | 1,3 |
| 2.25 | Triail a bhaint as ábhair bhóithre nua a bhfuil luachanna ísle carbóin acu, i gcomhpháirtíocht le TII (Bonneagar Iompair Éireann) | Comhcheangailte | coigiltí ar astaíochtaí C02 | Bóithre | Gairid | Acmhainní, oiliúint | 1,2 |
| 2.26 | Athbhreithniú a dhéanamh ar Theorainn Luais de réir na Straitéise Iompair do Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge - 30km san uair ar bhóithre uirbeacha[e] | Maolú | Tuarascáil scóipe, líon na mbealaí lenar pléadh | Bóithre | Gairid | Comhaontú Polaitiúil, comhar trasrannach | 1 |
| 2.27 | Suirbhé ar bhóithre/ droichid/ bonneagar atá leochaileach do tharlúintí adhaimsire, tuarascáil leochaileachta a tháirgeadh agus na struchtúir úd a athneartú[f] | Comhcheangailte | Droichid sainaitheanta | Bóithre | Meánach | Comhar trasrannach | 1,3 |
| 2.28 | Forfheidhmiú ar dhlíthe in aghaidh na páirceála ar chosáin nó in áiteanna páirceála do dhaoine fé mhíchumas/ cosáin níos airde chun cur in aghaidh na páirceála mídhleathaí. A chinntiú go mbeidh gach cosán ard a dhóthain chun go mbeidh sé níos airde ná an bóthar tadhlach d'fhonn cur in aghaidh na páirceála ar chosáin | Maolú | Laghdú ar pháirceáil mhídhleathach | Bóithre | Gairid | Comhaontú polaitiúil, comhar trasrannach | 1 |

## Bainistiú na mBóithre (ar leanúint)

| Gníomh # | Gníomh | Maolú/ Oiriúnú/ Comhcheangailte | Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF/KPI) | Roinn Cheannasaíochta | Spleáchais | Creat Ama | Sprioc GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2.28 | Forfheidhmiú ar dhlíthe in aghaidh na páirceála ar chosáin nó in áiteanna páirceála do dhaoine fé mhíchumas/ cosáin níos airde chun cur in aghaidh na páirceála mídhleathaí. A chinntiú go mbeidh gach cosán ard a dhóthain chun go mbeidh sé níos airde ná an bóthar tadhlach d'fhonn cur in aghaidh na páirceála ar chosáin | Maolú | Laghdú ar pháirceáil mhídhleathach | Bóithre | Gairid | Comhaontú polaitiúil, comhar trasrannach | 1 |
| 2.29 | Deimhin a dhéanamh d'athúsáid ar plánálacha bóthair agus ábhair eile | Maolú | Coigiltí costais | Bóithre | Gairid | Oiliúint, comhar trasrannach | 1,2 |
| 2.30 | Dul i gcomhairle le TII (Bonneagar Iompair Éireann) d'fhonn Tosaíocht an tSoláthair Ghlais a chur i ngníomh i sonraíochtaí na mbóthar | Maolú | Tosaíocht an tSoláthair Ghlais curtha i ngníomh | Bóithre | Gairid | Páirtithe leasmhara seachtracha | 1,2,4 |
| 2.31 | An tAthrú Aeráide a Áireamh le Bogearraí Bhainistiú na Sócmhainní (Bóithre a Léarscáiliú/ MapRoads) | Comhcheangailte | Limistéir ina bhfuil an t-athrú aeráide comhtháite | Bóithre | Gairid | Oiliúint, comhar trasrannach | 1,3 |
| 2.32 | 'Bealaí Ríthábhachtacha Bonneagair' a shainaithint i gcomhair na seirbhísí éigeandála san adhaimsir | Oiriúnú | Bealaí sainaitheanta | Bóithre | Meánach | Comhar trasrannach | 1 |

# Pleanáil

| Gníomh # | Gníomh | Maolú/ Oiriúnú/ Comhcheangailte | Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF/KPI) | Roinn Cheannasaíochta | Spleáchais | Creat Ama | Sprioc GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2.33 | Prótacal a ullmhú agus a fheidhmiú chun caighdeán réamhshocraithe a chumasú agus a cheangal i dtaca le 'Prófáil Aeráide' lena n-áirítear dearadh uirbeach a bhíonn íogair don uisce, Pleananna um Bainistiú Uisce Báistí agus Measúnacht Saolré ar na pleananna, ceannacháin agus | Oiriúnú | • Deimhniúchán um Prófáil Aeráide a Fhorbairt<br>• Prófáil Aeráide a chur i bhfeidhm ar gach iarratas fé Chuid 8 agus Alt 177AE go dtí An Bord Pleanála | Pleanáil | Gairid | Oiliúint, páirtithe leasmhara seachtracha, acmhainní | 1,2,3 |
| 2.34 | Próiseas dhéanamh na gcinntí chun measúnacht a dhéanamh ar iarmhairt na forbartha nua a mholtar i limistéir a mbreithnítear go mbaineann sriantacht i dtaca le soláthar agus caighdeán an uisce leo (is é sin, ó thriomach a bhaineann leis an aeráid, tarlúintí báistí adhaimsire). Measúnacht a dhéanamh ar an iarmhairt maidir le scaoileadh fuíolluisce agus Córais Chóireála | Oiriúnú | • Modheolaíocht / prótacal a ullmhú<br>• Treorú a ullmhú i dtaca le forbairtí a mholtar i limistéir ina mbíonn soláthar nó caighdeán an uisce ina sriantacht | Pleanáil | Gairid | Oiliúint, páirtithe leasmhara seachtracha, acmhainní | 1,2,3 |
| 2.35 | Clár rialta d'oiliúint aeráide do Phleanálaithe (lena n-áirítear measúnacht saolré, bainistiú uisce báistí, Draenáil Uirbeach Inbhuanaithe srl.) | Comhcheangailte | Líon na bpleanálaithe a fuair an oiliúint | Pleanáil | Gairid | Oiliúint | 1,3 |
| 2.36 | Suirbhé geoiteirmeach ar an gcontae a chur i gcrích chun sainaithint a dhéanamh ar na limistéir ina bhfuil an deis is fearr ar fáil chun teas a tháirgeadh i gcóngar d'fhoirgnimh na Comhairle. Áireofar leis an suirbhé measúnacht indéantachta maidir le comhshnaidhmeadh an Fhuinnimh Gheoiteirmigh sna córais téimh reatha. | Maolú | Suirbhé curtha i gcrích, limistéir sainaitheanta | Pleanáil, Aeráid, Córais Faisnéise | Meánach | Páirtithe Leasmhara Seachtracha | 1 |
| 2.37 | An Mhodeolaíocht um Anailís ar Shaolré, breithniú na n-astaíochtaí carbóin, agus breithniú na hiarmharta ar chaighdeán an uisce le húsáid sa phleanáil ar oibreacha tithíochta agus foirgníochta agus maidir leis an gcead pleanála ón mbliain 2027 i ndiaidh ghlacadh an Bheartais Náisiúnta ar an Measúnacht Saolré. | Maolú | Modheolaíocht úsáidte | Pleanáil | Meánach | Acmhainní, oiliúint, páirtithe leasmhara seachtracha | 1,2,3, |
| 2.38 | Tacú le hathghiniúint nua fé úinéireacht phríobháideach trí éascaíocht a dhéanamh do phobal comhoibritheach le comhthacar sainscileanna chun tabhairt fé thionscadail athchóiriúcháin ó laistigh dá chuid acmhainní féin, agus é ag tógaint ar an obair a deineadh fén URDF (An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach)[a] | Comhcheangailte | Scéimeanna athghiniúna curtha i ngníomh | Tithíocht, Pleanáil | Meánach | Oiliúint, acmhainní, páirtithe leasmhara seachtracha | 4,5 |
| 2.39 | Aon áit chónaithe nua a cheannóidh CCCPL/WCCC ón mbliain 2025, beidh sí tógtha chun na gcaighdeán "neodrach ó thaobh an charbóin de" | Maolú | # d'áiteanna cónaithe tógtha chun na gcaighdeán "neodrach ó thaobh an charbóin de" | Tithíocht, Pleanáil | Meánach | Acmhainní | 1,2 |
| 2.40 | Fálta sceach bunaidh a áireamh mar ghné laistigh d'fhorbairt láithreáin úrnua (fé réir línte radhairc a bheith á gceadú) | Oiriúnú | Méid (ciliméadair) d'fhálta sceach a choimeádtar | Pleanáil | Gairid | Oiliúint | 1,3 |

## Iompar Gníomhach

| Gníomh # | Gníomh | Maolú/Oiriúnú/ Comhcheangailte | Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF/KPI) | Roinn Cheannasaíochta | Spleáchais | Creat Ama | Sprioc GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2.41 | Rothair a iarraidh ar TFI (Iompar d'Éirinn) a bheidh le síneadh níos faide amach as an gcathair | Maolú | Limistéir spriocdhírithe | Taisteal Gníomhach | Gairid | Páirtithe leasmhara seachtracha | 1,6 |
| 2.42 | Triail Seachadta Rothar do ghnó i nDún Garbhán agus i gCoill Mhic Thomáisín | Maolú | Triail rite agus rath uirthi | Taisteal Gníomhach | Meánach | Comhar trasrannach, páirtithe | 1,4,5 |
| 2.43 | Measúnacht ar Leabharlanna Rothar atá ann cheana chun a fháil amach féna n-indéantacht i gContae Phort Láirge | Maolú | Staidéar indéantachta, na limistéir sainaitheanta | Taisteal Gníomhach | Gairid | Páirtithe leasmhara seachtracha, oiliúint, acmhainní | 1 |
| 2.44 | Ciliméadair bhreise de chosáin uasghrádaithe fén mbliain 2029 - 23.16km sa Chontae, 3km sa Chathair[a] | Maolú | Ciliméadair de chosáin uasghrádaithe | Taisteal Gníomhach | Fada | Acmhainní, comhar trasrannach | 1,3,6 |
| 2.45 | Ciliméadair bhreise de lánaí rothar nua - 10.62km sa Chontae, 33.92km sa Chathair[a] | Maolú | Ciliméadair de lánaí rothar curtha i ngníomh | Taisteal Gníomhach | Fada | Acmhainní, comhar trasrannach | 1,3,6 |
| 2.46 | Ealaín asfailt a úsáid sa dearadh sráide chun triail a bhaint as leaganacha amach éagsúla a chuirfidh an Taisteal Gníomhach chun cinn | Maolú | Sráideanna spriocdhírithe | Taisteal Gníomhach | Gairid | Acmhainní, comhar trasrannach | 2,3,4,6 |
| 2.47 | Athbhreithniú a dhéanamh ar áiteanna páirceála do ghluaisteáin an túisce a bheidh an Taisteal Gníomhach, an Socrú Carr-roinnte agus Iompar Poiblí curtha i bhfeidhm agus breithniú a dhéanamh maidir le hathrú úsáide ar limistéir bheaga (gairdíní, páirceanna scátála srl.) | Maolú | Athbhreithniú curtha i gcrích, áiteanna leasaithe | Bóithre | Meánach | Acmhainní, comhar trasrannach | 3,4,6 |
| 2.48 | Sprioc pháirceála rothar - páirceáil do 5,000 rothar sa Chontae trí chéile[a] | Maolú | Áiteanna lamháilte | Taisteal Gníomhach | Fada | Acmhainní, comhar trasrannach | 1,3,6 |
| 2.49 | Giniúint chumhachta cúltaca in-athnuaite a fhiosrú do fhreastalaithe atá sobhuailte ó ghearrthacha cumhachta (Dún Garbhán)[a] | Oiriúnú | Tuarascáil scóipe, roghanna sainaitheanta, Triail LLDB/SWOT (láidreachtaí, laigí, deiseanna, bagairtí) | IS (Córais Faisnéise) | Gairid | Acmhainní, oiliúint | 1,2,3 |
| 2.50 | Bainistiú cuí na dtaifead a áireamh le Dúshlán na Buíne Glaise den fhoireann | Maolú | Córas um bainistiú na dtaifead uasghrádaithe | IS (Córais Faisnéise) | Gairid | Oiliúint | 1,2 |

## Iompar Gníomhach (ar leanúint)

| Gníomh # | Gníomh | Maolú/Oiriúnú/Comhcheangailte | Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF/KPI) | Roinn Cheannasaíochta | Spleáchais | Creat Ama | Sprioc GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2.51 | Córas bainisteoireachta chun míreanna a bhaint nuair a bheidh an tréimhse reachtúil chun iad a choimeád tar éis dul thart | Maolú | Athbhreithniú ar an gcóras, roghanna eile sainaitheanta | IS (Córais Faisnéise) | Gairid | Comhar trasrannach | 1,2 |
| 2.52 | WatMaps a úsáid d'fhonn eolas a chur ar fáil fé ghnéithe inbhuanaitheachta chun go mbeidh fáil ag an bpobal air | Comhcheangailte | Gnéithe comhtháite | IS (Córais Faisnéise) | Meánach | Comhar trasrannach | 1,4 |
| 2.53 | Plean Oidhreachta Contae a Fhorbairt, agus an gníomhú ar son na haeráide mar théama leathan ann (Profáilte ó thaobh na hAeráide de) | Comhcheangailte | Plean forbartha agus glactha | Ranna Oidhreachta agus Caomhantais (CCCPL/WCCC) | Meánach | Comhar trasrannach | 1,2,3 |
| 2.54 | Tabhairt fé mheasúnú priacail ar an athrú aeráide maidir le sócmhainní oidhreachta tógtha atá fé úinéireacht an údaráis áitiúil chun foirgnimh a shainaithint ar dócha go raghaidh an adhaimsir nó an creimeadh i bhfeidhm orthu | Comhcheangailte | Measúnú curtha i gcrích, sócmhainní oidhreachta sainaitheanta | Ranna Oidhreachta agus Caomhantais (CCCPL/WCCC) | Meánach | Páirtithe leasmhara seachtracha | 1,3 |
| 2.55 | Tionscadail a fhorbairt ar bhonn réigiúnach chun athúsáid oiriúnúcháin ar dhéanmhais stairiúla a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as tionscadail eiseamláireacha iarfheistiúcháin, measúnú tionchair saolré agus buiséid charbóin chun luach aeráide a thaispeáint[a] | Comhcheangailte | Tionsadail forbartha | Ranna Oidhreachta agus Caomhantais (CCCPL/WCCC) | Meánach | Acmhainní, páirtithe leasmhara seachtracha, comhar trasrannach | 1,3,4,6 |
| 2.56 | Deimhin a dhéanamh de phrofáil aeráide ar an gcistiú oidhreachta arna riaradh ag CCCPL/WCCC, agus béim á cur ar fheidhmíocht fheabhsaithe an fhuinnimh in éineacht le príomhchuspóir chaomhnú na bhfoirgneamh. | Maolú | Foirgnimh sainaitheanta i gcomhair feabhsuithe, sruthanna cistiúcháin bunaithe | Ranna Oidhreachta agus Caomhantais (CCCPL/WCCC) | Meánach | Páirtithe leasmhara seachtracha, oiliúint, comhar trasrannach | 1,2,4 |

# Iompar Gníomhach (ar leanúint)

| Gníomh # | Gníomh | Maolú/Oiriúnú/ Comhcheangailte | Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF/KPI) | Roinn Cheannasaíochta | Spleáchais | Creat Ama | Sprioc GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2.57 | Tionscadal atá nuálach agus cruthaitheach a dhearadh chun láithreacha seandálaíochta (nó láithreacha eile) a úsáid d'fhonn pobail áitiúla a spreagadh chun a bheith páirteach go cruthaitheach san athrú aeráide agus san oidhreacht agus iarmhairtí an athraithe aeráide a thaispeáint | Comhcheangailte | Tionscadal sainaitheanta agus curtha i ngníomh | Ranna Oidhreachta agus Caomhantais (CCCPL/WCCC) | Gairid | Acmhainní, páirtithe leasmhara seachtracha, comhar trasrannach | 3,4 |
| 2.58 | Clár oiliúna a chruthú d'fhoireann an údaráis áitiúil in úsáid na n-ábhar traidisiúnta agus úsáid na scileanna traidisiúnta m.s. aol agus saoirseacht chloiche, chun cúnamh a thabhairt maidir le caomhantas na ndéanmhas traidisiúnta a chur i gcrích d'fhonn a ndíonacht ó thaobh na haeráide de a mhéadú agus d'fhonn feasacht a mhúscailt fén dtábhacht a bhaineann le hábhair agus scileanna traidisiúnta | Comhcheangailte | Clár ceaptha, foireann sainaitheanta | Ranna Oidhreachta agus Caomhantais (CCCPL/WCCC) | Gairid | Acmhainní , oilliúint | 1,3 |
| 2.59 | Díriú ar áiteanna cónaithe sóisialta ina n-úsáidtear breoslaí soladacha go fóill mar thosaíocht an chláir iarfheistiúcháin | Maolú | # d'áiteanna cónaithe aimsithe, laghdú ar astaíochtaí C02 | Aeráid, Tithíocht | Meánach | Acmhainní | 1,2,6 |
| 2.60 | Leanúint d'aistriú go dtí córais téimh lárnaigh amháin[a] | Maolú | Córais aistrithe | Tithíocht | Gairid | Acmhainní | 1,2 |
| 2.61 | Leanúint den chlár "Croí Cónaithe" a chur i bhfeidhm, agus áiteanna cónaithe folamha a thabhairt thar n-ais chun a n-úsáide[a] | Maolú | Áiteanna cónaithe folamha athraithe ó thaobh an chuspóra de | Tithíocht | Meánach | Acmhainní , comhar trasrannach | 1,6 |
| 2.62 | Pasanna Foirgnimh a úsáid chun RFF/BER (Rátálacha Fuinnimh Foirgnimh) agus feidhmíocht fuinnimh foirgnimh a mhéadú de réir a chéile | Maolú | Pasanna Foirgnimh curtha i ngníomh agus ar taispeáint | Tithíocht | Gairid | Acmhainní , oiliúint | 1,2,6 |

## Iompar Gníomhach (ar leanúint)

| Gníomh # | Gníomh | Maolú/Oiriúnú/ Comhcheangailte | Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF/KPI) | Roinn Cheannasaíochta | Spleáchais | Creat Ama | Sprioc GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2.63 | Bainistiú ar fhaichí chun an dúlra a chuimsiú | Maolú | Faichí sainaitheanta agus bainistithe, flóra agus fána sainaitheanta | Tithíocht | Gairid | Acmhainní, oiliúint | 1,3 |
| 2.64 | Córais bhreosla iontaise a sheachaint agus leanúint de chórais eile a chur in áit na gcóras téimh ghuail agus ola[a] | Maolú | Córais athsholáthartha, astaíochtaí C02 coigilte | Tithíocht | Gairid | Acmhainní, comhar trasrannach | 1,2 |
| 2.65 | Staidéar Rátála Fuinnimh Foirgnimh (RFF/BER) ar an dtithíocht shóisialta ar fad gan RFF/BER | Maolú | Staidéar críochnaithe | Tithíocht | Meánach | Acmhainní | 1,3,6 |
| 2.66 | Staidéar Comparáide ar thithíocht shóisialta atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de le tithíocht shóisialta thraidisiúnta maidir le costais bhreosla, truailliú aeir, éifeachtúlacht uisce srl. | Maolú | Staidéar críochnaithe | Tithíocht | Gairid | Acmhainní | 1,4,6 |
| 2.67 | Uasghrádú a dhéanamh ar 25% ar a laghad de thithe sóisialta (RFF/BER E/F/G go dtí RFF/BER B2 nó níos airde). Bunaítear an figiúr so ar leithdháileadh reatha an mhaoinithe, agus is féidir go dtiocfaidh méadú air. | Maolú | Líon na n-áiteanna uasghrádaithe | Tithíocht | Meánach | Acmhainní | 1,2,6 |
| 2.68 | Forbairt a dhéanamh ar roinnt áirithe Stáisiún Fíorúil Cumhachta sa chontae inar féidir le tithe atá i mbochtanas fuinnimh farasbarr fuinnimh a cheannach ón méid a atá táirgthe ó phainéal fótavoltach (PV) gréine ar fhoirgnimh phobail ar ráta laghdaithe - tionscadal comhpháirtíochta le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann | Maolú | Stáisiúin Chumhachta curtha i ngníomh, astaíochtaí CO2 coigilte | Tithíocht | Meánach | Acmhainní, comhar trasrannach | 4,6 |

## Iompar Gníomhach (ar leanúint)

| Gníomh # | Gníomh | Maolú/Oiriúnú/ Comhcheangailte | Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF/KPI) | Roinn Cheannasaíochta | Spleáchais | Creat Ama | Sprioc GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2.69 | 50% d'fheabhsú ar an éifeachtúlacht fuinnimh sna hoibríochtaí go léir de chuid na Comhairle | Maolú | Astaíochtaí CO2 coigilte | Gníomhú ar son na hAeráide | Meánach | Acmhainní, comhar trasrannach | 1,2 |
| 2.70 | Deireadh a chur de réir a chéile le coirí breosla iontaise i bhfoirgnimh na Comhairle fén mbliain 2025[a] | Maolú | Coirí aistrithe | Gníomhú ar son na hAeráide | Meánach | Comhar trasrannach | 1,2 |
| 2.71 | Soilsiú LED (dé-óid astaithe solais), atá tíosach ar fhuinneamh, a chur in áit an tsoilsithe sráide agus smacht ó thaobh an tsoilsithe de a chumasú chun fuinneamh a choigilt | | Líon na soilse sráide uasghrádaithe | Bóithre | Meánach | Acmhainní, comhar trasrannach | 1,2 |
| 2.72 | Fuinneamh in-athnuaite a chur le foirgnimh na Comhairle a bhfuil achar urláir de bhreis agus 250m2 acu agus nach bhfuil sriantachtaí caomhantais orthu[a] | Maolú | Foirgnimh sainaitheanta, córais fuinnimh in-athnuaite curtha i ngníomh | Gníomhú ar son na hAeráide | Meánach | Acmhainní, comhar trasrannach | 1,2 |
| 2.73 | Leictreachas le 100% d'inneachar in-athnuaite a fhoinsiú - iarracht comhordaithe le Comhairlí eile | Maolú | Athbhreithniú bliantúil a thaispeánann % d'inneachar in-athnuaite | Gníomhú ar son na hAeráide | Meánach | Acmhainní, comhar trasrannach, páirtithe leasmhara seachtracha | 1,2 |
| 2.74 | Talamh na Comhairle a mheasúnú ó thaobh oiriúnacht na talún don Fhuinneamh In-Athnuaite. Mar shampla, dá socrófaí sprioc 5MWh de thoilleadh suiteáilte ar fud an Chontae, agus é saothraithe i gcomhar le pobal/pobail, bheadh gá le feirm ghréine de mhéid 10ha[h] | Maolú | Má bhaintear feidhm as cumhacht na gréine, is féidir le CCCPL/WCCC 4,750,000 kWh a tháirgeadh in aghaidh na bliana. | Gníomhú ar son na hAeráide | Fada | Acmhainní, comhar trasrannach, páirtithe leasmhara seachtracha | 1,2,5 |
| 2.75 | Athbhreithniú a dhéanamh ar an spás is gá i dtaca le spás oifige - beartas sealaíochta deisce le teacht ina dhiaidh | Maolú | Beartas curtha i ngníomh | Seirbhísí Corparáideacha | Gairid | Comhar trasrannach | 1,2 |

### 4.4.3 Sprioc Straitéiseach 3: Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas

**Cuspóir:** Bonneagar glas agus gorm Phort Láirge a chosaint agus a fheabhsú chun a chinntiú go dtacófar leis an mbithéagsúlacht, go ndéanfar an bhithéagsúlacht a chothú agus a fhairsingiú, oibriú in aghaidh phriacail an athraithe aeráide agus feabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine an uile-dhuine trí cheangal feabhsaithe leis an ndúlra agus trí theacht feabhsaithe ar an ndúlra.

## Oidhreacht Nádúrtha agus Bithéagsúlacht

| Gníomh # | Gníomh | Cineál an Ghnímh | Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF/KPI) | Roinn Cheannasaíochta | Spleáchais | Creat Ama | Sprioc GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3.1 | Suirbhéanna ar ghnáthóga agus éiceachórais an chontae a chur i gcrích mar aon le béim ar linnte carbóin agus stórais charbóin agus láithreacha a shainaithint atá oiriúnach chun a bheith athshlánaithe (bogaigh, tailte coille, dumhcha, riasc goirt agus leapacha féir mhara).[i] | Comhcheangailte | Deineadh suirbhé ar na láithreacha, speicis leochaileacha sainaitheanta, carbón ceaptha, limistéir athshlánúcháin sainaitheanta, gan aon chailliúint de na bogaigh | Oidhreacht/ Bithéagsúlacht | Buiséad | Meánach | 1,3 |
| 3.2 | Plean Bithéagsúlachta Contae a Fhorbairt agus an gníomhú ar son na haeráide mar théama/sprioc leathan ann. Úsáid a bhaint as an bPlean Bithéagsúlachta Contae mar shlí chun raon deiseanna bithéagsúlachta a aibhsiú ar féidir iad a dhéanamh ar leibhéal na feirme ag féachaint go háirithe don scéim ECO nua. Béim a chur ar scéimeanna ar mhaithe le deiseanna bithéagsúllachta atá ar fáil d'fheirmeoirí[i] | Comhcheangailte | Plean glactha | Oidhreacht/ Bithéagsúlacht | Comhar trasrannach | Gairid | 1,2,3 |
| 3.3 | Tabhairt fé mheasúnú priacail ar an athrú aeráide maidir le sócmhainní oidhreachta nádúrtha atá fé úinéireacht an údaráis áitiúill agus oibreacha atreisiúcháin a ullmhú do na sócmhainní a bhfuil cosaint de dhíth orthu. | Oiriúnú | Measúnú priacail críochnaithe agus oibreacha atreisiúcháin tosnaithe | Oidhreacht/ Bithéagsúlacht | Páirtithe leasmhara seachtracha | Meánach | 1,3 |
| 3.4 | Tacú le bunú Creata Náisiúnta Aeráide atá cosúil leis an bPlean Náisiúnta Pailneoirí ina bhfuil acmhainní agus eolas á gcur ar fáil don phobal maidir leis an nGníomhú ar son na hAeráide | Comhcheangailte | Creat Forbartha | Oidhreacht/ Bithéagsúlacht | Páirtithe leasmhara seachtracha, comhar trasrannach, acmhainní | Meánach | 1,3,4 |
| 3.5 | Cur chuige dúlrabhunaithe maidir le tuilte a fhorbairt i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha. Measúnacht déanta ar leibhéal an dobharcheantair iomláin | Comhcheangailte | Cur chuige sainaitheanta agus páirtithe leasmhara rannpháirteacha | Pleanáil | Páirtithe leasmhara seachtracha, comhar | Meánach | 1,3 |
| 3.6 | Aip um bainistiú shláinte an chrainn a fhoinsiú agus a oibriú chun treochtaí i sláinte na gcrann a shainaithint agus chun uasmhéadú a dhéanamh ar na féidearthachtaí go gcuirfear crann go rathúil. Úsáidfear an aip chun bainistiú a dhéanamh ar na crainn go léir a dtugann an Chomhairle aire dóibh | Maolú | Aip forbartha | Comhshaol/ I.S. (Córais Faisnéise) | Comhar trasrannach, páirtithe leasmhara seachtracha | Gairid | 1,3 |
| 3.7 | Leanúint den Mhuiríneach a chur agus de na hoibreacha chun na dumhcha a chobhsú san áit ar féidir é. Roghanna eile a fhiosrú amhail athsholáthar gainimh agus bearta cosúil le hInneall Ísiltíreach an Ghainimh *(Dutch Sand Engine* ) | Maolú | Muiríneach curtha, dumhcha cobhsaithe | Comhshaol | Acmhainní | Gairid | 3 |

## Oidhreacht Nádúrtha agus Bithéagsúlacht (ar leanúint)

| Gníomh # | Gníomh | Cineál an Ghnímh | Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF/KPI) | Roinn Cheannasaíochta | Spleáchais | Creat Ama | Sprioc GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3.8 | Bonneagar glas a léarscáiliú – conairí fiadhúlra, spásanna caomhantais agus spásanna athchóiriúcháin a shainaithint. Fé Phlean Forbartha an Chontae, tá Straitéis um Bonneagar Gorm/Glas á forbairt. | Comhcheangailte | Bonneagar léarscáilithe | Comhshaol/Pleanáil/ I.S. (Córais Faisnéise) | Buiséad, oiliúint | Gairid | 1 |
| 3.9 | Measúnacht indéantachta a chur i gcrích chun a fháil amach an féidir sainaithint a dhéanamh ar dhobharlaigh a bhíonn fíorleochaileach do tharlúintí foircneacha uisce a bhaineann leis an athrú aeráide, agus i mbaol gan a bheith in ann déanamh de réir cheanglais Chreat-Treoir Uisce an Aontais Eorpaigh. | Comhcheangailte | Críochnú na measúnachta indéantachta | Oidhreacht/ Bithéagsúlacht | Buiséad | Meánach | 1,3 |
| 3.10 | Feachtas feasachta poiblí a dhéanamh ar chothabháil na gcrann cois bóthair chun leagan neamriachtanach na gcrann sláintiúil a laghdú agus cailliúint an stoic charbóin a laghdú. (Treorú a áireamh le litreacha bliantúla) | Comhcheangailte | Réimse an fheachtais, feabhsú ar stoc na gcrann | Oidhreacht | Comhar trasrannach, páirtithe leasmhara seachtracha | Gairid | 1,3,4 |
| 3.11 | Cáipéis treorúcháin agus oiliúint a ulllmhú fén dtábhacht a bhaineann le rátáil na cáilíochta agus le bainistiú inbhuanaithe na bhfálta sceach agus na limistéar bruachánach, d'fhoireann na Comhairle agus do pháirtithe leasmhara seachtracha, lena n-áirítear feirmeoirí/ úinéirí talún. | Comhcheangailte | Cáipéis cruthaithe agus dáilte<br>Líon na mball foirne a fuair an oiliúint<br>Imeacht bliantúil oiliúna tionólta | Oidhreacht | Comhar trasrannach, acmhainní | Gairid | 1,3,4 |
| 3.12 | Seachadadh a dhéanamh ar mhéadú bliantúil ar líon na gcrann a beidh curtha ar thailte an údaráis áitiúil, ar thailte poiblí eile agus ar thailte príobháideacha | Comhcheangailte | méadú % ar bhrat na gcrann | Oidhreacht/ Bithéagsúlacht | Comhar trasrannach | Gairid | 1,3,4 |
| 3.13 | Láithreacha a shainaithint maidir le coillearnach dhúchasach ar scála mór agus coillearnach mheasctha ar scála mór agus spriocanna a leagan amach ó thaobh crainn dhúchasacha a chur agus a chothú i limistéir uirbeacha agus limistéir tuaithe. San áit ar féidir é, is cóir go ndéanfar claiseanna crainn a shnaidhmeadh leis an ndraenáil uisce dromchla chun tairbhí a chur ar fáil ó thaobh chaighdeán an uisce de." | Comhcheangailte | Suirbhé críochnaiithe, beartas glactha, líon na gcrann a chuirtear ar leibhéal an Cheantair Bhardasaigh, suirbhé ar ghabháil carbóin de bharr crainn a chur gach bliain, córas digiteach an taifeadta agus an fhaireacháin i bhfeidhm | Oidhreacht/ Bithéagsúlacht | Comhar trasrannach, buiséad | Gairid | 1,3,4 |
| 3.14 | Suirbhé ar Leaba Zostera (Féar Mara) i nDún Garbhán agus sa Trá Mhór agus ina dhiaidh clár caomhantais agus feasachta mar aon le faireachán leanúnach | Maolú | Suirbhé curtha i gcrích, limistéir leochaileacha sainaitheanta | Comhshaol/ Oidhreacht | Acmhainní, páirtithe leasmhara seachtracha | Gairid | 1,3,4 |
| 3.15 | Gnóthachain bhithéagsúlachta a chuimsiú, seachas gan ach cailliúint bhithéagsúlachta a íoslaghdú, sna Caighdeáin Bhainisteoireachta Forbartha | Maolú | Dul chun cinn ó thaobh rátaí na bithéagsúlachta de | Ranna uile na Comhairle | Acmhainní, oiliúint | Gairid | 1,3 |
| 3.16 | Sainaithint a dhéanamh ar láithreacha agus ar dheiseanna chun oibriú le gníomhaireachtaí agus pobail eile maidir le hathbhunú leibhéil an uisce agus bearta chun an 'sruth a mhoilliú' chun baol tuilte a mhaolú.[i] | Oiriúnú | Heicteáir talún cosanta | Oidhreacht/ Bithéagsúlacht | Páirtithe leasmhara seachtracha | Meánach | 1,3,4 |

## Oidhreacht Nádúrtha agus Bithéagsúlacht (ar leanúint)

| Gníomh # | Gníomh | Cineál an Ghnímh | Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF/KPI) | Roinn Cheannasaíochta | Spleáchais | Creat Ama | Sprioc GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3.17 | Seachadadh a dhéanamh ar mhéadú bliantúil ar an gcur i bhfeidhm den Bhonneagar Gorm-Glas, Réitigh Dhúlrabhúnaithe (RDB/NBS) agus Bainistiú Comhtháite Uisce Báistí i dtionscadail an údaráis áitiúil, chomh maith le tionscadail phríobháideacha agus tionscadail phoiblí. Bunachar sonraí agus léarscáil spásúil a thiomsú chun an dul chun cinn a rianú.[a] | Comhcheangailte | Eolas a bhailiú agus a chur i ngníomh i mbunachar sonraí<br>• Prótacal a fhorbairt chun RDB/NBS a chur i bhfeidhm ar thionscadail na Comhairle<br>• An fhoireann a oiliúint fé roghanna RDB/NBS eile<br>• Gné RDB/NBS a bheith ag gach tionscadal<br>• Sampla amháin ar a laghad (in aghaidh na bliana) den chleachtas is fearr i RDB/NBS chun rith chun srutha den uisce dromhchla a bhainistiú in áiteanna uirbeacha | Pleanáil/Bóithre | Comhar trasrannach | Fada | 1,3,4,5, |
| 3.18 | Tacú le seachadadh na dtionscadal cruthaitheach chun aghaidh a thabhairt ar an nGníomhú ar son na hAeráide agus ar an Díonacht ó thaobh na hAeráide de | Comhcheangailte | Tionscadail cabhraithe | Oidhreacht/ Bithéagsúlacht | Acmhainní, comhar trasrannach | Meánach | 4,5 |
| 3.19 | Plean straitéiseach bainisteoireachta na bhfalscaithe a ullmhú i gcomhair na limistéar ardphriacail[k] | Maolú | Plean bainisteoireachta ullmhaithe | Seirbhísí Dóiteáin | Páirtithe leasmhara seachtracha, comhar trasrannach | Gairid | 1,3 |
| 3.20 | Infheistíocht i spás glas méadaithe i limistéir uirbeacha, agus páirc de thábhacht réigiúnach i bPort Láirge san áireamh[l] | Comhcheangailte | % de spás glas ar fáil laistigh de limistéir uirbeacha | Aeráid/Pleanáil | Comhar trasrannach, acmhainní | Meánach | 1,3 |
| 3.21 | Tacú le bealach dúlra a fhorbairt thar roinnt áirithe pobal tuaithe i bPort Láirge | Maolú | # de bhealaí dúlra | Oidhreacht/ Bithéagsúlacht | Acmhainní, comhar trasrannach | Meánach | 1,3,4 |
| 3.22 | Gníomhú ar fhionnachtana na tuarascála cobhsúcháin um Chósta an Chopair[a] | Maolú | Pleananna cobhsúcháin na bhfaillte curtha i bhfeidhm | Comhshaol | Acmhainní | Meánach | 3 |
| 3.23 | Spriocanna an Dlí um Théarnamh an Dúlra a chur isteach nuair atáid curtha ar bun | Comhcheangailte | Spriocanna curtha i ngníomh | Comhshaol | Comhar trasrannach | | |

# Caighdeán Uisce

| Gníomh # | Gníomh | Cineál an Ghnímh - Maolú/ Oiriúnú/ Comhcheangailte | Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF/KPI) | Roinn Cheannasaíochta | Spleáchais | Creat Ama | Sprioc GÉAS/ DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3.24 | Feirmeacha a threorú i dtreo an chláir laghdúcháin astaíochtaí de chuid Teagasc ar Chuairteanna Cigireachta Feirme | Comhcheangailte | An glacadh leis sna feirmeacha | Uisce | Páirtithe leasmhara seachtracha | Meánach | 1,3,4 |
| 3.25 | Seachadadh a dhéanamh ar roinnt áirithe tionscadal cosanta uisce chun cosc a chur ar rith chun srutha na níotráití ó fheirmeacha | Maolú | # de thionscadail eiseamláireacha,<br># de sraitheanna straitéisí seachadta | Uisce | Páirtithe leasmhara seachtracha, comhar trasrannach | Meánach | 1,3,4 |
| 3.26 | Imscrúdú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil sé indéanta feamainn a úsáid cois cósta chun laghdú a dhéanamh ar mhéid na níotráití ag dul in aice fásraí Féir Mhara | Maolú | Staidéar imscrúdaitheach | Gníomhú ar son na hAeráide | Páirtithe leasmhara seachtracha, buiséad | Gairid | 1,3,4 |
| 3.27 | Tacú le clár um profáil aeráide ar mhaithe le hacmhainní nádúrtha uisce chun tuilte a bhainistiú ar leibhéal na habhantraí agus an clár san a mhúnlú. Trí chomhairle a chur ar fáil don phobal feirmeoireachta agus feachtais eolais a rith.[a] | Comhcheangailte | • Seachadadh an staidéir laistigh de 18 mí ón nglacadh leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide (PGA/CAP).<br>• Feidhmiú céimneach cláir tacaíochta chun na moltaí ón staidéar a bhaint amach | Uisce | Páirtithe leasmhara seachtracha, comhar trasrannach | Meánach | 1,3,4 |
| 3.28 | Méadú a dhéanamh ar líon na spásanna tréscaoilteacha sa Chontae . Deimhin a dhéanamh de go gcuimseofar an tréscaoilteacht i dtithíocht nua agus i sráid-dreacha nua (Réitigh Dhúlrabhunaithe agus Córais um Dhraenáil Uirbeach Inbhuanaithe) | Oiriúnú | % de spásanna tréscaoilteacha úsáidte | Pleanáil/<br>Bóithre/ Taisteal Gníomhach | Comhar trasrannach, oiliúint, acmhainní | Meánach | 1,3 |

## Caighdeán Uisce (ar leanúint)

| Gníomh # | Gníomh | Cineál an Ghnímh - Maolú/ Oiriúnú/ Comhcheangailte | Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF/KPI) | Roinn Cheannasaíochta | Spleáchais | Creat Ama | Sprioc GÉAS/ DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3.29 | An bháisteach mhéadaithe lena bheith curtha san áireamh ag céim deartha an fhoirgnimh agus an<br>t-uisce ón mbáisteach a bhailiú | Oiriúnú | Foirgnimh spriocdhírithe | Pleanáil | Comhar trasrannach, oiliúint, acmhainní | Gairid | 1,3 |
| 3.30 | Athbhreithniú a chur i gcrích ar Cheadúnais i gcás Scardadh Amach in Uiscí fé Alt 4 chun a shocrú an bhfuilid oiriúnach don fheidhm d'fhonn aghaidh a thabhairt ar phriacail thuartha de dheasca an athraithe aeráide amhail athraithe hidreolaíocha agus méaduithe ar theocht an uisce. | Comhcheangailte | # de cheadúnais atbhreithnithe,<br># de cheadúnais nuashonraithe | Uisce | Páirtithe leasmhara seachtracha, comhar trasrannach | Meánach | 1,3 |

### 4.4.4 Sprioc Straitéiseach 4: Díonacht agus Aistriú Cóir

## Cuspóir

Deis a thabhairt do mhuintir uile Phort Láirge ar pháirt a ghlacadh san aistriú go dtí geilleagar ísealcharbóin a spreagfaidh pobal, a fhorbróidh scileanna agus a thairbheoidh do ghnólachtaí áitiúla.

## Forbairt Gheilleagrach/Pobail

| Gníomh # | Gníomh | Cineál an Ghnímh | Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF/KPI) | Roinn Cheannasaíochta | Spleáchais | Creat Ama | Sprioc GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 4.1 | Próifíl Aeráide ar Thionscadail atá á maoiniú ag an bPobal (m.s. Bailte agus Sráidbhailte) (Scóráil Inbhuanaitheachta agus Athraithe Aeráide ar mheasúnacht an deontais)[a] | Comhcheangailte | Anailís mhargaidh ar infhaighteacht agus inacmhainneacht na n-earraí glasa, anailís láithreáin i dtaca le toilleadh an lóid leictrigh. Srutha tacaíochta do riarthóirí na ndeontas | Forbairt Gheilleagrach (Athghiniúint Tuaithe) | Comhar trasrannach | Gairid | 1,4 |
| 4.2 | Seachadadh a dhéanamh ar na Gníomhartha ar son na hAeráide sa LECP (Plean Áitiúil Geilleagair agus Pobail) | Comhcheangailte | Gníomhartha seachadta | Forbairt Gheilleagrach | Comhar trasrannach | Meánach | 1 |
| 4.3 | Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do phobail fuinnimh inbhuanaithe chun a bheith rannpháirteach sa ghníomhú ar son na haeráide ar leibhéal áitiúil trí sholáthar an chistiúcháin idirlinne do Mháistirphleananna Fuinnimh fén MOU tríd an gClár um Pobal Inbhuanaithe Fuinnimh den SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) | Comhcheangailte | # de mháistirphleananna fuinnimh dá dtugtar tacaíocht | Gníomhú ar son na hAeráide | Comhar trasrannach, páirtithe leasmhara seachtracha | Gairid | 1,4,5 |
| 4.4 | Gníomhartha ar son na hAeráide a chuimsiú i Seachtain na hOidhreachta, Seachtain na Bithéagsúlachta, Scoileanna Glasa agus An Oidhreacht sna Scoileanna (á rith ag an gComhairle Oidhreachta) | Comhcheangailte | Coigiltí costais agus an méid clódóireachta seachanta | Oidhreacht/ Gníomhú ar son na hAeráide | Comhar trasrannach | Gairid | 1,2,4 |
| 4.5 | Úsáid an Bhreosla In-athnuaite d'fhéilte. Athbhreithniú a dhéanamh ar inacmhainneacht na ngineadóirí HVO (Ola Phlandúil Hidreachóireáilte) ó sholáthraithe áitiúla. Athbhreithniú a dhéanamh ar an mbonneagar is gá chun cumhacht príomhlíonra power a chur isteach i gcomhair na bhféite sa todhchaí. | Maolú | # de phobail spriocdhírithe in aghaidh na bliana | Forbairt Gheilleagrach/ Féilte/ Cultúr | Acmhainní a bheith ar fáil, indéantacht, comhar trasrannach | Gairid | 2,4,5 |
| 4.6 | Plean oideachais/ rannpháirtíochta do ghnólachtaí fé iompar i lár na cathrach agus fén áirithiú do choisithe trí chás-staidéar a úsáid | Maolú | Méadracht ar choisithe, astaíochtaí coigilte | Pobail/ Forbairt Gheilleagrach | Páirtithe leasmhara seachtracha, comhar | Gairid | 1,4,5,6 |
| 4.7 | Plean oideachais/ rannpháirtíochta a fhorbairt i leith limistéar bithéagsúlachta/ pailneoirí do dhreamanna den phobal | Comhcheangailte | Acmhainní eolais ar líne ar líonraí na Comhairle<br>• Cúrsaí oiliúna/ seimineáir ghréasáin seachadta<br>• Nóta treorach a ullmhú don lucht eagair lena scaipeadh i dteannta na bhfoirmeacha iarratais ar dheontas | Pobail | Comhar trasrannach | Gairid | 1,3,4 |
| 4.8 | Tabhairt fé staidéar indéantachta ar mhodhanna iompair inbhuanaithe i bpleanáil iompair na bhféilte/ na n-imeachtaí | Maolú | Staidéar indéantachta curtha i gcrích | Forbairt Gheilleagrach / Féilte | Comhar trasrannach | Meánach | 1,2,4 |
| 4.9 | Critéir ghlasa a shainaithint chun saothar na n-ealaíontóirí agus saothar na ndíoltóirí a fháil, agus na critéir inbhuanaitheachta i dtaca le tairiscintí agus deontais (ISO 14001). | Maolú | Critéir sainaitheanta,<br># de thairiscintí glasa | Forbairt Gheilleagrach | Comhar trasrannach | Gairid | 2 |
| 4.10 | Leanúint de thacú le moil chianoibre agus de na moil sin a chur chun cinn | Maolú | # de mhoil lena dtacaítear | Forbairt Gheilleagrach | Comhar trasrannach | Gairid | 2 |

## Forbairt Gheilleagrach/Pobail (ar leanúint)

| Gníomh # | Gníomh | Cineál an Ghnímh | Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF/KPI) | Roinn Cheannasaíochta | Spleáchais | Creat Ama | Sprioc GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 4.11 | Sraith straitéisí a fhorbairt do phobail agus d'eagraíochtaí (SETU [Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt], LEO [Oifig Fiontair Áitiúil]) chun gníomhú aeráide a sheachadadh, tacú le hionadaithe inbhuanaitheachta san áit ar cuí sin. Liosta de ghníomhartha. | Comhcheangailte | An glacadh i measc an luchta gnó / rannpháirtíocht | Gníomhú ar son na hAeráide | Comhar trasrannach | Meánach | 1,4,5 |
| 4.12 | Tionscadal 'Port Láirge Ag Fás/*Growing Waterford*' a sheachadadh ar mhaithe le bia a shaothrú le scoileanna, leabharlanna, líonta tí (spleách ar mhaoiniú) | Maolú | Straitéis forbartha, an glacadh leis an straitéis | Gníomhú ar son na hAeráide | Comhar trasrannach | Gairid | 1 |
| 4.13 | Plean oideachais/ rannpháirtíochta a fhorbairt do ghnólachtaí ar an ngeilleagar ciorclach | Maolú | Plean rannpháirtíochta forbartha, an glacadh i measc an luchta gnó | Forbairt Gheilleagrach | Comhar trasrannach | Gairid | 5 |
| 4.14 | Breithniúcháin an ghníomhaithe ar son na haeráide a chuimsiú in imeachtaí. Úsáid na brandála láidre a chur i ngníomh i leith na dtionscadal ar astaíochtaí ísle | Comhcheangailte | Ionadaíocht ag na himeachtaí | Forbairt Gheilleagrach | Comhar trasrannach | Gairid | 4 |
| 4.15 | Cláir chistiúcháin a phrofáil ó thaobh na haeráide de – úsáid ábhar, dramhaíl agus an beartas ar earraí aonúsáide. | Comhcheangailte | Cláir curtha i ngníomh | Forbairt Gheilleagrach | Comhar trasrannach | Gairid | 5 |
| 4.16 | Imeachtaí a bheartú i dtaca leis na prionsabail fé 'chathair spraíúil', m.s. Iarnónta "Pobal Saor ó Ghluaisteán" ar an gCéadaoin nó ar laethanta féilte pobail. | Comhcheangailte | Sráideanna sainaitheanta, bonneagar curtha i ngníomh | Forbairt Gheilleagrach | Comhar trasrannach | Meánach | 4 |
| 4.17 | Tairseach iarratais ar líne i dtaca le Maoiniú do Phobail Phort Láirge | Maolú | Laghdú ar chlódóireacht agus ar úsáid an pháipéir | Pobail | Comhar trasrannach | Gairid | 4 |
| 4.18 | Méadú ar líon na ngairdíní pobail agus líon na dtionscadal um athbhunú na speiceas san fhiántas ar fhaichí agus ar spásanna fé chúram na Comhairle | Comhcheangailte | # de ghairdíní agus de thionscadail curtha i ngníomh | Pobail | Comhar trasrannach | Gairid | 4 |
| 4.19 | Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do phobail fuinnimh inbhuanaithe chun a bheith rannpháirteach sa ghníomhú ar son na haeráide ar leibhéal áitiúil trí sholáthar an chistiúcháin idirlinne do Mháistirphleanna Fuinnimh fén MOU tríd an gClár um Pobal Inbhuanaithe Fuinnimh den SEAI/ÚFIÉ (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) | Comhcheangailte | Pobail Rannpháirteacha | Gníomhú ar son na hAeráide | Comhar trasrannach | Gairid | 4 |
| 4.20 | Gealltanais um Theicneolaíocht Ghlas agus um Athrú Aeráide a chomhlíonadh fén gClár LEADER 2023 go 2027 | Maolú | Méid na dtionscadal, méid na n-éileamh agus méid an chaiteachais fé phríomhthéamaí an athraithe aeráide | Pobail | Comhar trasrannach | Fada | 1,2,4,5 |
| 4.21 | Seachadadh a dhéanamh ar an gCiste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide ina maoirsítear an seachadadh de suas le 30 tionscadal um ghníomhú ar son na haeráide ar fud an chontae | Comhcheangailte | Líon na dtionscadal rathúil | Gníomhú ar son na hAeráide | Comhar trasrannach | Fada | 1,4 |
| 4.22 | Clár Gnó Phort Láirge Atá Neodrach ó Thaobh an Charbóin de a sheachadadh le gnólachtaí ar fud an Chontae | Maolú | # de ghnólachtaí ag laghdú a gcuid astaíochtaí carbóin | Gníomhú ar son na hAeráide | Páirtithe leasmhara seachtracha, comhar trasrannach, acmhainní | Gairid | 1,5,6 |
| 4.23 | Clár Caomhnóirí Cósta a chur i bhfeidhm chun saincheisteanna áitiúla timpeallachta agus creimthe a thuairisciú don Chomhairle | Oiriúnú | Clár i bhfeidhm | Gníomhú ar son na hAeráide | Páirtithe leasmhara seachtracha, comhar trasrannach, resources | Meánach | 1,3 |

# Forbairt Gheilleagrach/Pobail

| Gníomh # | Gníomh | Cineál an Ghnímh | Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF/KPI) | Roinn Cheannasaíochta | Spleáchais | Creat Ama | Sprioc GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 4.24 | "Caiféanna ar son na hAeráide" fánaíochta a sheachadadh ar fud Phort Láirge inar féidir le daoine teacht chun an tAthrú Aeráide a phlé agus na deiseanna atá ina gcuid saoil ar fhuinneamh a choigilt, teacht ar dheontais srl. | Comhcheangailte | Líon na n-imeachtaí Caifé tionólta | Gníomhú ar son na hAeráide | Acmhainní | Gairid | 1,4,5 |
| 4.25 | Tacú le seachadadh na ngníomhartha gnó sa LECP (Plean Áitiúil Geilleagair agus Pobail) amhail an cruthú d'iomaíocht inbhuanaithe ghnó, tacaí le gnólachtaí ag aistriú go dtí an geilleagar glas agus comhar le fostóirí móra sa Chontae. | Comhcheangailte | Líon na ngnólachtaí rannpháirteacha | Gníomhú ar son na hAeráide | Comhar le comhlachtaí seachtracha | Meánach | 5 |
| 4.26 | Buíon Ghníomhaithe ar son na hAeráide a bheith i láthair ag féilte chun feasacht a mhúscailt ar shaincheisteanna agus ar dheiseanna ó thaobh na haeráide de | Comhcheangailte | Ionadaíocht ag na príomhfhéilte go léir | Gníomhú ar son na hAeráide | Acmhainní | Gairid | 1,4 |
| 4.27 | Freastal a dhéanamh ar inimircigh/teifigh de dheasca an athraithe aeráide atá díláithrithe mar gheall ar tharlúintí adhaimsire aeráide mar atá cinnte ag an roinn ábhartha rialtais | Oiriúnú | Is féidir le CCCPL/WCCC freagairt ar an riachtanas | Gníomhú ar son na hAeráide | Páirtithe leasmhara seachtracha, | Fada | 6 |
| 4.28 | Feachtais chun bia a bhíonn orgánach agus táirgthe san áit a chur chun cinn, lena n-áirítear oiliúint i ndíolacháin agus i margaíocht is cuí d'fheirmeoirí agus do dhíoltóirí i margaí na háite. An obair a dheineann GIY agus eagraíochtaí eile dá leithéid a aibhsiú | Maolú | Líon na bhfeachtas seachadta | Gníomhú ar son na hAeráide | Páirtithe leasmhara seachtracha, comhar trasrannach | Meánach | 1 |
| 4.29 | Staidéar indéantachta a ullmhú chun éascaíocht a dhéanamh do thionscadal um Díleáiteoir Anaeróbach Píolótach i gcomhar le páirtithe leasmhara eile (feirmeoirí, gnó talmhaíochta agus eile)[i] | Maolú | Staidéar seachadta | Gníomhú ar son na hAeráide | Páirtithe leasmhara seachtracha | Meánach | 5 |
| 4.30 | Léarscáil a chruthú ar WatMaps inar féidir suíomhanna an Ghníomhaithe ar son na hAeráide agus sonraí de thionscadail a bhreacadh agus inar féidir teacht a bheith ag an bpobal orthu san | Comhcheangailte | Léarscáileanna cruthaithe agus méid na rannpháirtíochta | Gníomhú ar son na hAeráide | Páirtithe leasmhara seachtracha, comhar trasrannach | Fada | 1,3 |
| 4.31 | Cumarsáidí Tráthrialta Aeráide a chruthú chun an pobal a thabhairt bord ar bhord leis an eolas is déanaí fé conas mar is féidir leo a gcion féin a dhéanamh ar mhaithe leis an nGníomhú ar son na hAeráide i bPort Láirge | Maolú | # d'eagraíochtaí ag glacadh páirte | Gníomhú ar son na hAeráide | Comhar trasrannach | Gairid | 4,5 |
| 4.32 | Arna threorú ag an Meamram Tuisceana a síníodh idir Cumann Lúthchleas Gael (CLG) agus Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CBCC/CCMA), i dtaca le hoibriú le chéile ar thionscadail um inbhuanaitheacht agus um ghníomhú ar son na haeráide, oibriú i gcomhar le Clár na gClubanna Glasa | Comhcheangailte | Roinn Cheannasaíochta san Údarás Áitiúil i bhfeidhm, Bailiú na samplaí de na cás-staidéir ar thionscadail lena dtacaíonn an tÚdarás Áitiúil (Bailiú bliantúil) | Gníomhú ar son na hAeráide | Páirtithe Leasmhara Seachtracha | Gairid | 3 |

## 4.4.5 Sprioc Straitéiseach 5: Inbhuanaitheacht agus Bainistiú ar Acmhainn

### Cuspóir

Deimhin a dhéanamh de go laghdófar, go mbainfear agus go n-athúsáidfear an dramhaíl a ghintear, trí bheartais agus nósanna imeachta éifeachtacha um bainistiú ar dhramhaíl a chur i ngníomh agus go n-aistreofar ó shamhail "tóg agus cruthaigh dramhaíl" i dtreo geilleagar níos inbhuanaithe agus níos ciorclaí chun tairbhí fadtréimhseacha sóisialta geilleagracha timpeallachta a chruthú.

### Dramhaíl

| Gníomh # | Gníomh | Cineál an Ghnímh - Oiriúnú/ Maolú/ Comhcheangailte | Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF/KPI) | Roinn Cheannasaíochta | Spleáchais | Creat Ama | Sprioc GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 5.1 | Feidhmiú um Gheilleagar Ciorclach ar Dhramhaíl Foirgníochta agus Scartála ag Láithreacha an Údaráis Áitiúla - agus deighilt, athúsáid agus athchúrsáil á bhfeabhsú | Maolú | % de Dhramhaíl Foirgníochta agus Scartála aisghafa | Comhshaol | Páirtithe leasmhara seachtracha, Comhar trasrannach, Oiliúint | Meánach | 1, 2 |
| 5.2 | Toirt na dramhaíola inti a laghdú fé 40% | Maolú | % de laghdú | Comhshaol | Comhar trasrannach | Meánach | 1,2 |
| 5.3 | Céatadán % a mhéadú de dhramhaíl bhardais a bhíonn athchúrsáilte ó fhoirgnimh bhardais in aghaidh na bliana | Maolú | % de mhéadú | Comhshaol | Comhar trasrannach | Meánach | 1,2 |
| 5.4 | Figiúirí clódóireachta a chur ar fáil don fhoireann chun feasacht a mhúscailt maidir le cur amú an pháipéir | Maolú | % de laghdú | Comhshaol | Páirtithe leasmhara seachtracha, buiséad | Gairid | 1 |
| 5.5 | Tobshiopaí "Deisigh agus Athúsáid" a éascú | Maolú | # d'imeachtaí in aghaidh na bliana | Geilleagar/ Leabharlanna | Buiséad | Meánach | 1, 4, 5 |
| 5.6 | Ríomhshínithe a chur i ngníomh i dtaca le foirmeacha chun páipéar a choigilt | Maolú | % de laghdú ar an gclódóireacht | Córais Faisnéise (IS) | Comhar trasrannach, buiséad | Gairid | 1,2 |
| 5.7 | Scairdeáin phoiblí uisce a chur i ngníomh ar fud na cathrach agus ar fud an chontae | Comhcheangailte | # de scairdeáin uisce | Comhshaol | Buiséadúchán, comhar trasrannach | Gairid | 1 |
| 5.8 | Dramhaíl ghlas na Comhairle le húsáid sa bhithgheilleagar | Maolú | Tonnaí de dhramhaíl ag dul chun bithghás a dhéanamh | Comhshaol | Comhar trasrannach, buiséad, páirtithe leasmhara seachtracha | Meánach | 1, 2 |

## Dramhaíl (ar leanúint)

| Gníomh # | Gníomh | Cineál an Ghnímh | Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF/KPI) | Roinn Cheannasaíochta | Spleáchais | Creat Ama | Sprioc GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 5.9 | Deimhin a dhéanamh de go gcloífear le prionsabail an Gheilleagair Chiorclaigh nuair a bheidh foirgnimh na Comhairle á ngléasadh agus á maisiú | Maolú | % de thionscadail na Comhairle ag úsáid na n-ábhar athshlánaithe | Tionscadail speisialta | Comhar trasrannach | Gairid | 1, 2, 5 |
| 5.10 | Feidhmiú céimneach scéim na mbraiteoirí "ionad fág anso" a fheabhsú | Comhcheangailte | # de thonnaí athchúrsáilte go cuí | Comhshaol | Acmhainní | Meánach | 1, 4 |
| 5.11 | Feachtais rannpháirtíochta dramhaíola a rith trí sheirbhísí na leabharlanna, lena n-áirítear imeachtaí mar mhalartáin leabharlainne síolta, malartuithe éadaí agus caiféanna deisiúcháin. | Maolú | Feachtais seachadta | Comhshaol | Buiséad, comhar trasrannach | Gairid | 1 |

## 4.4.5 Sprioc Straitéiseach 5: Inbhuanaitheacht agus Bainistiú ar Acmhainn

### Soláthar Poiblí Glas

| Gníomh # | Gníomh | Cineál an Ghnímh - Oiriúnú/ Maolú/ Comhcheangailte | Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF/KPI) | Roinn Cheannasaíochta | Spleáchais | Creat Ama | Sprioc GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 5.12 | Straitéis um "athbhútáil" den Soláthar Poiblí Glas (SPG/GPP) chun an SPG/GPP a shnaidhmeadh le cleachtais uile na Comhairle | Maolú | # den fhoireann ag a bhfuil tuiscint ar an SPG/GPP, méadracht oiliúna, anailís tairsí | Soláthar/Aeráid | Oiliúint, comhar trasrannach | Gairid | 1, 2 |
| 5.13 | Oiliúint "idirghníomhach" a sheiftiú i gcomhair na tairsí *E-tenders* chun a chinntiú go mbeidh an fhoireann ar fad a bheidh páirteach sa chóras tairiscintí ar a suaimhneas leis an dtairseach. | Maolú | # den fhoireann ag críochnú na hoiliúna | Soláthar/Aeráid | Oiliúint | Meánach | 1, 2 |
| 5.14 | Deimhin a dhéanamh de rannpháirtíocht an mhargaidh leis an SPG/GPP agus le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh (san áit ar féidir sin) | Maolú | # de ghlacadh ghnó na háite leis an SPG/GPP, Figiúirí laghdúcháin dramhaíola | Soláthar/Aeráid | Comhar trasrannach | Meánach | 1, 2 |
| 5.15 | Cruinnithe trasrannacha athfhillteacha a thabhairt isteach chun tuairisciú ar an ndul chun cinn maidir leis an SPG/GPP a chur i ngníomh trasna na Comhairle | Maolú | Aiseolas Rannach agus tuairiscí rite ar an SPG/GPP | Soláthar/Aeráid | Comhar trasrannach | Meánach | 1,2 |
| 5.16 | Oiliúint don Fhoireann i dtaca leis an Soláthar Poiblí Glas | Maolú | # den fhoireann ag úsáid an SPG/GPP go rialta | Soláthar/Aeráid | Oiliúint | Gairid | 1,2 |
| 5.17 | Leabhrán treorach ar an SPG/GPP a fhorbairt don fhoireann, is é sin treoir ar "cad is SPG ann" | | | | Comhar trasrannach | | 1,2 |



# 5. Cathair Phort Láirge - An Crios um Dhícharbónú



# 5.1 Achoimre ar Phróifíl Astaíochtaí Chrios Phort Láirge um Dhícharbónú

Ba sa bhliain 2021 a roghnaíodh Cathair Phort Láirge mar Chrios Phort Láirge um Dhícharbónú. Is é is Crios um Dhícharbónú ann ná limistéar atá roghnaithe chun gníomhú mar limistéar tástála i dtaca le raon beart maolúcháin aeráide, oiriúnúcháin aeráide agus bithéagsúlachta a chabhróidh le seachadadh an Chuspóra Náisiúnta Aeráide de laghdú 51% ar astaíochtaí na ngás ceaptha teasa fén mbliain 2030, i bhfianaise bonnlíne 2018.

Roghnaíodh Cathair Phort Láirge mar Chrios Phort Láirge um Dhícharbónú toisc gurb ann do láthair láidir taighde in Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU), bonn láidir gnó agus flúirse fiontar beag agus meánmhéide in aice na cathrach. Ina theannta san, tá roinnt mhaith foirgneamh agus spásanna á n-oibriú ag an gComhairle inar féidir bearta oiriúnúcháin agus maolúcháin a thriail. Tá ainmniúchán Chathair Phort Láirge mar an gCrios um Dhícharbónú de chuid an Chontae ag teacht le straitéis Phort Láirge 2040[1]inar dearbhaíodh go ndéanfaí de Chathair Phort Láirge áit tharraingteach inbhuanaithe chun cónaí inti, chun obair a dhéanamh inti agus chun gnó a dhéanamh inti.

In Aibreán na bliana 2021, d'fhoilsigh CCCPL/WCCC an Treochlár i dtaca le Port Láirge atá Neodrach ó thaobh an Charbóin de[2] agus leagadh amach roinnt gníomhartha a d'fhéadfadh éascaíocht a dhéanamh do laghduithe ar astaíochtaí fén mbliain 2040 agus bearta oiriúnúcháin aeráide a d'fhéadfadh gnólachtaí, líonta tí agus ár gcórais iompair a ghlacadh. Tógann an chaibidil seo den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide ar an dTreochlár san, agus a thuilleadh sonraí á gcur leis an miondealú ar astaíochtaí na cathrach agus a thuilleadh gníomhartha a fhéadann an t-aistriú a éascú go dtí cathair ísealcharbóin. Bhí gníomhartha agus cuspóirí na caibidle seo múnlaithe ag Fardal Astaíochtaí Bonnlíne (FAB/BEI) Sraith 3 i gcomhair na Cathrach a dhein Gníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt agus ar féidir teacht air in Aguisín D. Tá an bonnlíne bunaithe ar shonraí ón mbliain 2018 agus is léargas é ar an scéal sa bhliain úd maidir le hastaíochtaí na cathrach.

Aibhsítear an Crios um Dhícharbónú i bhFíor 17. Is é daonra an Chreasa so ná 48,216 áitreabhach (Daonáireamh na bliana 2016), agus tá mórán comhlachtaí na hearnála poiblí agus 2060 maoin ghnó lonnaithe ann. San iomlán, tagann 289 $ktCO_2eq$ (Cileathonna de Choibhéis Dé-Ocsaíde Carbóin) d'astaíochtaí carbóin as gníomhaíochtaí sa chathair gach bliain, agus is as breosla a dhóitear i gcomhair an iompair, i gcomhair an leictreachais agus i gcomhair an teasa í an chuid is mó de na hastaíochtaí.


Is í Cathair Phort Láirge an lárionad uirbeach is mó i réigiún an Oirdheisirt agus an cúigiú cathair is mó sa tír. Tá dáileadh an daonra laistigh de Chathair Phort Láirge ualaithe go mór go dtí Lár na Cathrach, an bruachbhaile istigh ó dheas, an t-oirdheisceart agus an taobh thuaidh den chathair.



Fíor 17. Léarscáil ar an gCrios um Dhícharbónú i gCathair Phort Láirge

Tá a lán fostaíochta i bPort Láirge lonnaithe i lárionaid fostaíochta mar Pháirc Ghnó an Údaráis Forbartha Tionscail (UFT/IDA), Ospidéal Ollscoile Phort Láirge agus Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU). Thairis sin, tá roinnt mhaith páirceanna tionscail éadroim agus asraonta miondíola taobh amuigh den bhaile mar Pháirc Mhiondíola Phort Láirge, Páirc Mhiondíola Mhóinéar an Rí agus Lárionad Gnó Thigh an Chnoic.


Is í an fhoinse astaíochtaí is mó sa chathair ná an tIompar, an dara foinse is mó ná na hastaíochtaí a eascraíonn as an dtéamh agus as úsáid an leictreachais in Earnáil na Tráchtála agus is é an tríú méid astaíochtaí is airde ná iad súd ón Earnáil Chónaithe, an chaoi a ndeinimid ár n-áiteanna cónaithe a théamh agus a chumhachtú.





Fíor 18. Miondealú ar Astaíochtaí sa Chrios um Dhícharbónú

1 https://waterford2040.com/
2 https://www.waterfordcouncil.ie/media/environment/Carbon%20Neutral%20Waterford%20-%20Roadmap%202040%20WEB.PDF

Is iad na hastaíochtaí a bhfuil CCCPL/WCCC freagrach go díreach astu ná 1.6% de na hastaíochtaí carbóin agus is í an Tithíocht Shóisialta atá á tógaint agus á ligint ar cíos ag an gComhairle is cúis le 3.6% d'astaíochtaí na cathrach. Is féidir miondealú ar astaíochtaí na Comhairle óna 38 bhfoirgneamh sa chathair, ón soilsiú sráide agus óna cabhlach feithiclí le feiscint thíos i MWH agus $tCO_2eq$.





Fíor 19. Úsáid fuinnimh CCCPL/WCCC i MWh sa chathair




Fíor 20. Astaíochtaí CCCPL/WCCC sa chathair

## 5.2 An Fhís i dtaca le Crios Chathair Phort Láirge um Dhícharbónú

Beidh Cathair Phort Láirge ar an gcéad chathair ísealcharbóin in Éirinn, agus réitigh nuálacha inbhuanaithe á gcur ar fáil aici do chónaitheoirí agus gnólachtaí araon maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh in-athnuaite, iompar agus úsáid éifeachtach na n-acmhainní chun deireadh a chur leis an ndiomailt. Le linn do Chathair Phort Láirge astaíochtaí a laghdú, raghaidh sí in oiriúint freisin d'aeráid chlaochlaitheach trí úsáid a bhaint as réitigh dhúlrabhunaithe a mhéadóidh an spás glas agus a chothóidh an bhithéagsúlacht sa chathair.



## 5.3 An Clár Deiseanna

Tá punann agus píblíne idirghabhálacha, tionscadal agus gníomhartha saothraithe trí fhreagairtí lena bhfuil bearta maolúcháin, oiriúnúcháin agus bithéagsúlachta áirithe. Déanfaidh so seachadadh ar spriocanna atá leagtha amach i dtaca le laghduithe ar fhuinneamh agus ar astaíochtaí.

Tugtar an Clár Deiseanna ar an bpunann so. Cé nach bhfuil costálacha i leith mórán de na gníomhartha atá sainaitheanta i gCuid 5.4 ar fáil go fóill, agus cé go bhforbrófar a thuilleadh sonraí de na tionscadail (m.s., Córas um Théamh Ceantair do Chathair Phort Láirge), tá an méid a bhainfear amach tríd an gCrios um Dhícharbónú sainaitheanta i dTábla 3.

Is cóir a thabhairt fé ndeara go gcloíonn na gníomhartha a liostaítear i bPlean Gníomhaithe an Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide le cur chuige creata ama. Cloíonn na gníomhartha leis na creata ama so a leanas:
Gearrthréimhseach – laistigh de bhliain Meántréimhseach – roimh 2027 Fadtréimhseach – roimh 2029

| Earnáil | FAB/BEI 2018 (kt$CO_2$eq) | Sprioc laghdúcháin 2030 (kt $CO_2$eq) | Sprioc laghdúcháin 2030 ó Spriocanna Náisiúnta (% den FAB/BEI 2018) | Laghdú Tuartha 2030 (kt $CO_2$eq) | Laghdú Tuartha 2030 (% den FAB/ BEI 2018) | Gníomhartha agus na boinn tuisceana san áireamh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Tráchtáil agus Tionscal | 82.1 | -36 | 45% i leith na tráchtála | -24.6 | 30% | Bunaítear an laghdú so ar mhéadú 30% ar an éifeachtúlacht fuinnimh trí iarfheistiú a dhéanamh ar fhoirgnimh tráchtála agus trí fhuinneamh in-athnuaite a mhéadú. |
| Iompar | 86 | -43 | 50% | -43 | 50% | Bunaítear an laghdú so ar sprioc 50% d'fheithiclí leictreacha (thart ar 14,000) a bhaint amach chomh maith le laghdú 10% ar astaíochtaí carbóin de bharr méadaithe ar an dTaisteal Gníomhach. Méadú 4% ar an gcarr-roinnt. |
| Earnáil Chónaithe | 63.1 | -25 | 40% | -25 | 40% | Bunaithe ar 100% d'fhoirgnimh chónaithe le rátáil RFF/BER D2 nó níos measa (thart ar 7,000) ag iarfheistiú go dtí RFF/BER B3 |
| Dramhaíl | 20.3 | -10 | 50% | -10 | 50% | Bunaithe ar dhramhaíl araide duibhe a laghdú fé 50% i ngach líon tí tríd an athchúrsáil agus an múiríniú a spreagadh. |
| Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge | 4.6 | -2.33 | 51% | -2.4 | 52% | Laghdú atá bunaithe ar laghdú 55% ar úsáid an fhuinnimh ó uasghráduithe ar an soilsiú, coigilt 40% ar astaíochtaí ó athsholáthar céimnithe na bhfeithiclí le veaineanna leictreacha nó bithbhreosla, feabhsú 40% ar éifeachtúlacht na bhfoirgneamh agus 1000 MWh dár gcuid leictreachais a bheith á soláthar ag foinsí in-athnuaite ar an láthair. |
| Tithíocht Shóisialta | 10.5 | -5.3 | 51% | -4.99 | 48% | Uasghrádú ar 183 áit chónaithe ó rátáil RFF/BER G go dtí B, uasghrádú ar 863 áit chónaithe ó rátáil RFF/BER E go dtí B agus uasghrádú ar 154 áit chónaithe ó rátáil RFF/BER D go dtí B. Rud a choigleoidh €1,500 ar an meán do chónaitheoirí sa bhliain.[1] |

Tábla 3: Spriocanna Astaíochtaí d'earnálacha éagsúla i gCathair Phort Láirge.

1 https://www.seai.ie/publications/Your-Guide-to-Building-Energy-Rating.pdf

# 5.4 Gníomhartha

## Réimse tosaíochta 1: Comhar idir na comhlachtaí a oibríonn laistigh den chathair.

Stiúrann CCCPL/WCCC 1.6% d'astaíochtaí i gCathair Phort Láirge go díreach trína cuid oibríochtaí. Tá tionchar mór ag an gComhairle i réimse an Iompair agus réimse na Tithíochta Sóisialta ar 33% sa bhreis d'astaíochtaí na cathrach agus is féidir tionscadail a chur ar bun le comhaontú an phobail chun an figiúr so a laghdú. Beidh an sprioc chéanna um laghdú ar astaíochtaí ag baint leis an Earnáil Phoiblí (6.5%) agus atá ag an CCCPL/WCCC. Ar deireadh, baineann an fuílleach 65% d'astaíochtaí sa chathair leis an Earnáil Chónaithe, le hEarnáil na Dramhaíola agus le hEarnáil na Tráchtála, réimsí ina bhfuil tionchar na Comhairle teoranta ach réimsí inarb ann do mhian go laghdófar na hastaíochtaí. Ós rud é go mbeidh na grúpaí seo go léir ag obair i dtreo spriocanna comhchosúla; i gcás na n-úinéirí tí chun airgead a choigilt, i gcás na ngnólachtaí chun clú inbhuanaithe a shaothrú agus i gcás chomhlachtaí na hearnála poiblí chun sprioc an rialtais a shroisint, luíonn sé le réasún gur cóir dúinn oibriú le chéile chun a thuilleadh a bhaint amach. Beigh gá le hoibriú i gcomhar le Comhairle Contae Chill Chainnigh freisin chun deimhin a dhéanamh de go bhfaighidh na saoránaigh a chónaíonn i limistéir na teorann contae na tairbhí iomlána a bhaineann lena bheith ag maireachtaint ar bheagán carbóin.

**Cuspóir**: Cur chuige comharsanachta a chruthú i leith an Ghníomhaithe ar son na hAeráide ina mbeidh a gcion á dhéanamh ag na baill go léir den phobal i gcomhpháirtíocht le CCCPL/WCCC ó thaobh sainaithint a dhéanamh ar dheiseanna ar an gcarbón a laghdú agus ar an tsláinte a fheabhsú, ó thaobh réitigh aeráide nua a thriail agus ó thaobh an Gníomhú ar son na hAeráide a chur chun cinn ina bpobal nó ina n-eagraíocht.

| Uimhir | Cur Síos ar an nGníomh | Oiriúnú/ Maolú | Tomhas PTF/KPI | Creat Ama | Roinn Cheannasaíochta | Comhpháirtithe | Spleáchais | Spriocanna GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| DZ 1.1 | Éascaíocht a dhéanamh do roinnt áirithe grúpaí sa chathair chun iad a spreagadh chun go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile d'fhonn spriocanna na cathrach a bhaint amach ó thaobh an dícharbónaithe de - Lárionad Bairr Feabhais - Áireofar leo so fostóirí móra, na Comhlachais Tráchtála, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU), Miondíoltóirí | Comhcheangailte | Líon grúpaí agus a rannpháirtíocht ghníomhach i gCláir Ghníomhaithe ar son na hAeráide | Gairid | Gníomhú ar son na hAeráide | Forbairt Gheilleagrach | Acmhainní, páirtithe leasmhara seachtracha | 1,5 |
| DZ 1.2 | An Gníomhú ar son na hAeráide a Chomhordú le Comhairle Contae Chill Chainnigh i ndáil le Port an Chalaidh | Comhcheangailte | # comhair thionscadail | Gairid | Gníomhú ar son na hAeráide | Comhairle Contae Chill Chainnigh | Comhar trasteorann na gcomhairlí, rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha | 1 |
| DZ 1.3 | Forbairt a dhéanamh ar Chlár Pobail atá Neodrach ó Thaobh an Charbóin de, ina gcuirimid comharchumann fuinnimh ar bun i bpobal píolótach agus ina soláthraímid fuinneamh in-athnuaite agus réitigh éifeachtúlachta fuinnimh d'áiteanna cónaithe agus don iompar[a] | Maolú | 1 phobal píolótach agus Dáileadh ar cheachtanna a fhoghlaimítear | Gairid | Gníomhú ar son na hAeráide | Gníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt, Tithíocht, Pobal, Taisteal Gníomhach | Acmhainní, rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha, comhar trasrannach | 1,4 |
| DZ 1.4 | Obair ar bhonn "ceantar ar cheantar" (Lár na Cathrach, Baile Bhricín, Carraig Phiarais, Poll an Bhiolair srl.) ar feadh roinnt áirithe míonna chun a bheith i láthair sa phobal d'fhonn comhairle a chur ar fáil don phobal agus do ghnólachtaí agus san am céanna tionscadail a sheachadadh sa Taisteal Gníomhach, Láithreoireacht, Bóithre, Oiriúnú don Athrú Aeráide, Tithíocht srl. Chun eolas a chur ar fáil fé na seirbhísí reatha agus chun dul i gcomhar leis an bpobal sa todhchaí d'fhonn tionscadail a fhorbairt agus maoiniú/cistiú a fháil. An plean i dtaca le Crios um Dhícharbónú a bhriseadh síos ina ghníomhartha soláimhsithe pobail.[a] | Comhcheangailte | 4 cinn de phleananna gníomhaithe limistéir seachadta agus tionscadail críochnaithe ó na pleanana san | Meánach | Gníomhú ar son na hAeráide | Bóithre, Pobal, Pleanáil, Comhlachais Tráchtála, Gníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt | Acmhainní, comhar trasrannach, rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha | 1,4,5 |

## Réimse tosaíochta 2: Oiriúnú don Aeráid

Is é an toradh a bheidh ar aeráid atá ag athrú ná tuilte méadaithe agus tonnta teasa. Déanfaidh Cathair Phort Láirge bearta chun iarmhairt na hadhaimsire a laghdú.

**Cuspóir:** Feidhm a bhaint as Réitigh Dhúlrabhunaithe chun iarmhairtí na hadhaimsire a laghdú, caighdeán an aeir a fheabhsú agus taitneamhacht a chur ar fáil do shaoránaigh.

| Uimhir | Cur Síos ar an nGníomh | Oiriúnú/ Maolú | Tomhas PTF/KPI | Creat Ama | Roinn Cheannasaíochta | Comhpháirtithe | Spleáchais | Spriocanna GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| DZ 2.1 | Córais um Dhraenáil Uirbeach Inbhuanaithe lena bheith snaidhmthe in uasghráduithe sráide, tionscadail foirgníochta na Comhairle agus forbairtí príobháideacha.[a] | Oiriúnú | Líon na dtionscadal nua ag a bhfuil Córais um Dhraenáil Uirbeach Inbhuanaithe | Meánach | Gníomhú ar son na hAeráide | Éiceolaíocht/Taisteal Gníomhach, tionscadail Speisialta/Bóithre/ Pleanáil | Oiliúint d'fhoireann uile na Comhairle i 2024 ar na Córais um Dhraenáil Uirbeach Inbhuanaithe | 1,3 |
| DZ 2.2 | Tionscadal na nGairdíní Báistí a sheachadadh - eolas a chur ar fáil don phobal fén gcaoi a ndeintear é[a] | Oiriúnú | 2 thionscadal críochnaithe | Meánach | Gníomhú ar son na hAeráide | Comhshaol | Acmhainní, rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha | 1,3,4 |
| DZ 2.3 | Oibriú le 4 réigiún sa chathair (m.s. Baile Bhricín, Carraig Phiarais) chun comhdhearadh a dhéanamh leis an bpobal ar idirghabhálacha um oiriúnú don athrú aeráide - plandú, Córais um Dhraenáil Uirbeach Inbhuanaithe, díonta glasa, uisce báistí a bhailiú srl. | Oiriúnú | Tionscadail chun Oiriúnú don Athrú Aeráide a sheachadadh i 4 limistéar den chathair | Meánach | Gníomhú ar son na hAeráide | Pobail | Acmhainní, rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha, comhar trasrannach<br><br>Maoiniú trí Thionscadal an Oileáin Chomhroinnte | 1,3,4 |
| DZ 2.4 | Clúdach cheannbhrat na gcrann a mhéadú go dtí 20.9% go haonfhoirmeach ar fud na cathrach. Cuirfear béim fé leith ar limistéir na cathrach a bhfuil clúdach teoranta crann acu fé láthair, limistéir ar dealraitheach go n-éireoidh siad róthe de dheasca na hIarmharta Teasoileáin Uirbigh. | Oiriúnú | Méadú ar cheannbhrat na gcrann i limistéir lár na cathrach | Fada | Comhshaol | | Acmhainní, comhar trasrannach | 1,3 |
| DZ 2.5 | Oibriú leis an mBuíon um Chur i Láthair chun sainaithint a dhéanamh ar mhodhanna nua plandúcháin a chuirfidh tréimhsí triomaigh san áireamh - béim fé leith ar bhláthchiseáin chrochta | Oiriúnú | Modhanna agus ábhair nua úsáidte | Gairid | Comhshaol | Gníomhú ar son na hAeráide | Oiliúint, comhar trasrannach, acmhainní | 1,3 |
| DZ 2.6 | Páirc de thábhacht réigiúnach a chur isteach, de réir mar atá i bPlean Forbartha an Chontae, agus Réitigh Dhúlrabhunaithe cuimsithe inti chun dóchúlacht na dtuilte a laghdú[a] | Oiriúnú | 1. Staidéar indéantachta 2. Cur i ngníomh | Fada | Pleanáil | Comhshaol | Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha, acmhainní, comhar trasrannach | 1,3 |
| DZ 2.7 | Bearta chun Oiriúnú don Athrú Aeráide lena bheith cuimsithe i ngach forbairt den Chomhairle san am le teacht - fánphíobáin níos mó, Córais um Dhraenáil Uirbeach Inbhuanaithe, Réitigh Dhúlrabhunaithe[a] | Oiriúnú | Gach tionscadal chun Breithniúcháin chun Oiriúnú don Athrú Aeráide a chuimsiú | Gairid | Pleanáil | Tithíocht/Tionscadail Speisialta/ Iarsmalanna | Oiliúint | 1,3 |
| DZ 2.8 | Dromchlaí tréscaoilteacha a chur i ngníomh (bithloig / leapacha báistí / pábháil thréscaoilteach) - ceanglas i bhforbairtí nua[a] | Oiriúnú | # d'fhorbairtí le hidirghabhálacha | Gairid | Pleanáil | Bóithre | Acmhainní, oiliúint | 1,3 |
| DZ 2.9 | Comórtas pobaill a chruthú i dtaca le Páircíní - limistéir is féidir a shíneadh ina láthair pháirceála a bhfuil plandaí curtha ann nó atá ina láthair scíthe | Oiriúnú | # de pháircíní | Meánach | Pobail | Gníomhú ar son na hAeráide | Acmhainní, oiliúint | 1,3,4 |
| DZ 2.10 | 100,000 crann a chur laistigh de limistéar na Cathrach | Oiriúnú | # de chrainn atá curtha, limistéir spriocdhírithe | Fada | Comhshaol | Gníomhú ar son na hAeráide | Acmhainní | 1,3 |
| DZ 2.11 | Ceapadh carbóin trí phlandú mionsonraithe crann / cluainte / fás, athbhunú speiceas san fhiántas, bainistiú ithreach, pleanáil na n-uiscebhealaí agus na mbogach, múnlaithe ag léarscáiliú na gnáthóige, léarscáiliú na deise agus suirbhéanna ar cheannbhrat na gcrann | Oiriúnú | Méadú ar spás glas | Meánach | Comhshaol | Bóithre/Pleanáil | Acmhainní, comhar trasrannach | 1,2,3 |
| DZ 2.12 | Úsáid na leasachán a laghdú trí mhéadú a chur ar úsáid an mhúirín a dheintear san áit agus ar shaothrú i ngarraí scóir san áit | Oiriúnú | Limistéir ina bhfuil deireadh curtha le húsáid na leasachán, méadú ar úsáid an mhúirín áitiúil | Gairid | Comhshaol | | Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha, comhar trasrannach | 2,4 |
| DZ 2.13 | Léarscáiliú na gnáthóige agus léarscáiliú na deise bithéagsúlachta chun deiseanna forbartha agus roghanna gnáthóige sa todhchaí a thuiscint maidir le líonra an spáis oscailte atá léirithe i bpleananna an spáis ghlais agus an spáis oscailte | Oiriúnú | Léarscáiliú forbartha, deiseanna sainaitheanta | Gairid | Comhshaol | Pleanáil - Éiceolaíocht | Comhar trasrannach, acmhainní | 1,3 |
| DZ 2.14 | Scáth a mhéadú sna spásanna poiblí (fásra, díonta in-aistarraingthe, struchtúr teanntachta, srl.) | Oiriúnú | Limistéir spriocdhírithe | Meánach | Pleanáil | Comhshaol | Acmhainní | 1,3 |

## Réimse tosaíochta 3: Bithéagsúlacht

**Cuspóir:** Raghaidh an dúlra, atá ag méadú laistigh den chathair, chun tairbhe do shaoránaigh agus cabhróidh sé leis an gcathair dul in oiriúint don aeráid atá ag athrú.

| Cur Síos ar an nGníomh | Oiriúnú/ Maolú | Tomhas PTF/KPI | Creat Ama | Roinn Cheannasaíochta | Comhpháirtithe | Spleáchais | Spriocanna GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bealach dúlra a fhorbairt trasna na cathrach - trí shealbhóirí tí a spreagadh chun a ngairdíní a úsáid chun éascaíocht a dhéanamh ar an bhfiadhúlra | Oiriúnú | An méid líonta tí i bPort Láirge a ghlacann páirt sa chlár dúlra | Meánach | Gníomhú ar son na hAeráide | Comhshaol | Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha, acmhainní, comhar trasrannach | 1,3,4 |
| Cleachtais a chuimsiú de réir mar atá molta ag an bPlean Náisiúnta Pailneoirí i mbainistiú pháirceanna na cathrach | Oiriúnú | % de pháirceanna a chuimsíonn na prionsabail | Gairid | Comhshaol | Pleanáil | Oiliúint | 1,3 |
| Plándú/bainistiú ar Bhuinneáin agus ar Bhláthanna Fiáine i gCúrsa Gailf Bhaile Liam | Oiriúnú | Achar an limistéir phlandaithe | Gairid | Pobail | Comhshaol | Acmhainní | 3 |

## Réimse tosaíochta 4: Fuinneamh

Is í úsáid an fhuinnimh i CCCPL/WCCC, san Earnáil Phoiblí, san Earnáil Chónaithe, sa Tithíocht Shóisialta agus in Earnáil na Tráchtála is cúis le 178kt$CO_2$eq, 61% de na hastaíochtaí sa chathair. Tá rátálacha RFF/BER D - E ag an gcuid is mó de na háiteanna cónaithe i bPort Láirge (71%), rud atá ag cur costais ar na húinéirí tí arb ionann é agus a dhá oiread go dtí a cheithre oiread níos mó i gcostais fuinnimh ná a gcomharsana a bhfuil rátáil B nó níos airde acu.

Má chuirtear feabhas ar an éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí agus i bhfoirgnimh phríobháideacha, cruthófar fuinneamh in-athnuaite áitiúil, laghdófar costais an fhuinnimh trasna na cathrach, cuirfear compord ar fáil agus laghdófar iarmhairtí na bochtaineachta fuinnimh.

**Cuspóir:** Éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i bhfoirgnimh na Comhairle agus i bhfoirgnimh phríobháideacha agus uasmhéadú a dhéanamh ar dheiseanna giniúna an fhuinnimh in-athnuaite sa chathair.

| Uimhir | Cur Síos ar an nGníomh | Oiriúnú/ Maolú | Tomhas PTF/KPI | Creat Ama | Roinn Cheannasaíochta | Comhpháirtithe | Spleáchais | Spriocanna GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| DZ 4.1 | Staidéar dróin a chur i gcrích ar gach spás dín atá oiriúnach do chumhacht fhótavoltach na gréine | Maolú | Staidéar curtha i gcrích | Gairid | Gníomhú ar son na hAeráide | Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt | Acmhainní | 1 |
| DZ 4.2 | Feabhsú éifeachtúlachta fuinnimh 50% a sheachadadh i bhfoirgnimh fé úinéireacht na Comhairle sa Chathair[a] | Maolú | Uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh curtha i gcrích | Fada | Gníomhú ar son na hAeráide | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ/SEAI) | Acmhainní | 1,2 |
| DZ 4.3 | Foirgnimh reatha na Comhairle a fheistiú le córas uathoibriúcháin agus rialúcháin foirgnimh roimh an 31 Mí na Nollag 2024 ina bhfuil an t-aschur rátaithe éifeachtach i dtaca le córais téimh, aerála agus | Maolú | Athbhreithniú ar fhoirgnimh atá déanta agus oibreacha atá críochnaithe | Meánach | Gníomhú ar son na hAeráide | Bainistiú Maoine | Acmhainní, oiliúint | 1,2 |
| DZ 4.4 | Oibriú le comhpháirtithe chun Córas um Théamh Ceantair a sheachadadh do Chathair Phort Láirge[a] | Maolú | Cnámh droma an chórais i bhfeidhm | Fada | Gníomhú ar son na hAeráide | Bóithre | Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha, acmhainní, comhar trasrannach | 1,2,3,6 |
| DZ 4.5 | Deimhin a dhéanamh de go mbeidh aon fhorbairt nua sa todhchaí ar aon bhealach ina bhfuil Téamh Ceantair ar fáil comhoiriúnach don Téamh Ceantair ag céim na pleanála | Maolú | Sonraíocht a fhoilsiú d'fhorbróirí agus í a áireamh le coinníollacha pleanála | Fada | Pleanáil | Gníomhú ar son na hAeráide | Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha, acmhainní | 1,2,3,6 |
| DZ 4.6 | Uasgrádú ar fhoirgnimh phoiblí go dtí RFF/BER (Rátáil Fuinnimh Foirgnimh) B[a] | Maolú | # d'fhoirgnimh phoiblí | Fada | Gníomhú ar son na hAeráide | Gach Roinn | Acmhainní | 1,2,3 |
| DZ 4.7 | Athbhreithniú a dhéanamh ar thalamh sa chathair atá fé úinéireacht na Comhairle chun críche oiriúnachta d'fhuinneamh gréine agus forbairt a dhéanamh ar thionscadail fuinnimh ghréine. An staidéar le déanamh i gcomhar le hOllscoil Teicneolaíochta an | Maolú | Tuarascáil críochnaithe agus MWh d'fhuinneamh fótavoltach na gréine suiteáilte - carrfoirt, foirgnimh agus feirm ghréine | Gairid | Bainistiú Maoine | | Acmhainní<br><br>Costas measta 6000 euro | 1,3,4 |
| DZ 4.8 | Fuinneamh na gréine a chur isteach i ngach foirgneamh de chuid na Comhairle ag a bhfuil achar urláir de mhéid is mó ná 250m2[a] | Maolú | m2 d'fhuinneamh gréine | Meánach | Gníomhú ar son na hAeráide | Gach Roinn | Acmhainní, comhar trasrannach | 1,2,3 |

## Réimse tosaíochta 4: Fuinneamh (ar leanúint)

| Uimhir | Cur Síos ar an nGníomh | Oiriúnú/ Maolú | Tomhas PTF/KPI | Creat Ama | Roinn Cheannasaíochta | Comhpháirtithe | Spleáchais | Spriocanna GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| DZ 4.9 | Soilse dé-óide astaithe solais (LED) a chur in áit na soilse sráide atá neamhéifeachtúil | Maolú | # de shoilse athsholáthartha | Gairid | Gníomhú ar son na hAeráide | | Acmhainní Leanúnacha trí PLEEP (Tionscadal Éifeachtúlachta Fuinnimh an tSoilsithe Phoiblí) | 1,2,3 |
| DZ 4.10 | Forbairt a dhéanamh ar Cheantar Cliste Cathrach ar Sráid Uí Chonaill agus ar na Céanna (láraithe ag Foirgneamh an "Munster Express") ina n-úsáidfear braiteoirí chun uasmhéadú a dhéanamh ar tháirgeadh fuinnimh, úsáid éifeachtúil fuinnimh, tuairisceoireacht ar bhaol tuilte ó | Comhcheangailte | # de bhraiteoirí curtha isteach, fuinneamh coigilte | Meánach | Tionscadail Speisialta | Gníomhú ar son na hAeráide | Acmhainní, comhar trasrannach<br><br>500k le foinsiú ó chistí an Aontais Eorpaigh | 1,2,3,4 |
| DZ 4.11 | Gach áit chónaithe nua a fhoirgniú go dtí RFF/BER (Rátáil Fuinnimh Foirgnimh) A2 - A3 | Maolú | # d'áiteanna cónaithe spriocdhírithe | Gairid | Tithíocht | | Acmhainní, comhar trasrannach | 1,3 |
| DZ 4.12 | Foirgnimh reatha a thabhairt suas tríd an Scéim "Croí Cónaithe" go dtí ardchaighdeán éifeachtúlachta fuinnimh chun a chinntiú go mbeidh na rátaí áitíochta i lár na cathrach ar leibhéal ard[a] | Maolú | # d'fhoirgnimh uasghrádaithe | Meánach | Tithíocht | | Acmhainní, rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha | 1,3,6 |
| DZ 4.13 | Téamh ó bhreoslaí iontaise a bhaint d'fhoirgnimh uile na Comhairle | Maolú | astaochtaí CO2 (dé-ocsaíde carbóin) coigilte | Gairid | Gníomhú ar son na hAeráide | Bainistiú Acmhainne | Acmhainní | 1,2 |
| DZ 4.14 | Straitéis a thiomsú i gcomhar leis an Oifig Fiontair Áitiúil chun an Tionscal Geoiteirmeach a fhorbairt i gCathair Phort Láirge chomh maith le staidéar indéantachta a dhéanamh i leith na cathrach de bhun mholtaí Shuirbhéireacht Gheolaíochta | Maolú | Straitéis saothraithe, staidéar indéantachta críochnaithe | Fada | Gníomhú ar son na hAeráide | Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ/LEO) | Comhar trasrannach | 1,5 |
| DZ 4.15 | Fiosrú a dhéanamh ar an acmhainneacht agus na foinsí maoiniúcháin chun forbairt a dhéanamh ar ár gcur chuige i dtreo na n-iarfheistiúchán neodrach inacmhainne ó thaobh fuinnimh de, ar bhonn na gceantar cathrach m.s. Baile Bhricín, Ard Caoin, | Maolú | Tuarscáil curtha ar fáil i gcomhair na gceantracha ábhartha | Meánach | Gníomhú ar son na hAeráide | Tithíocht | Comhar trasrannach, acmhainní, rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha | 1,3,6 |
| DZ 4.16 | An Straitéis maidir le Fuinneamh In-athnuaite a chur bord ar bhord leis an eolas is déanaí, laistigh den Phlean Forbartha Cathrach agus Contae | Maolú | Straitéis curtha bord ar bhord leis an eolas is déanaí | Gairid | Gníomhú ar son na hAeráide | Pleanáil | Comhar trasrannach | 1 |
| DZ 4.17 | Leanúint de thacú leis an bpobal i gcoitinne maidir le scéimeanna chun an bhochtaineacht bhreosla a mhaolú agus chun cabhair a thabhairt ó thaobh cur isteach ar scéimeannna maoinithe amhail an "Scéim | Maolú | Gníomhartha curtha i ngníomh, # líonta tí spriocdhírithe | Gairid | Gníomhú ar son na hAeráide | Leabharlanna | Comhar trasrannach, rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha, acmhainní | 1,6 |
| DZ 4.18 | Na Céanna Thuaidh lena bheith ina sampla eiseamláireach de theicneolaíochtaí inbhuanaithe fuinnimh. | Maolú | Teicneolaíochtaí curtha I bhfeidhm, astaíochtaí CO2 coigilte | Meánach | Tionscadail Speisialta | | Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha, acmhainní, comhar trasrannach | 1,2,3 |
| DZ 4.19 | "Straitéis Fuinnimh Hidrigine" a fhorbairt do Chathair Phort Láirge agus maoiniú a chur ar fáil chun an cur i ngníomh a dhéanamh de ghnéithe den Straitéis Náisiúnta is féidir a chur ar aghaidh i bPort Láirge | Maolú | Straitéis forbartha | Fada | Gníomhú ar son na hAeráide | | Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha | 1,2,3 |
| DZ 4.20 | Feidhm a bhaint as Deiseanna Geoiteirmeacha Éadoimhne Phort Láirge trí Fhuinneamh Geoiteirmeach a áireamh mar fhoinse teasa i dtaca le Téamh Ceantair agus trí Théamh Geoiteirmeach a áireamh le Téamh Ceantair más rud é go bhfuil sé | Maolú | Tionscadal Geoiteirmeach déanta agus curtha i ngníomh | Fada | Gníomhú ar son na hAeráide | Tionscadail Speisialta/Tithíocht | Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha, comhar trasrannach | 1,2,3,6 |
| DZ 4.21 | Tionscadail na gCarrfort Gréine a Fhorbairt (1MW) chomh maith le feirm ghréine laistigh den chathair (9MW) | Maolú | Fuinneamh in-athnuaite ginte | Meánach | Gníomhú ar son na hAeráide | Bóithre | Acmhainní, rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha | 1,3,4 |
| DZ 4.22 | Fiosrú a dhéanamh ar na ceanglais chun suiteáil ar scála mór a dhéanamh ar fhoinsí ísealcharbóin téimh (teaschaidéil foinse aeir/talún/uisce), trí úsáid a bhaint as áiteanna cónaithe atá fé úinéireacht na comhairle mar limistéar tástála i gcomhpháirtíocht le hoibritheoirí eangach agus slabhraí soláthair | Maolú | # d'áiteanna cónaithe spriocdhírithe, teicneolaíocht curtha i ngníomh | Meánach | Tithíocht | Gníomhú ar son na hAeráide | Acmhainní, rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha | 1,2,3,5,6 |

## Réimse tosaíochta 5: Feasacht ar an dTimpeallacht

Éileoidh Tionscnamh an Dícharbónaithe ar Chathair Phort Láirge cur chuige ar bhonn na sochaí ar fad. Is den bhunriachtanas é go mbeidh saoránaigh feasach ar cad is féidir leo a dhéanamh agus go dtabharfar aitheantas dóibh as a gcuid iarrachtaí.

**Cuspóir:** Deis a thabhairt do shaoránaigh uile Phort Láirge ar a gcion a dhéanamh ar mhaithe leis an aistriú go dtí cathair inbhuanaithe ísealcharbóin, agus ar thairbhe a bhaint as an aistriú san.

| Uimhir | Cur Síos ar an nGníomh | Oiriúnú/ Maolú | Tomhas PTF/KPI | Creat Ama | Roinn Cheannasaíochta | Comhpháirtithe | Spleáchais | Spriocanna GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| DZ 5.1 | Feachtas Bochtaineachta Fuinnimh a rith trí na Leabharlanna agus na Lárionaid Acmhainní Teaghlaigh chun líonta tí a chur ar an eolas féna gcuid roghanna ó thaobh na n-uasghrádúchán áite cónaithe de | Maolú | # d'iarratasóirí ar an Scéim Tithe Níos Teo | Gairid | Leabharlanna/Pobal | Gníomhú ar son na hAeráide | Acmhainní | 1,4,6 |
| DZ 5.2 | Óstáil a dhéanamh ar Chaiféanna Míosúla ar son na hAeráide i gcodanna éagsúla na cathrach ina bhféadfaidh an pobal comhairle a fháil ar an inbhuanaitheacht ina gcuid | Comhcheangailte | # de chaiféanna atá rannpháirteach, limistéir spriocdhírithe | Gairid | Gníomhú ar son na hAeráide | Cumarsáid/Pobail | Acmhainní, comhar trasrannach | 1,4,6 |
| DZ 5.3 | Comhdáil Bhliantúil Aeráide a thionól do Mheánscoileanna na Cathrach | Comhcheangailte | # de scoileanna gafa | Gairid | Gníomhú ar son na hAeráide | | Comhar trasrannach | 1,4 |
| DZ 5.4 | Forbairt a dhéanamh ar bhranda de Phort Láirge Neodrach ó Thaobh an Charbóin de is féidir a úsáid maidir le comharthaíocht d'aon tionscadal chun astaíochtaí a laghdú. Bhainfeadh an chomharthaíocht feidhm as cóid mhearfhreagartha (MF/QR) chun teangmháil le taifead ar líne de thionscadail san earnáil phoiblí, san earnáil phobail agus san earnáil phríobháideach. | Comhcheangailte | Limiistéir spriocdhírithe, tionscadal taifeadta | Gairid | Gníomhú ar son na hAeráide | Cumarsáid | Acmhainní, rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha | 1,4 |
| DZ 5.5 | Feachtas sábháilteachta bóithre atá dírithe go háirithe ar pháirceáil i gcosáin agus i lánaí rothaíochta i gcóngar scoileanna | Maolú | Feachtas curtha i ngníomh | Gairid | Bóithre/Páirceáil | Taisteal Gníomhach | Acmhainní | 1,4,6 |
| DZ 5.6 | Oibriú le Fallaí Phort Láirge agus feachtais ealaíon eile chun na healaíona a úsáid d'fhonn éascaíocht a dhéanamh ar an nGníomhú ar son na hAeráide | Comhcheangailte | Tionscadail curtha I ngníomh | Gairid | Gníomhú ar son na hAeráide | Cultúr | Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha | 3,4,5 |
| DZ 5.7 | An Tráchtáil do Phort Láirge Neodrach ó Thaobh an Charbóin de a chruthú agus a sheachadadh mar scéim ina bhféadfaidh gnólachtaí a gcion a dhéanamh chun astaíochtaí a laghdú i gCathair Phort Láirge | Maolú | # de ghnólachtaí gafa, astaíochtaí féideartha coigilte | Gairid | Gníomhú ar son na hAeráide | Forbairt Gheilleagrach | Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha, comhar trasrannach | 1,5 |
| DZ 5.8 | Leanúint de bheith gafa leis an lucht gnó ó thaobh iad a spreagadh chun fuinneamh a choigilt tríd an Scéim Lascaine Fuinnimh ar Rátaí Tráchtála | Maolú | # de ghnólachtaí sínithe suas | Gairid | Gníomhú ar son na hAeráide | Airgeadas | Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha, comhar trasrannach | 1,5 |
| DZ 5.9 | Scéim duaise i dtaca le hiompraíochtaí ar mhaithe leis an dtimpeallacht - Cluiche a dhéanamh de ghníomh i gcomhar le gnólachtaí/iarsmalanna i bPort Láirge | Maolú | Dreasúchán na scéime duaise | Meánach | Gníomhú ar son na hAeráide | Forbairt Gheilleagrach/ Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU) | Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha, comhar trasrannach | 1,2,4 |

## Réimse tosaíochta 6: Maoiniú

**Cuspóir:** Foghlaim ó chathracha eile agus sásraí nuálacha cistiúcháin a chur ar bun chun fónamh a bhaint as as na huasghrádúcháin ar an bhfuinneamh in-athnuaite agus ar an bhfuinneamh tithíochta.

| Uimhir | Cur Síos ar an nGníomh | Oiriúnú/ Maolú | Tomhas PTF/KPI | Creat Ama | Roinn Cheannasaíochta | Comhpháirtithe | Spleáchais | Spriocanna GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| DZ 6.1 | Imscrúdú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil sé indéanta Banna Glas a chruthú i gcomhair na cathrach ar féidir é a úsáid chun infheistíocht a dhéanamh san fhuinneamh in-athnuaite | Comhcheangailte | Banna forbartha, an glacadh leis an mbanna | Meánach | Gníomhú ar son na hAeráide | Airgeadas | Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha, comhar trasrannach | 1,4,5 |
| DZ 6.2 | Costáil thar shaolré iomlán ar an bhfuinneamh i dtionscadail athfhorbartha/foirgníochta na Comhairle | Comhcheangailte | LCC (Costáil thar shaolré) curtha i ngníomh agus # de thionscadail gafa leis an LCC | Meánach | Tithíocht/Tionscadail Speisialta | Pleanáil | Acmhainní, comhar trasrannach | 1,3 |

## Réimse tosaíochta 7: Tithíocht

Is ann do 3482 aonad tithíochta sóisialta sa Chrios um Dhícharbónú, tógadh beagnach 2500 aonad roimh an mbliain 2000 agus is féidir go mbeidh gá acu súd le huasghrádúcháin éifeachtúlachta fuinnimh. Tá tús curtha leis an obair agus leanfar de na huasghrádúcháin, fé réir cistí a bheith ar fáil, go dtí 2029 agus níos faide.

**Cuspóir**: Feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh na dtithe is sine sa soláthar tithíochta sóisialta de chuid CCCPL/WCCC.

| Uimhir | Cur Síos ar an nGníomh | Oiriúnú/ Maolú | Tomhas PTF/KPI | Creat Ama | Roinn Cheannasaíochta | Comhpháirtithe | Spleáchais | Spriocanna GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| DZ 7.1 | Staidéar a chur i gcrích ar Rátálacha Fuinnimh Foirgnimh (RFF/BER) sa tithíocht shóisialta ar fad | Maolú | Staidéar curtha i gcrích, tuairisc déanta ar rátálacha RFF/BER na tithíochta sóisialta | Gairid | Tithíocht | | Acmhainní, comhar trasrannach | 1,6 |
| DZ 7.2 | Feachtas oideachais ar conas mar a fheidhmíonn maoine a bhíonn tíosach ó thaobh na héifeachtúlachta fuinnimh de - físeáin agus treoracha | Maolú | Feachtas curtha i ingníomh | Meánach | Gníomhú ar son na hAeráide | Tithíocht | Comhar trasrannach, rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha, acmhainní | 4,5 |
| DZ 7.3 | Forbairt a dhéanamh ar ionstraimí airgeadais lena gceadófar go mbrostófar iarfheistiúcháin tithíochta sóisialta arb é an toradh leo ná uasgrádú ar 1,200 áit chónaithe (55% de na háiteanna cónaithe measta a bheith fé bhun RFF/BER C) sa chathair go dtí RFF/BER B2 nó níos airde | Maolú | Ionstraim forbartha, iarfheistiúcháin déanta | Meánach | Gníomhú ar son na hAeráide | Tithíocht/Airgeadas | Comhar trasrannach, acmhainní | 1,2,3 |
| DZ 7.4 | Forbairt a dhéanamh ar chomharsanacht phíolótach ina mbíonn na háiteanna cónaithe tíosach ar fhuinneamh, táirgiúil maidir le fuinneamh in-athnuaite, ceangailte d'iompar gníomhach agus inar dearadh an láthair chun gan a bheith ag cur le tuilte san áit mar cuimseofar inti Córais um Dhraenáil Uirbeach Inbhuanaithe | Maolú | Comharsanacht phíolótach sainaitheanta, gníomhartha curtha i ngníomh | Meánach | Gníomhú ar son na hAeráide | Pobail/Iompar Gníomhach | Comhar trasrannach, acmhainní, rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha | 1,2,3,4 |

## Réimse tosaíochta 8: Pleanáil

**Cuspóir:** Deimhin a dhéanamh de go ndearfar na forbairtí go léir sa chathair chun dul in oiriúint don Athrú Aeráide agus san am céanna freisin chun a gcion a dhéanamh ar mhaithe le saol inbhuanaithe ísealcharbóin do shaoránaigh.

| Uimhir | Cur Síos ar an nGníomh | Oiriúnú/ Maolú | Tomhas PTF/KPI | Creat Ama | Roinn Cheannasaíochta | Comhpháirtithe | Spleáchais | Spriocanna GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| DZ 8.1 | 15% de limistéar na láithreacha nua go léir a bheith curtha I leataobh i gcomhair an dúlra - coinníoll pleanála | Oiriúnú | % den sprioc sroiste | Gairid | Pleanáil | | Acmhainní, rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha | 1,3 |
| DZ 8.2 | Comhtháthú ar fhuinneamh in-athnuaite, luchtú feithicle leictrí (EV), bonneagar um thaisteal gníomhach isteach i bhforbairtí nua | Maolú | Forbairtí nua spriocdhírithe | Gairid | Tithíocht/Pleanáil | | Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha, comhar trasrannach, acmhainní | 1,2,3,6 |
| DZ 8.3 | I dtionscadail a mhaoinítear fén gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF), éascaíocht a dhéanamh ar phobal comhoibritheach lár na cathrach le tacar sainscileanna comhchoiteanna a fhéadfaidh tabhairt fé thionscadail athchóiriúcháin ó laistigh dá acmhainní féin. Ba chóir go ndíreofaí an obair seo ar an nGeilleagar Ciorclach, trí uirlisí agus scileanna a chur ar fáil do dhaoine d'fhonn go bhféadfaidís maoine a chóiriú chun cónaí iontu | Maolú | Comharchumann lár na cathrach curtha ar bun | Meánach | Tionscadail Speisialta | Pleanáil | Comhar trasrannach, rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha, acmhainní | 1,4,5 |
| DZ 8.4 | Caomhnú uisce a shnaidhmeadh i ngach forbairt nua | Oiriúnú | Lítir d'uisce caomhnaithe | Gairid | Pleanáil | Tionscadail Speisialta/Tithíocht | Oiliúint | |
| DZ 8.5 | Oibriú le pobail chun bailiú báistí a shnaidhmeadh isteach i dtionscadail | Oiriúnú | Lítir d'uisce caomhnaithe agus athúsáidte | Meánach | Pobail | Pleanáil | Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha, acmhainní oiliúna | |

## Réimse tosaíochta 9: Dramhaíl

Tagann 7% d'astaíochtaí Chathair Phort Láirge as Dramhaíl agus Fuíolluisce. Ní dheintear athchúrsáil ach ar 18% den dramhaíl tí agus 4% den dramhaíl tráchtála. Is iad so acmhainní a fhéadfar a athúsáid nó a athchúrsáil, rud a chuirfidh le saolré an ábhair, agus a chinnteoidh nach gá ábhair úrnua a úsáid.

**Cuspóir:** Is éard a bheidh i gCathair Phort Láirge ná áit a bhféadfar ábhair a fháil ar iasacht, a dheisiú, a athúsáid agus a athchúrsáil, áit a mbeidh an geilleagar ciorclach.

| Uimhir | Cur Síos ar an nGníomh | Oiriúnú/ Maolú | Tomhas PTF/KPI | Creat Ama | Roinn Cheannasaíochta | Comhpháirtithe | Spleáchais | Spriocanna GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| DZ 9.1 | Leabharlann na rothar a chur ar bun chun go mbeidh saoránaigh in ann triail a bhaint as rothair | Maolú | Leabharlanna curtha i ngníomh | Gairid | Taisteal Gníomhach | Gníomhú ar son na hAeráide | Acmhainní, rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha | 1,6 |
| DZ 9.2 | Feachtas Phort Láirge Atá Saor ó Dhramhaíl a chur ar bun chun a bheith i gcomhthráth leis an nDlí um Bainistiú Dramhaíola atá ag athrú. Oibreoidh an feachtas le gnólachtaí chun dramhaíl pháipéir, plaisteach aonúsáide, dramhaíl ó chupáin aonuaire, srl. a laghdú | Maolú | Líon na ngnólachtaí a bhfuil deireadh á chur acu leis an ndramhaíl óna gcuid oibríochtaí | Meánach | Comhshaol | Gníomhú ar son na hAeráide | Comhar trasrannach, acmhainní | 1,5 |
| DZ 9.3 | Boscaí iasachta (Borrowboxes) do threalamh spóirt | Maolú | Boscaí iasachta (Borrowboxes) curtha | Gairid | Port Láirge Sláintiúil (Healthy Waterford) | | Acmhainní | 6 |
| DZ 9.4 | imscrúdú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil sé indéanta Mol Deisiúcháin a chruthú i lár na cathrach | Maolú | Staidéar indéantachta | Meánach | Gníomhú ar son na hAeráide | Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ/LEO) /Comhshaol | Acmhainní, comhar trasrannach | 1,5 |
| DZ 9.5 | Leanúint d'éascaíocht a dhéanamh ar na "Leabharlanna rudaí" i leabharlanna na cathrach. | Maolú | Leathnú an tionscnaimh | Gairid | Leabharlanna | Comhshaol | Acmhainní | 1,6 |
| DZ 9.6 | Imeachtaí deisiúcháin agus malartúcháin a thionól gach bliain trí na leabharlanna | Maolú | Imeachtaí tionólta | Gairid | Leabharlanna | Comhshaol | Comhar trasrannach, rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha, acmhainní | 1,4,6 |
| DZ 9.7 | Feidhm a bhaint as spásanna poiblí i dtaca le tobshiopaí deisiúcháin i gcaitheamh na bliana | Maolú | Limistéir spriocdhírithe | Meánach | Gníomhú ar son na hAeráide | Comhshaol | Comhar trasrannach, rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha | 1,4,6 |

## Réimse tosaíochta 10: Iompar

Is ionann na hastaíochtaí a eascraíonn as an iompar agus an chuid is mó d'astaíochtaí na cathrach. Cuireann an trácht sa chathair costas ama ar dhaoine agus féadann sé dul i bhfeidhm ar a gcuid sláinte toisc go ndeineann cáithníní sa sceitheadh an truailliú aeir níos measa. Deineann daoine a bhíonn ag comaitéireacht ó chuid amháin go dtí cuid eile den chathair 70% de na turasanna maidine buaicuaire i bPort Láirge. Bíonn an 30% eile ag comaitéireacht ó lasmuigh de theorainneacha na cathrach. Ar bhonn náisiúnta, bíonn am taistil de 15 nóiméad nó níos lú ag duine as ceathrar comaitéirí. Is minic a bhíonn an turas so níos lú ná 5km ar a fhad agus d'fhéadfaí an turas ar fad nó cuid den turas a dhéanamh ar bhonn a bheadh ní ba inbhuanaithe trí úsáid a bhaint **as an iompar poiblí nó as bealaí rothar.**




Fíor 21.Modhanna iompair a úsáidtear i dtaca le turasanna laistigh de Chathair Phort Láirge (Foinse: An Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge)

**Cuspóir**: Bheith ina cathair ghníomhach shláintiúil ina mbíonn an truailliú aeir íseal agus ina gcuirtear roghanna líonmhara iompair ar fáil dá saoránaigh, rud a cheadaíonn do dhaoine dul go dtí a gceann scríbe go pras tráthúil.

| Uimhir | Cur Síos ar an nGníomh | Oiriúnú/ Maolú | Tomhas PTF/KPI | Creat Ama | Roinn Cheannasaíochta | Comhpháirtithe | Spleáchais | Spriocanna GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| DZ 10.1 | Críochnú an Droichid Iompair Inbhuanaithe idir Port an Chalaidh agus Cathair Phort Láirge | Maolú | Droichead críochnaithe, líon na siúlóirí ar an droichead | Fada | Tionscadail Speisialta | Bóithre | Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha, comhar trasrannach, comhar traschontae | 1,3,6 |
| DZ 10.2 | Tosaíocht na rothar a chumasú ar shoilse tráchta sa chathair a bhfuil an ghné sin acu agus an ghné sin a chur isteach sna soilse eile chomh luath agus a bheidh gá leis na soilse | Maolú | # de shoilse athraithe | Gairid | Bóithre | | Comhar trasrannach | 1,6 |
| DZ 10.3 | 33.9 Km de lánaí rothar a chur isteach[a] | Maolú | lánaí curtha isteach | Fada | Taisteal Gníomhach | Bóithre | Acmhainní | 3,6 |
| DZ 10.4 | Athbhreithniú a dhéanamh ar pháirceáil phoiblí agus ar pháirceáil foirne chun a fháil amach fén iarmhairt atá ag comhroinnt carranna, carr-roinnt, iompar poiblí agus taisteal gníomhach chun limistéir a shainaithint ina bhféadfaí a mhalairt d'úsáid a | Maolú | Athbhreithniú déanta | Gairid | Bóithre/Páirceáil | | Comhar trasrannach | 1,3,6 |
| DZ 10.5 | Tionscnamh páirceála rothar a sheachadadh le fostóirí móra sa Chathair | Maolú | Tionscnamh seachadta | Gairid | Taisteal Gníomhach | Forbairt Gheilleagrach | Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha, comhar trasrannach | 5,6 |
| DZ 10.6 | 3 Km de chosáin uasghrádaithe a chur isteach mar aon leis na cosáin reatha a chothú[a] | Maolú | Cosáin curtha isteach | Fada | Taisteal Gníomhach | Bóithre | Acmhainní | 3,6 |
| DZ 10.7 | Oibriú le fostóirí móra na Cathrach chun an Comhartha um Thaisteal Níos Cliste a bhaint amach agus chun páirrt a ghlacadh ann mar Chomhairle | Maolú | Líon na n-eagraíochtaí a bhaineann Bonn Óir, Airgid agus Cré-umha amach | Meánach | Gníomhú ar son na hAeráide | Forbairt Gheilleagrach | Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha, comhar trasrannach | 1,5,6 |
| DZ 10.8 | Ardán um Shoghluaiseacht mar Sheirbhís a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le hoibritheoirí iompair phoiblí agus soláthraithe seirbhísí na réiteach iompair comhroinnte amhail clubanna roinnte carranna agus rothair ar | Maolú | Ardán bunaithe | Fada | Bóithre | Gníomhú ar son na hAeráide | Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha, comhar trasrannach, acmhainní | 1,3,4,5,6 |
| DZ 10.9 | Oibriú le cuideachtaí poist agus seachadta chun triail "Seachadadh an Mhíle Dheireanaigh" a chur ar bun i bPort Láirge | Maolú | Triail rite, astaíochtaí CO2 coigilte | Meánach | Gníomhú ar son na hAeráide | Bóithre/Forbairt Gheilleagrach | Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha, comhar trasrannach, acmhainní | 4,5,6 |
| DZ 10.10 | Scéim na rothar poiblí a chothú agus a chur chun cinn - dul i gcomhairle leis an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI/NTA) fé leathnú na | Maolú | Scéim na rothar leathnaithe | Meánach | Taisteal Gníomhach | An tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI/NTA) | Comhar na bpáirtithe leasmhara seachtracha | 3,4,6 |
| DZ 10.11 | Seastáin deisiúcháin rothar a chur isteach i láithreacha gníomhacha rothaíochta | Maolú | Láithreacha spriocdhírithe | Meánach | Taisteal Gníomhach | | Acmhainní | 1,6 |
| DZ 10.12 | Méadú go dtí 50% a dhéanamh ar líon fhoireann na Comhairle atá ag siúl, ag rothaíocht, ag glacadh an iompair phoiblí agus ag déanamh na comhroinnte carranna | Maolú | % den sprioc sroiste | Meánach | Gníomhú ar son na hAeráide | Bóithre/Taisteal Gníomhach | Comhar trasrannach, oiliúint agus múscaillt feasachta | 1,2,6 |

# Réimse tosaíochta 10: Iompar (ar leanúint)

| Uimhir | Cur Síos ar an nGníomh | Oiriúnú/ Maolú | Tomhas PTF/KPI | Creat Ama | Roinn Cheannasaíochta | Comhpháirtithe | Spleáchais | Spriocanna GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| DZ 10.13 | Coigeartú a dhéanamh ar bheartas páirceála fhoireann na Comhairle d'fhonn an fhoireann a spreagadh chun taisteal go gníomhach, iompar poiblí a úsáid, carranna a chomhroinnt agus rothair chomhroinnte a | Maolú | Beartas coigeartaithe, méadú ar an dtaisteal gníomhach atá fairthe | Gairid | Bóithre | Gníomhú ar son na hAeráide | Comhar trasrannach | 1,2,6 |
| DZ 10.14 | Straitéis luchtúcháin Feithicle Leictrí (EV) a chríochnú agus iarratas a dhéanamh ar Chiste Luchtúcháin na Comharsanachta maidir le líon riachtanach na luchtairí agus deimhin a dhéanamh de go bhfolóidh na pleanálacha nua go léir i leith forbairtí an ceanglas atá sainordaithe de réir dlí maidir le luchtaire | Maolú | Straitéis críochnaithe, luchtairí curtha isteach | Gairid | Gníomhú ar son na hAeráide | Bóithre | Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha, comhar trasrannach | 1,2,4 |
| DZ 10.15 | Seachadadh a dhéanamh ar a laghad ar 5 Fheachtas um Bealaí Sábháilte chun na Scoile i Scoileanna na Cathrach - braithfidh sé seo ar an éileamh sna scoileanna[a] | Maolú | Bealaí seachadta | Fada | Taisteal Gníomhach | | | 4.6 |
| DZ 10.16 | Clár faireacháin ar an dtruailliú aeir ag Scoieanna na Cathrach le clár oideachais | Maolú | Clár seachadta, sonraí den chaighdeán aeir foilsithe | Meánach | Taisteal Gníomhach | Comhshaol | Acmhainní | 4 |
| DZ 10.17 | Athbhreithniú ar lánaí bus sa chathair agus leathnú mar chuid den chlár "Ceanglaíonn an Bus/Bus Connects" | Maolú | Líon na lánaí bus ag feidhmiú I gcaitheamh an lae | Meánach | Taisteal Gníomhach | Bóithre | Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha | 1,6 |
| DZ 10.18 | Aip chomhroinnte carranna a sheachadadh I gcomhair na Cathrach agus feachtas chun daoine a spreagadh chun comhroinnt carranna a dhéanamh - déanfar so i gcomhar leis na fostóirí móra sa chathair | Maolú | Suirbhéanna ar an bhfoireann mar chuid den Chlár um Thaisteal Níos Cliste | Meánach | Gníomhú ar son na hAeráide | Bóithre | Comhar trasrannach, acmhainní, rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha | 1,4,5,6 |
| DZ 10.19 | Páirceáil na Comhroinnte Carranna le sainaithint agus le marcáil laistigh de na carrchlóis - na saoránaigh a dheineann an chomhroinnt carranna, beidh teacht acu ar na spásanna is fearr sa charrchlós agus beidh maoir pháirceála in ann an chomhroinnt | Maolú | Spásanna athraithe, # de spásanna úsáidte gach seachtain | Meánach | Gníomhú ar son na hAeráide | Bóithre/Páiceáil | Comhar trasrannach, acmhainní | 1,4,6 |
| DZ 10.20 | Athbhreithniú ar bheartas páirceála chun a bheith ina scáil ar an dtairbhe a bhaintear as daoine a bheith ag comhroinnt carranna | Maolú | Beartas coigeartaithe, méadú ar an dtaisteal gníomhach fairthe | Meánach | Gníomhú ar son na hAeráide | Bóithre/Páiceáil | Comhar trasrannach, rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha | 1,6 |
| DZ 10.21 | Úsáidfear Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha i dtaca le hobair na Comhairle sa Chathair | Maolú | # d'fheithiclí in úsáid, astaíochtaí coigilte | Gairid | Gníomhú ar son na hAeráide | Iostaí | Acmhainní | 1,2 |
| DZ 10.22 | An teorainn luais a laghdú go dtí 30kmph i Limistéar na Cathrach mar atá sonraithe sa Straitéis Iompair do Limistéar | Maolú | Limistéir spriocdhírithe, leibhéil tráchta fairthe | Gairid | Bóithre | Taisteal Gníomhach | Comhaontú Polaitiúil | 1 |
| DZ 10.23 | Imscrúdú a dhéanamh ar Chriosanna ar Astaíochtaí Ísle i Lár na Cathrach agus Éileamh a Bhainistiú | Maolú | Crios curtha ar bun, méadracht ghaolmhar foilsithe | Meánach | Gníomhú ar son na hAeráide | Bóithre | Comhaontú Polaitiúil | 1 |
| DZ 10.24 | Feachtas in aghaidh an réchasta a rith i ngach bunscoil sa chathair, agus oideachas a chur ar fáil don phobal fé cé chomh díobhálach agus atá droch-chaighdeán an aeir do na páistí | Maolú | Feachtas seolta, réimse fairthe | Gairid | Taisteal Gníomhach | Bóithre/Páiceáil | Comhar trasrannach | 1,4,6 |
| DZ 10.25 | Moil iompair a chur ar bun ina bhféadfaidh saoránaigh rothar, gluaisteán nó scútar a fháil ar cíos[a] | Maolú | 20 mol - Maidir le gach gluaisteán is féidir a fháil ar iasacht, féadfaidh sé sin deireadh a chur leis an ngá le 18 gcinn de ghluaisteáin phríobháideacha | Meánach | Bóithre/Páiceáil | | Acmhainnní, comhar na bpáirtithe leasmhara seachtracha | 1,6 |

# Réimse tosaíochta 10: Iompar (ar leanúint)

| Uimhir | Cur Síos ar an nGníomh | Oiriúnú/ Maolú | Tomhas PTF/KPI | Creat Ama | Roinn Cheannasaíochta | Comhpháirtithe | Spleáchais | Spriocanna GÉAS/DECA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| DZ 10.26 | Treorú Spraíúil na Cathrach a chur chun cinn i measc na bpobal a chuireann iarratas isteach ar mhaoiniú i dtaca le himeachtaí pobail. Is éard a bheidh fé bhreithniú mar chuid den cheanglas maoiniúcháin i leith na bhféiltí beaga pobail ná sráideanna le bheith dúnta chun spreagadh a thabhairt don rothaíocht | Comhcheangailte | 3 Fhéile Phobail in aghaidh na bliana | Gairid | Gníomhú ar son na hAeráide | Bóithre/Port Láirge Sláintiúil | Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha, comhar trasrannach | 1,4,6 |
| DZ 10.27 | Rannpháirt Lár na Cathrach sa Lá Eorpach Saor ó Charranna agus i Lá an Aeir Ghlain (Sráideanna áirithe dúnta ar thrácht agus imeachtaí) | Maolú | # de thiomáinithe gafa leis an dtionscnamh, feabhsú ar chaighdeán an aeir dá bharr | Gairid | Bóithre | Gníomhú ar son na hAeráide | Comhar trasrannach, rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha | 1,4,6 |
| DZ 10.28 | Seachadadh ar Pháirceáil agus Taisteal[a] | Maolú | Coigiltí CO2 , glacadh leis an tseirbhís | Fada | Bóithre | Comhairle Contae Chilll Chainnigh | 1. Comhaontú Talún 2. Páiceáil agus Taisteal a Thógaint 3. Síneadh ar Sheirbhís an Bhus agus ar Rothair na Cathrach | 1,6 |
| DZ 10.29 | Gan cead isteach a bheith ach ag trácht d'acastóir áirithe sa chathair - síneadh ar an gcosc 5 acastóir go dtí aon rud os cionn 4 | Maolú | Cosc curtha i ngníomh, tairbhí taispeánta m.s. caighdeán an aeir, sruth an | Meánach | Bóithre | | Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha | 1 |
| DZ 10.30 | Leanúint de bheith ag obair leis an Údarás Náisiúnta Iompair (UNI/NTA) chun bonneagar a chur ar fáil do líonra na mbusanna - déanfar leictriúchán agus síneadh ar líonra bhusanna na cathrach | Maolú | Busanna leictrithe, tairbhí taispeánta | Meánach | Bóithre | | Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha | 1,3,4,6 |
| DZ 10.31 | Éascaíocht a dhéanamh ar thriail seachadta rothar sa chathair | Maolú | Triail rite, astaíochtaí CO2 coigilte | Meánach | Taisteal Gníomhach | Gníomhú ar son na hAeráide | Comhar trasrannach, acmhainní | 1,5,6 |

# Fo-nótaí

[a] ag féachaint go cuí d'íogaireachtaí timpeallachta amhail an bhithéagsúlacht, Láithreáin Eorpacha, an oidhreacht thógtha, na speicis chosanta, na timpeallachtaí bruachánacha, caighdeán an uisce, caighdeán an aeir, an taitneamhacht tírdhreacha agus radhairc, an oidhreacht chultúir agus na gabhdóirí daonna íogaire.

[b] agus san am céanna féachaint chuige go bhfoinseofar ar bhealach inbhuanaithe an fuinneamh/breosla a úsáidfear chun feithiclí malartacha an údaráis áitiúil a chumhachtú.

[c] agus san am céanna féachaint chuige go mbeidh cleachtais chuí bhainistiú dheireadh na ré i bhfeidhm i dtaca le Feithiclí Leictreacha fé úinéireacht na n-údarás áitiúil.

[d] féachaint chuige go ndéanfar na hoibreacha foirgníochta go léir ó thaobh Chórais um Dhraenáil Uirbeach Inbhuanaithe (CDUI/SUDS) a dhearadh agus a chur i ngníomh ar mhodh nach é an toradh air ná droch-éifeachtaí suntasacha timpeallachta.

[e] ag féachaint go hiomchuí d'íogaireachtaí timpeallachta amhail na sriantachtaí agus gnéithe tráchta agus iompair.

[f] ag féachaint go cuí don ghá le déanmhais chosanta a chaomhnú agus a chosaint go hiomchuí de réir na rialachán ábhartha ar dhéanmhais chosanta, agus don ghá le gan a bheith ag cur as d'aon speicis chosanta ná d'aon láithreáin Eorpacha.

[g] ag féachaint go cuí don ghá le gan a bheith ag cur as d'aon speicis chosanta a fhéadfaidh a bheith i bhfoirgnimh dá leithéid agus i láithreáin Eorpacha, agus don ghá le déanmhais chosanta a chaomhnú.

[h] ag féachaint go cuí do bhreithnithe timpeallachta agus pleanála

[i] cur chun cinn a dhéanamh - trí smacht a chur air nó trí thionchar a imirt air, de réir mar is cuí - ar chur i gcrích na forbartha lena dtacaíonn an gníomh so ar mhodh ina dtugtar aird chuí ar dheiseanna chun réitigh dhúlrabhunaithe agus Córais um Dhraenáil Inbhuanaithe a chur chun cinn, agus íogaireachtaí timpeallachta sna láithreacha so, lena n-áirítear caighdeán an uisce, an bhithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, na conairí bruachánacha agus an éiceolaíocht uisceach, an taitneamhacht radhairc agus an luach caithimh aimsire agus taitneamhachta.

[j] Cur chun cinn a dhéanamh - trí smacht a chur air nó trí thionchar a imirt air, de réir mar is cuí - ar chur i gcrích na forbartha lena dtacaíonn an gníomh so ar mhodh ina dtugtar aird chuí ar dheiseanna chun réitigh dhúlrabhunaithe agus Córais um Dhraenáil Inbhuanaithe a chur chun cinn, agus íogaireachtaí timpeallachta sna láithreacha so, lena n-áirítear caighdeán an uisce, an bhithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, na conairí bruachánacha agus an éiceolaíocht uisceach, an taitneamhacht radhairc agus an luach caithimh aimsire agus taitneamhachta.

[k] Lorgófar saineolas éiceolaíoch le linn ullmhú an phlean. Tabharfar aird chuí sa phlean ar an ngá le gnáthóga tábhachtacha a chosaint go hiomchuí.

# 6. Cur i nGníomh agus Tuairisceoireacht



## 6.1 Pleanáil don Chur i nGníomh

Déanfaidh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge an Dréachtphlean Gníomhaithe seo ar son na hAeráide a chur i ngníomh. Cé go n-éilíonn an plean cur chuige ar bhonn na Comhairle ar fad, sealbhaítear úinéireacht an Dréachtphlean laistigh de Stiúrthóireacht an Chomhshaoil.

Ba sa bhliain 2022 a bunaíodh Buíon Ghníomhaithe ar son na hAeráide i gComhairle Cathrach & Contae Phort Láirge. Is iad atá sa bhuíon ná Comhordaitheoir Gníomhaithe Aeráide, Innealtóir Fuinnimh, Oifigeach Aeráide is Céimí, Oifigeach Gníomhaithe Aeráide agus Oifigeach Gníomhaithe Aeráide Pobail. Is é cion feidhme na buíne ná an gníomhú ar son na haeráide a phríomhshruthú isteach i ngníomhaíochtaí Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, tionscadail um laghdú ar astaíochtaí a sheachadadh, faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ghníomhartha an Phlean Ghníomhaithe ar son na hAeráide agus comhordú a dhéanamh ar thuairisceoireacht an Phlean agus ar mheastóireacht an Phlean, tar éis don Phlean a bheith faofa ag na Baill Thofa.  Tacaíonn na buíonta leathana, na ranna agus na coistí trasna na heagraíochta leis an gCroí-Bhuíon Ghníomhaithe ar son na hAeráide. Is leis na buíonta leathana, na ranna agus na coistí sin atá an úinéireacht de ghníomhartha áirithe sa Phlean. Áirítear leo so na Ranna/Rannóga so a leanas – Comhshaol, Pleanáil, Bóithre, Pobail, Féilte, Leabharlanna, Acmhainní Daonna, Seirbhísí Corparáideacha, Iompar Gníomhach, IS (Córais Faisnéise), Oidhreacht & Caomhantas, Bithéagsúlacht, Uisce, Forbairt Gheilleagrach, Féilte, Cultúr. Ina theannta san is í an Chroí-Bhuíon Ghníomhaithe ar son na hAeráide a bheidh mar phointe teangmhála chun go bhfoghlaimeoidh an pobal fén ngníomhú ar son na haeráide sa Chontae.

Oibreoidh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge i gcomhar agus i gcomhpháirtíocht le raon na bpríomhpháirtithe leasmhara chun tacú le seachadadh an Phlean so. Cuimsíonn na páirtithe leasmhara iad so a leanas, ach nílid teoranta dóibh – na húdaráis áitiúla comharsanacha den Oifig Réigiúnach Thoir agus Lár Tíre um Ghníomhú ar son na hAeráide, Gníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt, An Grúpa Náisiúnta Oiliúna de Sheirbhísí na nÚdarás Áitiúil, Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre, An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach, Aoisbhá Éireann, ACT Phort Láirge agus Líonra Rannpháirtíochta Pobail Phort Láirge.  Féadfaidh na comhpháirtíochtaí seo deiseanna a sholáthar ar chomhar fé thionscadail, foghlaimí comhroinnte, tacaíocht theicniúil agus fónamh a bhaint as deiseanna cistiúcháin le linn chur i ngníomh na ngníomhartha sa Dréachtphlean.

Is léir freisin gur dúshlán trasteorann é an t-athrú aeráide; ní stadann sé ag teorainneacha polaitiúla ná teorainneacha tíreolaíocha. Dá réir sin, tacóidh na húdaráis áitiúla i bhfo-réigiún an Oirdheiscirt (Cill Chainnigh, Ceatharlach, Tiobraid Árann, Port Láirge agus Loch Garman) le cur chuige réigiúnach, ina bhféadfaidh siad oibriú go dlúth i gcomhar le chéile maidir le cur i ngníomh na bPleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Tar éis fhormheas an Phlean, forbrófar Plean um Chur i nGníomh i dtaca le gach gníomh, ina leagfar amach sonraí den chaoi a ndéanfar an gníomh a sheachadadh, lena n-áireofar taifead ar an roinn a bheidh freagrach agus ar na creataí ama a bhainfidh le hábhar. Cuirfidh Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge an uainiú inmheánach ar an dtuairisceoireacht um chur i ngníomh ó thaobh na n-eatramh de i gcomhréir le huainiú na gceanglas earnálach tuairisceoireachta ar an ndul chun cinn.

## 6.2 Maoiniú agus Comhpháirtíochtaí

Chun ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla agus chun spreagadh a thabhairt don aistriú go dtí sochaí atá neodrach ó thaobh na haeráide de, beidh gá ag Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge lena bheith in ann teacht ar a dhóthain cistiúcháin i gcomhair na dtionscadal gníomhaithe ar son na haeráide i dtaca le gnóthú a spriocanna i leith na mblianta 2030 agus 2050. Féadfaidh údaráis áitiúla teacht ar chineálacha éagsúla cistiúcháin amhail deontais ón Rialtas, cistí Eorpacha, infheistíocht ón earnáil phríobháideach agus cómhaoiniú ón bpobal.

Cé gur féidir go mbeidh glaonna spriocdhírithe cistiúcháin nua um ghníomhú ar son na haeráide ar fáil sa todhchaí, aithnítear go ndéanfaidh comhlachtaí seanbhunaithe cistiúcháin leibhéal na sruthanna cistiúcháin a thabhairt isteach nó a mhéadú do chatagóirí a bheidh dírithe ar an ngníomhú ar son na haeráide. Leanfaidh Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge de dhul sa tóir go gníomhach ar dheiseanna cistiúcháin reatha agus nua ó chomhlachtaí Náisiúnta agus ó chomhlachtaí Eorpacha araon atá ag teacht lena cuid cuspóirí gníomhaithe ar son na haeráide.

Tá fardal ar fhoinsí cistiúcháin ar fud na hearnála poiblí agus ar fud na hearnála príobháidí saothraithe ag Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide (ORGA/CARO) chun go n-úsáidfidh údaráis áitiúla agus dreamanna den phobal é. Tá na sruthanna cistiúcháin grúpáilte sna catagóirí seo a leanas:

- Maoiniú Taighde Tionscadail
- Maoiniú Forbartha Tionscadail
- Maoiniú Caipitil Tionscadail
- Foinse um Ghnóthachan Pobail, Maoiniú Daonchairdiúil and Maoiniú Corparáideach
- Seirbhísí agus Bunachair Shonraí an Mhaoinithe
- Maoiniú um Aistriú Cóir.

### An Ciste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide

Ar an 3 Feabhra, 2023, sheol an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Snáithe 1 den Chiste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide - Pobail Ísealcharbóin a Thógaint. Is é seo ciste €24 mhilliún d'údaráis áitiúla ar fud na tíre, chun pobail ísealcharbóin a thógaint agus chun tacaíocht a thabairt do na pobail sin. Is éard atá sa mhaoiniú so ná cuid den Chlár Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide, atá ag tacú le tionscadail agus tionscnaimh atá ag éascú an ghníomhaithe phobail ar son na haeráide trí oideachas, forbairt acmhainne agus ag foghlaim trína dhéanamh. Lamháladh €564,000 do Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge tríd an gciste seo, agus féadfar iarratais a dhéanamh ar chistiú do thionscadail phobail atá intofa fé na cúig cheannteideal so a leanas:

- Áit chónaithe/fuinneamh
- Taisteal
- Bia agus dramhaíl
- Siopadóireacht agus athchúrsáil
- Gníomhú áitiúil timpeallachta agus aeráide.

Déanfaidh an Chomhairle bainistiú ar chur i ngníomh an chiste seo thar ceann na Roinne Comhshaoill, Aeráide agus Cumarsáide. Tugtar liosta anso thíos de na Tionscadail eile um Ghníomhú ar son na hAeráide a fuair cistiú i bPort Láirge le déanaí:

### ACT Phort Láirge

ACT Phort Láirge is ea tionscadal arna chistiú ag Éire Idánach/ Creative Ireland agus a dearadh chun an gníomhú maidir leis an athrú aeráide i bPort Láirge a spreagadh, inar oibrigh Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU) agus a bhí maoinithe ag an gCiste Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Éire Idánach/ Creative Ireland. Trí ACT Phort Láirge, tá réitigh aeráide cíortha ag cúig phobal go dtí so agus tá a gcuid gníomhartha curtha in iúl trí dhul i gcomhar le heolaithe agus le healaíontóirí. Cuireadh béim sna tionscadail a deineadh go dáta fé ACT Phort Láirge orthu so a leanas:

- Tomhaltas agus athchúrsáil
- An chathair a ghlasú
- Iompar bruachbhailteach
- An bhithéagsúlacht
- Úsáid agus éifeachtúlacht an fhuinnimh

### An Teach Glas (The Greenhouse)

Is ann do thionscadal eile de chuid Éire Idánach/ Creative Ireland, is é sin an Teach Glas (The Greenhouse) san Amharclann Ríoga/ Theatre Royal arb éard atá ann ná imeacht amharclannaíochta atá láthair-fhreagúil agus idirghníomhach agus a bheidh ag bogadh leis tríd an bhfoirgneamh móraitheanta san i bPort Láirge d'fhonn bealaí a chíoradh chun lorg carbóin na hamharclainne a laghdú.



Fíor 22. Tionscadal idirghníomhach ealaíon i mBaile Bhricín

Is comhchodanna tábhachtacha freisin iad na comhpháirtíochtaí ó thaobh réitigh ísealcharbóin a chur i gcrích. Tá cion den obair á dhéanamh cheana ag an earnáil phríobháideach i dtreo ghnóthú an Chuspóra Náisiúnta Aeráide.

Is féidir leis an gcomhar idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach feabhas a chur ar na féidearthachtaí ó thaobh laghduithe 51% ar astaíochtaí na ngás ceaptha teasa in Éirinn a bhaint amach fén mbliain 2030 agus a bheith neodrach ó thaobh na haeráide de tráth nach déanaí ná an bhliain 2050. Féachfaidh Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge le fairsingiú a dhéanamh ar na caidrimh atá ann cheana leis an earnáil phríobháideach agus forbairt a dhéanamh ar chaidrimh nua chun a chinntiú go sroisfear na cuspóirí aeráide.

Ina theannta san, is ann do thairbhí i gcomhair earnáil an rialtais áitiúil ó thaobh comhpháirtíocht a dhéanamh le hearnáil an oideachais tríú leibhéal. Féadfaidh sé seo saineolas taighde agus forbartha a chur ar fáil chun cabhrú le húdaráis áitiúla réitigh nuálacha a chur i ngníomh d'fhonn astaíochtaí na ngás ceaptha teasa a laghdú agus dul in oiriúint don athrú aeráide. Tá comhpháirtíocht chruthaithe ag Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge cheana le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU) agus leanfar de bheith ag tógaint air seo i dtaca leis na hiarrachtaí ar an ngníomhú ar son na haeráide a chur i gcrích trasna na cathrach agus trasna an chontae. Ceadóidh an chomhpháirtíocht le SETU freisin don Chomhairle teacht ar sruthanna cistiúcháin sa bhreis trí chláir náisiúnta agus trí chláir an Aontais Eorpaigh.

## 6.3 Dul Chun Cinn a Rianú trí Phríomhtháscairí Feidhmíochta

Leanfar de rianú feidhmíochta Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ar sheachadadh na héifeachtúlachta fuinnimh agus ar sheachadadh na laghduithe ar astaíochtaí i ndáil le bonneagar agus sócmhainní na Comhairle, mar a fhorordaítear leis na dualgais náisiúnta maidir leis an aeráid, agus an rianú feidhmíochta á dhéanamh tríd an gCóras Faireacháin agus Tuairisceoireachta arna bhainistiú ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ/SEAI).

I dtaca le gníomhartha eile seachas an ceann so de, is é ceann de na bealaí tuairisceoireachta atá in úsáid ag Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge chun dul chun cinn a chur in iúl ar sheachadadh na ngníomhartha ná trí Phríomhtháscairí Feidhmíochta (PTF/KPI) na hEarnála. Múnlaíonn so feidhmíocht na hearnála rialtais áitiúil i dtaobh an ghníomhaithe ar son na haeráide.

Spreag an beartas neartaithe náisiúnta um ghníomhú ar son na haeráide freagairt agus tiomantas diongbháilte ar thaobh an rialtais áitiúil, mar earnáil. Tá an tiomantas so leagtha amach i straitéis fhoilsithe Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CBCC/CCMA) thar ceann an rialtais áitiúil dar teideal Gníomh Éifeachtach ar son na hAeráide á Sheachadadh 2030[1] (GÉAS/DECA 2021).

1 Foilsithe an 14 Aibreán 2021: Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach [CBCC/CCMA] (2021): Gníomh Éifeachtach ar son na hAeráide á Sheachadadh 2030: Straitéis na hearnála rialtais áitiúil chun seachadadh a dhéanamh ar an gCairt Ghníomhaithe ar son na hAeráide agus ar an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide. Baile Átha Cliath: An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil [GBRÁ/LGMA]. Le fáil ar líne ag: delivering-effective-climate-action-2030.pdf (lgma.ie)

Is toisc thábhachtach í an chuntasacht i gcomhair na hearnála rialtais áitiúil maidir leis an gcúram neartaithe fén ngníomhú ar son na haeráide, agus go háirithe ó thaobh a bheith in ann an dul chun cinn a rianú, a thomhas agus a thuairisciú i dtaca leis an ngníomhú éifeachtach ar son na haeráide ar leibhéal an údaráis áitiúil agus leibhéal na hearnála. Beidh a gcion suaithinseach le comhlíonadh go fóill ina thaobh so ag na Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTF/ KPI).

Bailíonn na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (ORGA/CARO) mar aon leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ/LGMA) sonraí ar bhonn bliantúil i ndáil le raon téamaí lena n-áirítear:

- Acmhainní gníomhaithe ar son na haeráide
- Oiliúint fén ngníomhú ar son na haeráide do bhaill foirne údaráis áitiúil agus do bhaill thofa údaráis áitiúil
- Gníomhartha seachadta
- Tacaíocht fiontair i réimse an ghníomhaithe ar son na haeráide
- Éifeachtúlacht fuinnimh
- Laghduithe ar astaíochtaí
- Bearta um thaisteal gníomhach
- Freagairt ar an nDrochaimsir Thromchúiseach

Leanfar de Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTF/ KPI) a chur leis, de réir mar a mheastar a bheith riachtanach san earnáil, agus soláthróidh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge eolas ábhartha de réir mar a cheanglófar, chun cabhrú ó thaobh dul chun cinn na hearnála rialtais áitiúil a aibhsiú maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide.

## 6.4 Ceanglais agus Socruithe Tuairisceoireachta

### Tuairisceoireacht ar an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023




Fíor 23. Sásraí tuairisceoireachta ar an ndul chun cinn sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide

### 6.4.1 Tuairisceoireacht Inmheánach

Tar éis fhormheas an Dréachtphlean Ghníomhaithe ar son na hAeráide, forbrófar Plean um Chur i nGníomh i dtaca le gach Gníomh, ina leagfar amach sonraí den chaoi a ndéanfaidh an Roinn Cheannasaíochta an Gníomh a sheachadadh. Déanfaidh an Bhuíon Ghníomhaithe ar son na hAeráide uainiú na n-eatramh tuairisceoireachta um chur i ngníomh inmheánach a chur i gcomhréir le huainiú na gceanglas tuairisceoireachta um dhul chun cinn na hearnála de réir na treorach breise ó ORGA/CARO fén bhfaireachán agus fén dtuairisceoireacht.

Chun deimhin a dhéanamh de sheachadadh tráthúil, déanfar faireachán ar chur i ngníomh an Dréachtphlean trí chóras rianúcháin intí. Thairis sin, is amhlaidh a dhéanfaidh an t-údarás áitiúil éascaíocht do thuairisceoireacht go dtí na baill thofa dhá uair sa bhliain tríd an gCoiste um Beartas Straitéiseach (CBS/SPC) agus tríd an gComhairle i gcoitinne.

### 6.4.2 Córas Faireacháin agus Tuairisceoireachta (F&T/ M&R) d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ/SEAI)

Is tríd an gcóras cruthaithe Faireacháin agus Tuairisceoireachta (F&T/M&R) arna bhainistiú ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ/SEAI) a rianaítear feidhmíocht na Comhairle féin i dtaca le seachadadh na héifeachtúlachta fuinnimh agus seachadadh na laghduithe astaíochtaí i ndáil le bonneagar agus sócmhainní na Comhairle.

### 6.4.3 Feidhmíocht Earnálach

Tuairisceoidh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ar bhonn bliantúil maidir lena cuid feidhmíochta ar an ngníomhú aeráide ar mhodh na bPríomhtháscairí Feidhmíochta (PTF/KPI) (mar a léirítear i gCuid 6.2) chun feidhmíocht na hearnála rialtais áitiúil ar an ngníomhú aeráide a mhúnlú, mar chuid den straitéis rialtais áitiúil GEAS/DECA 2030.

### 6.4.4 Plean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide

Is de réir cuid 3(w) den Chairt Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Údaráis Áitiúil a thuairisceoidh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ar bhonn bliantúil go dtí an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide fén ngníomhú aeráide ar leibhéal áitiúil mar chuid de sheachadadh an chuspóra náisiúnta aeráide. Is trí uirlis tuairisceoireachta arna saothrú ag ORGA/CARO a thuairisceofar an dul chun cinn a dhéanfar ar na gníomhartha go léir.

### 6.4.5 Cúnant na Méaraí

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ina sínitheoir ar Chúnant na Méaraí ar mhaithe le hAeráid agus Fuinneamh ón mbliain 2019. Dá réir sin, tá an Chomhairle tiomanta do chríochnú agus d'fhaireachán ar Phlean Gníomhaithe um Fhuinneamh Inbhuanaithe agus um Aeráid (PGFIA/SECAP).

Tá an Dréachtphlean so ar son na hAeráide ag freagairt anois do cheanglais an PGFIA/SECAP de chuid Chúnant na Méaraí agus ag tacú leis na ceanglais sin agus eiseofar aon fhaireachán mar chuid den Dréachtphlean so go dtí Cúnant na Méaraí freisin.

### 6.4.6 Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe



Fiíwor 24: Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe

Aithníodh sa Phlean Náisiúnta um Chur i nGníomh de na Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe (SFI/SDG) 2018-2020 go gcomhlíonann an rialtas áitiúil "cion ríthábhachtach feidhme ó thaobh beartais náisiúnta a aistriú ina ngníomhartha praiticiúla inláimhsithe a fhéadfaidh cabhrú le craiceann a chur ar na cuspóirí SFI/SDG sna hiompraíochtaí agus sna spriocanna a bhíonn againn féin agus a bhíonn ag ár bpobail." Beartaítear sa Dara Plean Náisiúnta um Chur i nGníomh de na Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe 2022-2024 go dtógfar ar chion feidhme an rialtais áitiúil in Éirinn agus cuimsítear ann gníomhartha sonracha chun na críche, lena n-áirítear:

- a Cuir i láthair, comhroinnt agus tógaint ar thionscaimh reatha
- b Forbairt acmhainne agus múscailt feasachta
- c Na SFI/SDG a neadú sa Rialachas agus i gcreata tuairisceoireachta
- d Na SFI/SDG a chuimsiú laistigh de na creata áitiúla pleanála
- e Rannpháirtíocht an Phobail

Ina theannta san, aithnítear na húdaráis áitiúla mar cheann de na naoi gcinn de "Mhórghrúpaí" in Agenda 2030, a chomhlíonann cion ríthábhachtach feidhme san fhorbairt inbhuanaithe agus cuirtear béim in Agenda 2030 freisin ar chion sonrach feidhme na n-údarás áitiúil agus na bpobal áitiúil san fhorbairt uirbeach inbhuanaithe.

Comhairle Cathrach
& Contae Phort Láirge
Waterford City
& County Council

# Gníomhú ar son na hAeráide

Port Láirge
Níos Cliste, Níos Glaise